



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Ag Ullmhú do Dheireadh na hIdirthréimhse

Plean Gnímh don Ullmhacht i
gcomhair Breatimeacht

Meán Fómhair 2020



Rialtas na hÉireann

Ag Ullmhú do Dheireadh na hIdirthréimhse

Plean Gnímh don Ullmhacht i gcomhair Breatimeacht

Meán Fómhair 2020

Clár an Ábhair

| | |
|--|----------|
| Réamhrá | 1 |
| 1. Beartais Ullmhachta ag Leibhéal an Rialtais | 11 |
| 1.1. Beartais Eacnamúla agus Buiséid | 11 |
| 1.2. Cumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara | 13 |
| 1.3. Tacaíochtaí Gnó | 14 |
| 1.4. Bonneagar ag Calafóirt agus ag Aerfoirt | 18 |
| 1.4.1. Sreabhadh Barrmhaith na Trádála a Chinntiú | 20 |
| 1.4.2. Bainistiú Tráchtá – Baile Átha Cliath | 21 |
| 1.4.3. Sreabhadh Paisinéirí trí Chalafóirt agus Aerfoirt na hÉireann | 21 |
| 1.5. Reachtaíocht | 22 |
| 1.6. Ullmhacht Breatimeachta an AE agus Pleanáil Theagmhasach | 24 |
| 1.6.1. Fógraí Ullmhachta an AE | 25 |
| 1.6.2. Beartais Theagmhasacha an AE | 25 |
| 2. Trádáil Earraí | 27 |
| 2.1. Trádáil Earraí | 27 |
| 2.1.1. Próisis Custam maidir le hallmhairithe ón mBreatain Mhór agus onnmhairithe chuici | 27 |
| 2.1.2. An Slabhra Soláthair agus Foinse Earraí | 28 |
| 2.1.3. Dleacht Allmhairithe (Dleacht Custam, CBL agus Máil) | 29 |
| 2.1.4. Lóistíocht | 30 |
| 2.1.5. Creidiúnú Margaidh Aonair AE, Deimhniúcháin agus Forbhreathnú Margaidh le haghaidh Earraí/Táirgí | 30 |
| 2.1.6. Seirbhís Rolladh ann/Rolladh as Custam | 31 |
| 2.1.7. Allmhairiú nó Onnmhairiú a dhéanamh ar Ainmhithe, Plandaí, agus Táirgí ar de bhunadh Ainmhíoch iad nó nach de bhunadh Ainmhíoch iad | 32 |

| | | |
|--------|---|----|
| 2.1.8. | Dearbhuithe agus Rialuithe nua na RA | 33 |
| 2.1.9. | Trádáil Earraí - Gníomhartha | 33 |
| 2.2. | Droichead Talún na RA | 37 |
| 2.3. | Agraibhia agus Iascaigh | 39 |
| 2.3.1. | Capaill/Eachaithe a Bhogadh | 42 |
| 2.3.2. | Gluaiseacht neamhthráchtála peataí | 44 |
| 2.3.3. | Soláthar Táirgí Cógais don Tréidliacht (VMP) | 45 |
| 2.4. | Trádáil Mhiondíola (lena n-áirítear Miondíol ar Líne) | 46 |
| 2.5. | Soláthar Cógas agus Uirlisí Leighis | 48 |
| 3. | Nascacht, Iompar & Taisteal | 52 |
| 3.1. | Nascacht | 52 |
| 3.1.1. | Eitlíocht | 52 |
| 3.1.2. | Iarnród | 54 |
| 3.1.3. | Bóthar | 54 |
| 3.1.4. | Nascacht Mhuirí | 56 |
| 3.2. | Ceanglais maidir le ceadúnas tiomána agus árachas | 57 |
| 3.3. | Fánaíocht | 59 |
| 4. | Trádáil i Seirbhísí | 60 |
| 4.1. | Trádáil i Seirbhísí | 60 |
| 4.2. | Seirbhísí Airgeadais | 60 |
| 4.3. | Fuinneamh | 62 |
| 4.4. | Aitheantas do Cháilíochtaí Gairmiúla | 63 |
| 4.5. | Soláthar Poiblí | 64 |
| 5. | Saincheisteanna Earnála Eile | 65 |
| 5.1. | Comhoibriú Breithiúnach agus Forfheidhmithe Dlí | 65 |
| 5.2. | Sonraí Pearsanta a Aistriú | 67 |
| 6. | Caidreamh Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar | 69 |

| | | |
|------|--|----|
| 6.1. | Tuaisceart Éireann agus cur i bhfeidhm an Phrótacail | 69 |
| 6.2. | Comhlimistéar Taistil | 71 |
| 6.3. | Caidreamh Thoir-Thiar | 73 |
| | Giorrúcháin | 74 |

Réamhrá

Tá an Plean Gnímh seo don Ullmhacht i gcomhair Breatimeacht mar thaca leis na hullmhúchain is riachtanach do na hathruithe móra buana a bhainfidh le deireadh na hidirthréimhse i gceann níos lú ná ceithre mhí, ar an 31 Nollaig 2020. Tarraingíonn sé cuid mhór ar na Pleananna Teagmhasacha i gcomhair Breatimeacht atá ag an Rialtas Nollaig 2018 agus Iúil 2019.

D'imigh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach ar an 1 Feabhra 2020 tar éis don dá thaobh Comhaontú um Tharraingt Siar a dhéanamh a éascaíonn imeacht ordúil. Laistigh den Chomhaontú um Tharraingt Siar tá Prótacal um Éirinn agus Thuaisceart Éireann a thugann cosaint don phróiseas síochána agus seachnaíonn teorainn chrua ar oileán na hÉireann, agus caomhnaítear ann iontaofacht Aontas Custam agus Margadh Aonair an AE agus áit na hÉireann sna socruithe sin. Beag beann ar an toradh a bheadh ar an gcomhphlé faoin gcaidreamh amach anseo, beidh feidhm leis na forálacha sa Chomhaontú Um Tharraingt Siar agus sa Phrótacal. Leanfar den Chomhlimistéar Taistil idir Éirinn agus an RA mar atá sé ar obair faoi láthair. Beidh saoránaigh an dá thír ábalta cónaí, obair, staidéar a dhéanamh sa tír eile go fóill, agus beidh teacht acu ar theidlíochtaí agus ar sheirbhísí sa tír sin.

Déanann an Comhaontú Um Tharraingt Siar foráil freisin maidir le hidirthréimhse. Is é an rún atá ag an idirthréimhse am a chur ar fáil do riaracháin náisiúnta, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh ullmhúchán a dhéanamh do na hathruithe a bheidh ann go cinnte ón 1 Eanáir 2021. Ón am sin ar aghaidh, beidh an RA lasmuigh de Mhargadh Aonair agus d'Aontas Custam an AE, agus ní bheidh sí faoi cheangal ag dlí an AE a thuilleadh. Beidh athrú suntasach ann maidir leis an gcaoi a mbeidh an tAE agus an RA i dteagmháil amach anseo.

Faoi láthair, tá comhphlé ar siúl idir an tAE agus an RA faoi chomhaontú i dtaca le páirtnéireacht amach anseo. Tá an tAE ag tabhairt faoin gcomhphlé leis an Ráiteas Polaitiúil mar bhunús, arna shíniú ag an AE agus an RA i nDeireadh Fómhair 2019. Leag an Ráiteas sin amach na paraiméadair i dtaca le 'caidreamh uailmhianach, leathan, domhain, solúbtha thar an trádáil agus an comhoibriú eacnamúil agus Comhaontú Saor-Thrádála (FTA) mar chroí aige'. Ar na saincheisteanna a pléadh sa Ráiteas Polaitiúil tá an gá le cothroime lena chinntiú go mbeidh iomaíocht oscailte chothrom ann agus nach mbeidh buntáiste neamhiomaíoch ag gnólachtaí trí laghdú a dhéanamh ar chosaint oibríthe agus na timpeallachta – cuid thábhachtach d'aon mhargadh i ngeall ar chomh hidirnasctha agus chomh gar dá chéile atá geilleagair an AE agus na RA.

Go nuige seo, tá seacht mbabhta den chomhphlé foirmiúil déanta ag an AE agus an RA agus is beag an dul chun cinn atá déanta. I bhfianaise an dul chun cinn theoranta seo, shocraigh an Rialtas ar an 29 Bealtaine 2020 dlús a chur lena chuid oibre ar ullmhacht ar bhonn dhá chás éagsúla: (i) **FTA teoranta** (iascaigh san áireamh), nó, (ii) **Breatimeacht chrua a fhágfaidh an tAE agus an RA ag trádáil ar théarmaí WTO**. Ainneoin go dtacaíonn Éire i

gcónaí leis an gcaidreamh is gaire is féidir idir an RA agus an AE, is cúramach an mhaise dúinn tabhairt faoin ullmhacht ar an mbonn seo. Gan againn ach ceithre mhí go deireadh an aistrithe, is riachtanach anois go dtuigfidh an rialtas, gnólachtaí agus saoránaigh na hathruithe a bheidh ann agus go ndéanfar bearta anois chun an riosca a mhaolú. Faoin dá chás beidh cuid mhór de na rioscaí a tháinig chun cinn sa phleanáil i gcomhair Gan Mhargadh a rinneadh anuraidh, sular críochnaíodh an Comhaontú Um Tharraingt Siar.

Sa chéad chás, chomhaontódh an RA agus an tAE FTA teoranta ina mbeadh socruithe inghlactha maidir le cothroime, agus foráil gan aon taraifí ná aon chuótaí a bheith ann. Faoin toradh sin bheidh dúshláin mhóra ann don slabhra soláthair agus don sreabhadh trá dála agus beidh gá le rialacháin agus seiceálacha sa dá threo ar an trádáil AE-RA. Is ionann seo agus a rá, gach uile uair a dhéanann comhlacht nó duine Éireannach allmhairiú ón mBreatain nó onnmhairiú chuici, go mbeidh ceangal orthu ráiteas custaim (ar a laghad) a chomhlánú. Níor leor FTA teoranta chun déileáil leis an réimse iomlán caidreamh atá ag an AE leis an RA.

Sa chás nach n-éireoidh leis an AE agus leis an RA teacht ar chomhaontú, Breatimeacht chrua a bheidh romhainn agus athrú tobann neamhordúil ar an gcaoi a ndéanann an tAE agus an RA idirghabháil agus trádáil. Sa chás sin ar an 1 Eanáir 2021, beidh an tAE agus an RA ag trádáil faoi théarmaí an WTO. Anuas ar na himpleachtaí atá breactha thuas, leis an toradh seo beidh taraifí agus cuótaí ar an trádáil sa dá threo, agus beidh tionchar suntasach aige sin ar an trádáil Éireannach, go háirithe san earnáil agráibhia.

Beidh an-chorraíl ag baint leis an dá chás agus beidh impleachtaí ollmhóra polaitiúla, eacnamúla agus dlíthiúla ann don RA go háirithe, chomh maith le tionchar suntasach ar Éirinn agus ar an gcuid eile den AE.

Tá comhchainteanna an AE agus na RA ar leanúint agus tiocfaidh athrú ar ár bpleanáil, in éineacht le páirtnéirí AE i réimsí mórthábhachtacha ar nós taraifí, iascaigh, idirnasc agus iompar, agus comhroinnt sonraí, de réir mar a thiocfaidh torthaí an chomhphlé chun solais. Mar sin féin, is léir cheana go mbeidh athruithe ann beag beann ar thoradh an chomhphlé agus is riachtanach go gcuirfimid dlús lenár n-ullmhúchán chun tabhairt faoi na hathruithe sin anois. Beidh na hathruithe seo mór agus buan. Ar an gcuid is suntasaí díobh tá nach mbeidh an RA mar chuid den Mhargadh Aonair ná den Aontas Custam ón 1 Eanáir amach. **Mar sin beidh gach gnólacht, dá mhéad nó dá laghad é, a bhogann earraí ón mBreatain Mhór nó tríthi, faoi réir réimse nua ceangaltas rialacháin agus custaim.**

Aithníonn an Rialtas go bhfuil deireadh na hidirthréimhse seo ag teacht sa mhullach ar ghnólachtaí tráth a bhfuil gnólachtaí agus saoránaigh faoi bhrú mór cheana i ngeall ar ghéarchéim COVID-19. Ní hé seo an comhthéacs ab fhearr linn chun athrú chomh hollmhór a chur i bhfeidhm ar an gcaidreamh idir an tAE agus an RA. Mar sin féin, tharla go bhfuil Rialtas na RA suite de nach mbeidh síneadh leis an idirthréimhse, is gá dúinne díriú ar ár gcuid iarrachtaí maidir lenár n-ullmhacht a neartú bunaithe ar an dá chás a breacadh thuas.

Beidh an Rialtas ag cur na hoibre seo chun cinn le 3 shruth éagsúla ach iad ag forlúí ar a chéile:

● Obair is féidir leis an Rialtas a stiúradh go díreach ar nós bonneagar ag na calafoirt agus na haerphoirt; reachtaíocht nua a thabhairt isteach; teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach;

● Cumarsáid agus cuidiú le hearnálacha agus le gnólachtaí ar mó an tionchar orthu; agus ● Cuidiú leis an ullmhacht don tionchar níos leithne ar an tsochaí agus ar an duine aonair.

Bhí an t-ullmhúchán ag an Rialtas, ag gnólachtaí agus ag saoránaigh dultha chun cinn go maith sa chás go mbeadh Breatimeacht gan mhargadh ann ar an 29 Márta 2019, an 31 Deireadh Fómhair 2019 agus an 31 Eanáir 2020. Ingeall ar an am breise a thagann leis an idirthréimhse tá an spás ann an obair seo a aclú agus a bhailchríochnú mar is riachtanach roimh dheireadh na hidirthréimhse. Mar sin féin, is mór an difear idir an obair ullmhachta do dheireadh an aistrithe agus an t-ullmhúchán a rinneadh cheana óir beidh gá le pleanáil do na dúshlán a thiocfaidh láithreach agus do na hathruithe fadtéarmacha buana a thiocfaidh ar na socruithe reatha. Ní féidir dul i mbannaí ach oiread ar theagmhais gan teorainn ón AE.

Is gá a aithint, beag beann ar na hullmhúcháin mhóra atá déanta cheana ag an Rialtas, ag gnólachtaí agus ag saoránaigh, gur féidir go mbeidh rioscaí suntasacha ann nuair a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse.

- Cur isteach ar thrádáil Thoir-Thiar idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór i ngeall ar mhoill ag na calafoirt agus/nó gnólachtaí gan riachtanais rialacháin a chomhlíonadh;
- Moill ar thrádáil ag dul thar dhroichead talún an RA, agus tionchar dá réir ar shlabhraí soláthair mórdhíola agus miondhíola;
- Dúnadh gnólachtaí agus/nó cailteanas post in Éirinn i ngeall ar an gcur isteach ar thrádáil agus an costas bainteach, lena n-áirítear taraifí féideartha agus gluaiستهachtáir airgeadra, go háirithe sna hearnálacha agraibhia, iascaigh, déantúsaíochta agus miondhíola;
- Tionchair réigiúnacha eacnamaíola agus margadh oibre i ngeall ar an áit a bhfuil an chuid is mó de na hearnálacha gnó a bheadh i mbaol;
- Ídiú ar shuíomh macra-eacnamaíoch na hÉireann, atá faoi thionchar na géarchéime COVID-19 cheana;
- Rochtain a chailliúint ar ghabhálacha éisc ón RA EEZ, agus gníomhaíocht iascaireachta eile de chuid an AE a athlonnú in uiscí na hÉireann;
- Ídiú ar theacht aniar slabhraí soláthair cógais na hÉireann; agus
- Cur isteach féideartha ar an saol laethúil i réimsí ar nós earraí a cheannach ar líne ón RA; seirbhísí airgeadais arb í an RA is foinse dóibh; malartú sonraí pearsanta le comhlachtaí san RA; agus seirbhísí iompair chun na RA, uaithi nó tríthi (e.g. eitlíocht nó iompar bóthair).

I ngeall ar chomh mór agus chomh hidirnasctha atá caidreamh an AE leis an RA ní féidir linn gach corraíl a chealú go hiomlán. Fiú agus an oiread oibre atá déanta cheana, beidh cur isteach mór tromchúiseach ann. Mar sin féin, tá an Rialtas, gnólachtaí agus saoránaigh ag obair le chéile chun tabhairt faoi na hathruithe atá ag teacht agus mar sin maolófar an t-ualach agus an tionchar a thiocfaidh orainn de dheasca chinneadh na RA imeacht as an AE.

Tá an t-am gann agus ní féidir fanacht go mbeidh toradh ar an gcomhphlé sula ndéanfaimid beart. Is léir, pé rud a thitfidh amach, nach mbeidh an status quo ann a thuilleadh. Gan fágtha ach níos lú ná ceithre mhí go mbeidh deireadh na hidirthréimhse ann, tugann an Plean Gnímh Ullmhachta seo imlíne ar ghníomhartha cinnte is féidir leis an Rialtas, gnólachtaí agus saoránaigh a dhéanamh chun tabhairt faoi na hathruithe agus na rioscaí a mhaolú a bheidh ann beag beann ar thoradh an chomhphlé reatha. Is tábhachtach go ndéanfaimid beart.

Leanfaidh an Rialtas den fhorbairt agus den bhailchríochnú ar ár n-iarrachtaí ullmhachta. Beidh clár láidir cumarsáide agus for-rochtana mar thaca leis an obair seo, mar a bhí cheana, agus díreofar ar earnálacha agus ar dhúshláin faoi leith. Aithnímid gur mór an dúshlán é réiteach i gcomhair na n-athruithe seo ag gnólachtaí agus déanfaimid iarracht oiread tacaíochta agus is féidir a thabhairt dóibh sna míonna romhainn. Táimid buíoch i gcónaí as an teagmháil leanúnach a bhí againn le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí ionadaíocha agus leanfaimid den obair i ndlúthpháirt leo chun ár gcomhspríocanna a bhaint amach. Tabharfaimid faoin dúshlán a bhaineann le deireadh na hidirthréimhse mar Bhallstát den chuid an AE, agus beidh an tacaíocht, an neart agus an dlúthpháirtíocht againn a thagann mar chuid de sin.

Meán Fómhair 2020

1. Beartais Ullmhachta ag Leibhéal an Rialtais

Croíchuid de chur chuige an Rialtais maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht is ea an obair le réimse leathan páirtithe leasmhara chun tabhairt faoi na riachtanais atá ag earnálacha agus ag gnólachtaí a bheidh faoi thionchar imeacht na RA, chomh maith le réimse saincheistanna a bhaineann le sochaí agus saoránaigh. Chomh maith leis sin, mar atá leagtha amach sa Chaibidil seo, tá an Rialtas ag brú roinnt tionscadal agus teagmhálacha uileghabhálacha a thacaíonn lenár dtosaíochtaí maidir le Breatimeacht

1.1. Beartais Eacnamúla agus Buiséid

Cé go bhfuil geilleagar na hÉireann ar na geilleagair is oscailte go hidirnáisiúnta, páirtneir tábhachtach i gcónaí í an RA agus is ann a théann beagnach 14% dár n-onnmhairithe earraí agus seirbhísí (2018) agus is aisti a thagann 13.5% dár gcuid allmhairithe (2018). Bhí luach timpeall €82.1 billiún leis an trádáil iomlán leis an RA sa bhliain 2018. Is margadh rithabhachtach atá inti dár gcuid GBManna. Beidh tionchar ag athruithe sa chaidreamh trádála Thoir-Thiar ar nós méaduithe ar chostais agus rachaidh siad i bhfeidhm ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas. Tá réimse staidéar ann le blianta beaga anuas a thugann le fios go mbeidh tionchar mór aige seo ar gheilleagar na hÉireann.

Tá Breatimeacht ag teacht tráth a bhfuil an geilleagar faoi bhrú cheana ag COVID-19. Tá míreanna d'obair na hullmhachta i gcomhair Breatimeacht, ar nós tacaíochtaí gnó agus fostaíochta, i bhfeidhm cheana i ngeall ar an bpaindéim COVID-19. Bhí freagairt beartais ann i ngeall ar leathadh an víris COVID-19 abhus agus i gcéin, agus cé go raibh géarghá leis sin maidir leis an tsláinte phoiblí, tá de thoradh air gur tháinig laghdú géar ar an ngníomhaíocht eacnamúil sa bhaile agus ar fud an domhain go léir. Ní fhacthas tionchar chomh mór agus chomh tapaídh le fada fada an lá.

Tá réimse staidéar tar éis a léiriú cén tionchar diúltach a bheidh ag Breatimeacht, de shaghas ar bith, ar an bhfás eacnamúil in Éirinn. Tá réamh-mheastachán déanta ag an Roinn Airgeadais sa mheántearma go mbeidh leibhéal an OTI timpeal 2-3.25 % níos lú i gcóimheas le status quo measta, agus gur sa chéad bhliain a bheadh an chuid is mó den tionchar sin. Tá éagsúlachtaí istigh faoi na figiúir seo agus is iad na hearnálacha agraibhia, iascaigh, déantúsaíocht agus miondíol is mó a bheadh i mbaol. Rinneadh na réamh-mheastacháin roimh an tionchar a tháinig leis an COVID-19, ach is léir go bhfuilimid ag teacht ar dheireadh na hidirthréimhse agus ní hionann ar chor ar bith an seasamh eacnamúil agus an ceann a bhí ann agus muid ag díriú ar Breatimeacht gan mhargadh in 2019.

Bhí an Rialtas ag pleanáil i gcomhair Breatimeachta roimh reifreann na RA lena chinntiú go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí na hÉireann chomh hullamh agus is féidir le haghaidh aon chás a thiocfadh ann. Fógraíodh tacaíochtaí agus beartais saindírithe sna Buiséid in 2017,

2018, 2019 agus 2020. Bhí breis agus €800 billiún de thacaíochtaí ann sna Buiséid a fhad le 2019, agus rinne Buiséad 2020 foráil go gcaithfí breis agus €1 billiún sa chás go dtarlódh Breatimeacht gan aon Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Déanfar breithniú ar bheartais shaindirithe eile chun tacú le gnólachtaí agus earnálacha faoi thionchar athrú agus ullmhú i gcomhthéacs Cháinainéis 2021. Mar bhonn eolais do na breithnithe seo, tá scrúdú déanta ag an Roinn Airgeadais agus ag an ESRI ar an gcaidreamh idir COVID-19 agus Breatimeacht maidir le hionchais ghearrthéarmacha eacnamúla. Ar an iomlán, tugann an obair seo le fios má chuirtear turraing Breatimeachta sa mhullach ar COVID-19 is mó arís an líon earnálacha atá curtha i mbaol ach níl méadú déanta ar an riosca féin i ngeall ar an dá thurraing eacnamúla. Mar sin féin, is dócha go mbeidh teorainn le hacmhainneacht gnólachtaí agus tithe an dara turraing eacnamúil a láimhseáil. Beidh an taighde seo mar réamheolas le haghaidh réamh-mheastacháin maicreacnamaíocha an Rialtais mar chuid de Cháinainéis 2021 agus foilseofar go luath é.

Tá cuid mhór de thacaíochtaí reatha an Rialtais i bhfeidhm cheana mar fhreagairt ar COVID-19. Is féidir leo seo, in éineacht le beartais níos leithne don gheilleagar i ngeall ar COVID-19, cabhrú le gnólachtaí a dteacht aniar a fheabhsú roimh dheireadh na hidirtréimhse.

Mar sin féin, beidh dúshlán bhreise ann, lena n-áirítear riachtanais agus socruithe nua maidir le trádáil agus SPS, a bhaineann le Breatimeacht amháin. Ina fhianaise seo, bhí pacáiste €20 milliún i Spreagthach Fostaíochta an Rialtais i mí Iúil, chun cabhrú le gnólachtaí agus le hearnálacha a bheidh thíos leis ullmhú i gcomhair na n-athruithe atá romhainn. Is féidir tuilleadh eolais faoi thacaíochtaí gnó a fháil i Roinn 1.3.

Beidh réimse tacaíochtaí ann chomh maith ón AE. Le gairid, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta ar luach €5 billiún, chun tacú le tíortha agus le hearnálacha ar mó an dochar a dhéanfaidh Breatimeacht dóibh. Tá an Rialtas i dteagmháil leis an gCoimisiún agus é ag forbairt agus ag feidhmiú an chiste seo, lena chinntiú go mbeidh dícheall leasa le baint ag gnólachtaí agus ag earnálacha na hÉireann as, i gcomhthéacs an tionchair éagothrom a bheidh ag Breatimeacht ar Éirinn.

Sa tréimhse go deireadh na hidirtréimhse déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Réimse leathan tacaíochtaí agus cúnamh a chur ar fáil go leanúnach do ghnólachtaí chun cabhrú leo ullmhú don Bhreatimeacht, agus tacaíochtaí a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair atá buailte in ngeall ar an bpaindéim COVID-19.
- Breithniú a dhéanamh ar thionchar na Breatimeachta ar an ngeilleagar, lena n-áirítear tionchar COVID-19 anuas air sin, agus é ag déanamh cinntí faoin gcur chuige iomlán i gCáinainéis 2021.

- Breithniú a dhéanamh faoi bheartais bhreise chun tacú le gnólachtaí agus le hearnálacha buailte ullmhú i gcomhair na Breatimeachta, agus athrú mar is cuí, i gcomhthéacs Cháinainéis 2021.
- Leanúint de bheith ag obair go dearfach leis an gCoimisiún Eorpach chun fiosrú a dhéanamh faoin réimse iomlán tacaíochtaí agus solúbthachtaí a bhaineann le Státchabhair do na hearnálacha a bheidh buailte ag Breatimeacht.
- Obair leis an gCoimisiún lena chinntiú go mbeidh buntáiste is mó agus is féidir le baint ag gnólachtaí agus ag earnálacha na hÉireann as an €5 billiún de Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta.
- Cur leis an gcumarsáid agus leis an teagmháil le páirtithe leasmhara lena chinntiú go mbeidh gnólachtaí ar an eolas faoi na tacaíochtaí agus na cláir atá ar fáil.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Dul chuig www.gov.ie/brexit le haghaidh eolas a fháil faoi chlár thacaíochta an Rialtais agus an AE.
- Comhairle a fháil faoi Bhreatimeacht ó do chomhlacht ionadaíoch agus/nó na comhlachtaí stáit ábhartha lena chinntiú go bhfuil teacht agat ar gach cabhair atá ar fáil.

1.2. Cumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Mír thábhachtach dár gcuid oibre don ullmhacht is ea feachtas mór eolais phoiblí, le haghaidh gnólachtaí agus saoránach, agus faoina bhun sin beidh an teagmháil le páirtithe leasmhara barrthábhachtacha. Sna míonna romhainn amach, cuirfidh Airí agus Ranna Rialtais dlús lena dteagmháil le páirtithe leasmhara ar fud oileán na hÉireann. Beidh an tAire Gnóthaí Eachtracha mar chathaoirleach i gcónaí ar Fhóram Páirtithe Leasmhara na Breatimeachta.

Beidh straitéis chumarsáide againn don chéadchéime eile d'Éirinn a Ullmhú don Bhreatimeacht a dhíreoidh ar riachtanais saoránach agus gnólachtaí. Beidh an lucht éisteachta mar stiúrthóirí i dtólamh ar an straitéis agus beidh sí dírithe go mór láidir ar an 'Treoir chun Gnímh'. Spreagfaidh sí an teagmháil agus an gníomhú ag lucht gnó agus saoránaigh chun ullmhú do na hathruithe móra buana a thiocfaidh in 2021 trína aibhsiú nach rogha feasta é an status quo agus gur mithid anois ullmhú i gcomhair dheireadh na hidirthréimhse.

Beidh cláir teagmhála le lucht trádála mar chroíchuid de seo chun tacú le hullmhacht gnólachtaí don timpeallacht nua trádála i ndeireadh na hidirthréimhse. Beidh feachtas againn *Do Ghnó a Réiteach le haghaidh na Breatimeachta* a dhíreoidh ar ghnólachtaí beaga, lena n-áirítear siopaí, lucht iompair, feirmeoirí, iascairí agus eile a bhíonn ag trádáil leis an AE agus arb iad is dóichí a bheas buailte. Beidh imeachtaí, cruinnithe faisnéise le páirtithe leasmhara, agus feachtas náisiúnta agus áitiúla raidió agus nuachtán mar chuid den mhórfheachtas chun tuilleadh feasachta a thógáil i measc gnólachtaí agus lucht na n-earnálacha maidir leis na dúshlán agus na hathruithe a bheidh ann nuair a bheidh deireadh leis an idirthréimhse, chun

na céimeanna a aibhsiú atá an Rialtas a ghlacadh chun tabhairt faoi na dúshláin seo agus chun iad a spreagadh chun gnímh mar is riachtanach agus teacht ar an tacaíocht atá á cur ar fáil. Déanfaimid athnuachan agus athchraoladh chomh maith ar fheachtais phoiblí faisnéise, ag díriú cumarsáide de réir dhálaí an tsaoránaigh féin – an siopadóir, an taistealaí, an t-othar, an tiománaí, an fostaí agus an mac léinn.

Ní hionann agus feachtais a bhí ann roimhe seo, ní féidir leis an bhfeachtas seo, de dheasca srianta COVID-19, brath ar dhul i bhfeidhm trí na himeachtaí móra trádála nó tionóil mhóra ar nós an Chomórtais Treabhdóireachta. Cuirfimid leis an leas a bhainimid cheana as ardáin fhíorúla chumarsáide ar nós físeán treorach ar líne agus seimineár gréasáin. Faoi réir treoirlínte um shláinte phoiblí breathnóimid chomh maith ar a bhféidearthacht maidir le himeachtaí meashta, ina mbeadh painéal, mar shampla, agus lucht féachana beag agus iad aonraithe, agus an t-iomlán á chraoladh ar líne. Tapóimid deiseanna chomh maith ag leibhéal oifigiúil agus aire teagmháil a dhéanamh le páirtneirí cuí ar nós eagraíochtaí gnó, feirmeoireachta agus iascaireachta lenár scéala a mhéadú trí mheán a gcuid ardán siúd.

Beidh tábhacht go leanúnach le suíomhanna gréasáin oifigiúla agus cuntais meán sóisialta. Is é www.gov.ie/brexit fós an suíomh is iontaofa faisnéis do shaoránaigh agus do lucht gnó. Déantar athnuachan leanúnach ar an suíomh agus na naisc ann chun cabhrú leis an saoránach agus le lucht gnó teacht go héasca ar eolas praiticiúil agus ar comhairle maidir le réimse leathan saincheisteanna, agus faoi na tacaíochtaí Rialtais atá ar fáil dóibh.

Ba chóir do dhaoine agus do ghnólachtaí eolas a chur ar na scéalta is déanaí:

- Téigh chuig www.gov.ie/brexit go rialta leis an bhfaisnéis phraiticiúil is déanaí a fháil faoi fhorbairtí a bhaineann le Breatimeacht.
- Féach ár [bhféilire d'imeachtaí rialtais](#) mar a bhfuil mionsonraí faoi imeachtaí faoi ullmhacht Breatimeachta atá ar na bacáin.
- Féach an fhaisnéis is déanaí ón AE faoi ullmhacht Breatimeachta do [ghnólachtaí](#) agus do [shaoránaigh](#).
- Lean *Éire a dhéanamh réidh do Breatimeacht* ar Twitter. Is é [@BretReadyIRL](#) príomhchuntas Twitter an Rialtais maidir leis na scéalta is déanaí faoi Bhreatimeacht.

1.3. Tacaíochtaí Gnó

Tá réimse tacaíochtaí gnó curtha ar fáil ag Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí fiontraíochta agus comhlachtaí rialacháin, lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, oiliúna agus comhairleacha chun ullmhú i gcomhair na Breatimeachta.

Tá suíomh na Roinne Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, [Gnó a Réiteach i gComhair Breatimeachta](#) ann agus é ina threoraí úsáideach ag gnólachtaí agus tugtar ann faisnéis

mhionsonraithe faoi na tacaíochtaí atá ar fáil i gcuid mhór réimsí ina bhféadfaí tionchar na Breatimeachta a bhrath. Ar na tacaíochtaí reatha Breatimeachta atá ag an Rialtas tá dearbháin phleanála, tacaíochtaí comhairliúcháin agus meantóireachta, seirbhísí comhairleacha maidir le taraifí, taighde faoi mhargaí nua, agus tacaíochtaí nuálaíochta, arna gcur ar fáil ag Fiontar Éireann, na hOifigí nua Fiontraíochta Áitiúla agus InterTradelreland.

Tá tacaíochtaí agus comhairle ar fáil chomh maith ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Ioncam, *Skillnet Ireland*, *Strategic Banking Corporation of Ireland*, Údarás na Gaeltachta, Bord Iascaigh Mhara, Bord Bia agus Fáilte Ireland.

Shocraigh an Rialtas [Spreagthach Fostaíochta i mí Iúil](#) ar fiú breis agus €7 billiún é de spreagthaigh agus de bheartais tacaíochta chun cabhrú le gnólachtaí agus le daoine a bheidh faoi thionchar COVID-19 teacht tríd an tréimhse seo romhainn. San áireamh ann freisin bhí pacáiste Breatimeachta ar luach €20m chun cabhrú le gnólachtaí a bhíonn ag onnmhairiú agus ag allmhairiú leis an RA na socruithe cuí a dhéanamh, lena n-áirítear foireann, bogearraí, córais TFC a réiteach i gcomhair na socruithe nua custaim agus rialacháin a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Mar chuid den phacáiste seo, is gearr go seolfaidh Fiontar Éireann deontas 'Réidh don Chustam' trínar féidir le gnólachtaí teacht ar dheontais suas le €9,000 in aghaidh an fhostaí bhailí a fhóstar, nó a ath-implonófar laistigh den ghnó, i ról a phléann go sonrach le custam. Beidh an dara cuid d'oiliúint saor in aisce Skillnet Ireland, [Clear Customs](#) Online 2020, ag glacadh le hiarratais ó Mheán Fómhair, chun tacú le hearnáil idirmheánach na gcustam agus gnólachtaí a bhíonn ag trádáil go minic leis an RA nó tríthi.

Beidh na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla i mbun na dara céime dá gceardlanna meantóireachta agus oiliúna Breatimeachta duine ar dhuine, ['Do Ghnó a Réiteach don Chustam'](#). Tosófar orthu seo i mí Mheán Fómhair agus mar thacaíocht acu beidh feachtas iomlán feasachta a dhíreoidh ar gach gnólacht beag Éireannach. Leanann sé seo den leathadh amach a rinneadh ar chéim 1 a tharla in 2019 ina raibh 1500 gnólacht páirteach chun tuiscint a fháil ar na céimeanna is riachtanach chun trádáil leis an RA tar éis na Breatimeachta.

Déanfar breithniú sna míonna amach romhainn faoi bheartais bhreise chun tacú le gnólachtaí agus earnálacha neamhchosanta ullmhú agus athrú i gcomhair na Breatimeachta.

I ngeall ar an bpaindéim COVID-19, tá athrú suntasach ar an gcomhthéacs ina bhfuil deireadh ag teacht leis an aistriú, in éineacht le hacmhainn ghnólachtaí na hÉireann ullmhúchán a dhéanamh.

San fhógra i mí Iúil faoi Spreagthach Fostaíochta, bhí infheistíocht €200 milliún san oiliúint, sa bhreisoideachas, forbairt scileanna, scéimeanna socrúchán oibre, fóirdheontais earcaíochta agus beartais chúnta le haghaidh poist a chuardach, a chabhróidh leo siúd a chaill post teacht ar phost nua nó bheith féinfhostaithe, dul faoi oiliúint nua, nó scileanna nua a fhorbairt.

Chomh maith leis sin, tá beartais socraithe ag an Rialtas lena chinntiú go mbeidh freagairt thapa chun cabhrú leo siúd a d'fhéadfadh post a chailleadh, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Phrótacal Freagartha le Cailteanas Post, leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ag obair leis an Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Cinntíonn an Prótacal go mbeidh freagairt thapa éifeachtach ag an Rialtas lena chinntiú go mbeidh tacaíocht ag oibríthe a chailleann a gcuid post teacht ar na teidlíochtaí cuí leasa shóisialaigh, cúnamh le cuardach poist, agus deiseanna forbartha scileanna agus oiliúna.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Breithniú faoi bheartais bhreise chuntacú le gnólachtaí agus eárnálacha a bheidh buailte ullmhú agus athrú i gcomhair Breatimeachta i gcomhthéacs Cháinainéis 2021.
- Leanúint de na tacaíochtaí a chur ar fáil ar nós Scéim Deontais Breatimeachta, Scéim Caipitil Oibre COVID-19, agus an Scéim Deontais Forbartha chun cabhrú le gnólachtaí nuáil, athrú nó oiriúnú agus infheistíocht straitéiseach a dhéanamh mar fhreagairt ar Bhreatimeacht.
- An pacáiste Breatimeachta €20 milliún 'Ready for Customs' a leathadh amach a fógraíodh mar chuid de Spreagthach Fostaíochta mhí Iúil.
- Oiliúint Clear Customs Online 2020 a leathadh amach trí Skillnet Ireland
- Comhordú a chinntiú i dtaca le gníomhú an fhórsa saothair agus gníomhaireachtaí tacaíochta oiliúna ag leibhéal áitiúla chun gníomhú go mear sa chás go mbeidh tionchar le brath, i dteagmháil le fostaithe, le ceardchumann agus le hoibríthe atá buailte.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Sainaitint a dhéanamh ar na tacaíochtaí oiriúnacha ullmhachta agus eacnamúla chun tacú lena n-ullmhacht i gcomhair na Breatimeachta.
- Teagmháil a dhéanamh leis na ranna agus na gníomhaireachtaí cuí chomh maith le comhlachtaí ionadaíochta chun leas a bhaint as na hacmhainní airgeadais agus faisnéise atá ar fáil.
- Ba chóir do chomhlachtaí ionadaíochta deiseanna a fhiosrú chun dul i dteagmháil le ranna agus le gníomhaireachtaí maidir le seimineáir nó seimineáir ghréasáin a eagrú dá gcuid ball.

Seo a leanas cuid de na scéimeanna Tacaíochta Breatimeachta atá socraithe cheana agus ar fáil do lucht gnó:

Chomh maith leis na tacaíochtaí leitheadacha atá socraithe ag an Rialtas mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19, ar féidir le gnólachtaí teacht orthu lena dteacht aniar agus lena n-ullmhacht a thógáil don Bhreatimeacht, tá roinnt scéimeanna tacaíochta don Bhreatimeacht socraithe.

An **Scéim Deontais Breatimeachta**: cuirtear ar fáil leis seo caipiteal oibre do ghnólachtaí incheadaithe ag a bhfuil suas le 499 fostaí atá nó a bheidh i mbaol tionchair i ngeall ar imeacht na RA as an AE. Mar bhonn ag an scéim seo tá urrús ó Chiste Infheistíochta na hEorpa (EIF).

An **Scéim Deontais don Fhás sa Todhchaí (FGLS)**: cuirtear ar fáil leis seo iasachtaí fadtéarmacha do GBManna, agus d'earnáil na talmhaíochta, le téarmaí idir 7 agus 10 mbliana, chun tacú leis an infheistíocht straitéiseach don fhás agus don inmharthanacht sa todhchaí. Mar bhonn ag an scéim seo tá urrús ó Chiste Infheistíochta na hEorpa agus táthar tar éis seo a leathnú amach sa chaoi go mbeidh €800 milliún ar fáil.

Tugann Fiontar Éireann réimse tacaíochtaí airgeadais dírithe ar an Ullmhacht i gcomhair Breatimeachta, lena n-áirítear Deontas Act On Initiative, Be Prepared, Strategic Consultancy, Market Discover Fund agus an táirge Agile and Operational Excellence.

Is féidir le hOifigí Fiontraíochta Áitiúla (LEOanna) tacaíocht a thairiscint teacht ar roinnt tacaíochtaí do ghnólachtaí chun ullmhú don Bhreatimeacht, lena n-áirítear Deontais TAME, Dearbháin don Trádáil Ar-Líne agus Deontais Micrea-airgeadais Éireann. Is féidir le LEOanna comhairle a sholáthar faoi thacaíochtaí eile atá ar fáil trí InterTrade Ireland agus an Strategic Banking Corporation of Ireland (SBCI).

Tugann InterTrade Ireland réimse tacaíochtaí agus comharle trína Sheirbhís Chomhairle faoin mBreatimeacht. Chomh maith le tacaíocht tríd an gcistiú dearbháin, tá uirlis saindeanta foghlama ar líne mar chuid den tSeirbhís Comhairle Breatimeachta, agus seiceálaí taraife, gluais téarmaíochta a bhaineann le Breatimeacht, taighde, líonrú agus imeachtaí faisnéise.

Chomh maith leis an réimse tionscnamh saindírithe ar Bhreatimeacht a tugadh isteach, tá an réimse iomlán tacaíochtaí comhairle agus deontais ar fáil go leanúnach ó Fhiontar Éireann, Oifig Fiontraíochta Áitiúil (LEO), InterTradeIreland agus Údarás na Gaeltachta, do chomhlachtaí incháilitheacha chun cabhrú leo teacht aniar in aghaidh dúshlán seachtrach. Áirítear sa réimse tacaíochtaí suntasacha seo cúnaimh le straitéisí chun infheistíocht chaipitiúil a dhéanamh, infheistíocht sa Taighde agus san Fhorbairt, teacht ar airgeadas, gníomhaíocht trádála ar líne a thosú nó a mhéadú, múnlaí gnó a athchoigeartú, costais a laghdú, nuáil, teacht ar mhargaí agus ar shlabhraí soláthair nua agus chun cur leis an iomaíochas.

Tá tacaíochtaí curtha ar fáil saindírithe ar earnálacha faoi leith, lena n-áirítear:

Earnáil Talmhaíochta agus Bia

Déanann Bord Bia foráil i leith réimse seirbhísí forbartha acmhainneachta don earnáil bia agus dí. San áireamh tá an Brexit Readiness Radar, Plean Gnímh Bia agus Dí, Clár Ullmhachta Custaim, Ceardlanna Slabhra Soláthair agus Clár Meantóireachtasaindeartha. Cuireann sé léargas agus sonraí ar fáil faoi thomhaltóirí agus faoi chustaiméirí na RA ar fáil trí mheán an Bord Bia Thinking House. I ngeall ar an gcorraíl a tháinig le COVID-19, tá sé tar éis sraith clár a sheoladh chun cabhrú le cliant gnó san RA a fhás agus a chosaint trí mheán iarratais fhíorúla ar ghnó agus teagmháil ar líne le custaiméirí.

Earnáil na Turasóireachta

Trí mheán an chlár 'Get Brexit Ready' tá Fáilte Ireland ag tairiscint tacaíochtaí chun cabhrú le gnólachtaí turasóireachta tabhairt faoi dhúshláin a bhaineann le Breatimeacht ar nós tacaíochtaí forbartha, clár oiliúna, agus léargas agus faisnéis faoin margadh. Is féidir le gnólachtaí turasóireachta teacht ar uirlis ar líne 'Brexit-check' Fáilte Ireland a ligfidh dóibh teacht ar a leibhéal féin ullmhachta i gcomhair Breatimeacht.

1.4. Bonneagar ag Calafóirt agus ag Aerfoirt

Ó dheireadh na hidirthréimhse amach, beidh athrú sa bhunús trádála atá ann idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór. Beag beann ar na torthaí a bheidh ar an gcomhphlé faoin bpáirtneireacht amach anseo, imeoidh an RA ón Aontas Custam agus ón Margadh Aonair agus aon earraí a allmhairítear ón mBreatain nó a onnmhairítear inti, nó tríthi, beidh siad faoi réir gnásanna nua níos déine rialacháin agus custaim (lena n-áirítear SPS). I bhfianaise mhéid na trádála idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór, beidh gá le hinfheistíocht shuntasach sa bhonneagar, i bhfoireann agus in acmhainní, i bpróisis agus i gcórais TFC, chun na gnásanna nua seo a chur i bhfeidhm.

Ó 2018 i leith, tá mionobair ar siúl ar fud an Rialtais chun infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar agus sna córais is riachtanach don tseiceáil agus do na rialacháin bhreise don trádáil leis an RA, sa dá threo, ag Calafóirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir, chomh maith le hAerfort Bhaile Átha Cliath. Tá sé seo ar na gnéithe is sofheicthe de na hullmhúcháin atá ag an Rialtas i gcomhair na Breatimeachta. Tá dhá chuspóir leis an obair seo, idir a chinntiú gur féidir le hearraí imeacht trí na calafóirt agus na haerfoirt chomh héasca agus is féidir, agus sábháilteacht bhia agus shláinte an phobail a chosaint mar aon le hoibleagáidí na hÉireann i leith an Mhargaidh Aonair.

Tá an obair ar an bPost Rialaithe Teorann (BCP) críochnaithe anois agus is é atá ann ná timpeall 2,000 méadar cearnach ina bhfuil achair scoite iniúchta le haghaidh táirgí ainmhithe, SPS agus dearbhuithe sábháilteachta bia agus ainmhithe beo, chomh maith le cóiríocht don fhoireann bhainteach, stóráil reoiteora agus áiseanna iniúchta.

Calafort Bhaile Átha Cliath:

- tá dhá thrádstóras mhóra faighte agus athchóirithe agus 25 bá iniúchta don SPS agus dearbhuithe sábháilteachta bia, chomh maith le seachbhá loncaim, atá ann chomh maith le dhá bhá iniúchta atá áit eile sa Chalafort;
- páirceáil le haghaidh 128 feithiclí earraí troma (HGVanna), chomh maith le háiseanna iniúchta cáipéisíochta agus féiniúlachta, oifig phoiblí, áiseanna tiománaí agus cóiríocht foirne do thuairim is 90 ball foirne; agus
- socraíodh Post Rialaithe Teorann (BCP) d'ainmhithe beo agus áis le haghaidh peataí .

Tá obair fós ar siúl chun cur leis na háiseanna seo, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- páirceáil bhreise HGVanna, oifig cháipéisíochta d'allmhairithe, áiseanna tiománaithe, oifig bhainistithe áiseanna, chomh maith le cóiríocht foirne agus páirceáil;
- áis onnmhairithe ina mbeidh páirceáil HGVanna, oifig cháipéisíochta d'onnmhairithe, áiseanna tiománaithe, agus cóiríocht foirne agus páirceáil;
- athchóiriú agus síneadh a dhéanamh ar thrádstóras atá ann cheana, chun bána breise iniúchta a chur ar fáil le haghaidh SPS agus dearbhuithe sábháilteachta bia, chomh maith le seachbhána loncaim. Cuifear cóiríocht foirne agus páirceáil ar fáil chomh maith;
- athruithe ar cheann de na háiseanna iniúchta atá ann cheana chun áiseanna breise stórála ina mbeidh rialú teochta d'earraí a choinneofar, chomh maith le seomraí leasaithe iniúchta; agus
- síneadh a chur leis an bPost Rialaithe Teorann atá ann cheana d'ainmhithe beo chun stáblaí breise a chur ar fáil.

I Ros Láir fuarthas suíomh deich n-acra agus rinneadh forbairt air chun áiseanna iniúchta a chur ar fáil, lena n-áirítear:

- áis shaintógtha iniúchta ina bhfuil 4 bhá iniúchta don SPS agus dearbhuithe sábháilteachta bia, seachbhá loncaim, áiseanna tiománaithe, oifig bhainistíochta áise, agus cóiríocht foirne; agus
- páirceáil do 38 HGV, oifig phoiblí, áiseanna dearbhaithe cáipéisíochta agus séalaí chomh maith le Post Rialaithe Teorann d'ainmhithe beo.

Socraíodh áis le haghaidh peataí agus oifig onnmhairithe i gCalafort Ros Láir féin, chomh maith le hoifigí do 30 duine breise d'fhoireann custaim. Athchóiríodh oifig bhreise chun cóiríocht a chur ar fáil do 63 ball foirne breise. Tá struchtúr breise á thógáil ag na háiseanna iniúchta ainmhithe beo chun acmhainneacht bhreise a chur ar fáil.

Chomh maith leis an infheistíocht shuntasach sa bhonneagar, tá an Rialtas tar éis acmhainní breise a chur ar fáil do na gníomhaireachtaí chun na dearbhuithe agus na rialuithe a dhéanamh. Tá foráil déanta go nuige seo i leith 1,000 d'fhoireann a imlonnú chun comhlíonadh a chinntiú le custaim allmhairithe agus onnmhairithe, rialacha sláintíochta agus fiteashláintíochta agus sábháilteachta bia, agus tá obair ar leanúint lena chinntiú go mbeidh

dóthain foirne iniúchta teorann ann chun tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le Breatimeacht.

1.4.1. Sreabhadh Barrmhaith na Trádála a Chinntiú

Ag na calafoirt i mBaile Átha Cliath agus i Ros Láir, tá cur chuige idirghníomhaireachta idir loncam, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Sláinte, Seirbhís Sláinte Comhshaoil an FSS, agus an tÚdarás Sábháilteachta Bia mar chuid den phleanáil maidir le Breatimeacht gan mhargadh i mí Eanáir 2020 agus tá cuíchóiriú á dhéanamh ar an gcur chuige sin ar bhonn samhlaíthe nua agus bonneagar breise. Leanfaidh foireann loncaim den bhainistiú agus den chistiú ar an ionad rialaithe a dhéanann maoirseacht ar an líon spásanna agus bána iniúchta atá ar fáil, agus an líon iniúchta agus dearbhuithe atá le teacht. Tá na gníomhaireachtaí ar obair chomh maith chun pleanáil córais agus acmhainní a chríochnú, lena n-áirítear an tionchar a thabhairt san áireamh a bhí ag COVID-19 ar na hoibríochtaí. Déanfar tástáil ar dhéine na socruithe idirghníomhaireachta atá molta roimh roimh dheireadh 2020.

Táthar tar éis cur go suntasach le hacmhainn na gcóras TFC Custaim, sa chaoi go mbeifear in ann déileáil leis an ardú is dócha a bheidh ar an líon idirbheartaíochtaí tar éis na Breatimeachta. Measann loncam go bhféadfaí méadú chomh mór le 20 milliún sa bhliain teacht ar ráitis custaim (líon is ionann agus 18.3 milliún sa bhreis nó méadú faoi 12). Tiofadh córas nua allmhairithe náisúnta, Córas Uathoibríocht Allmhairithe (AIS) in áit an chórais reatha d'allmhairithe i mí na Samhna 2020. Tá an t-athrú seo riachtanach ionas go mbeifear ag comhlíonadh Chód an Aontais Custaim; go mbeidh an próiseas is éifeachtúla agus is féidir ann don trádáil; agus ionas go mbeidh feidhmíocht bhreise ar fáil nach féidir a fháil leis an gcóras reatha.

Tá an AIS mar chuid de thacar athruithe TFC atá á réiteach ag loncam maidir leis an gcreat iomlán córas TFC custaim agus tá sé sin ag tarlú ar fud Bhallstáit an AE. Tá ullmhúcháin don chóras a thabhairt isteach ar siúl le linn 2019 agus 2020 agus bhí loncam i dteagmháil go dlúth le soláthróirí bogearraí agus gníomhairí custaim lena chinntiú go mbeidh na hearnálacha barrthábhachtacha seo ar an eolas faoi na hathruithe atá ag teacht. Leanfar d'úsáid a bhaint as an gcóras AEP le haghaidh onnmhairithe a fhad le 2023.

Seolfaidh loncam Seirbhís nua Rolladh ann/Rolladh as chun cabhrú le próisis a aclú don trácht farantóireachta ag calafoirt na hÉireann (Féach Caibidil 2 mar a bhfuil tuilleadh eolais).

Is ríthábhachtach go dtuigfidh gnólachtaí na ceanglais nua custaim agus rialacháin agus go gcuirfidh siad eolas orthu (go háirithe rialuithe SPS agus sábháilteachta bia) sa chaoi nach mbeidh moill ann. Tá eolas breise leagtha amach i gCaibidil 2.

1.4.2. Bainistiú Tráchtá – Baile Átha Cliath

Tá an seans ann go rachaidh trácht mhéadaithe i ngeall ar Bhreatimeacht i gCalafort Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm ar bhóithre i ngar dó sin, Tollán an Chalafoirt, agus an córas mótarbhealaí. Bunaíodh Grúpa Bainistíochta Tráchtá chun plean teagmhais a shocrú sula mbeadh Breatimeacht gan mhargadh ann in 2019. Tá nuashonrú á dhéanamh ar an bplean seo mar mhacalla ar fhorbairtí a tharla ó shin. Leagfaidh an Plean amach na ról a bheidh ag na gníomhaireachtaí éagsúla, an straitéis chumarsáide bhainteach agus an plean oibrithe a bhreacann na roghanna agus na gníomhartha is riachtanach chun an tionchar ar an ngréasán bóithre a mhaolú. Nuair a bheas sé bailchríochnaithe, déanfar mionsonraí an Phlean a fhoilsiú agus cuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas.

1.4.3. Sreabhadh Paisinéirí trí Chalafoirt agus Aerfoirt na hÉireann

De réir an Chomhlimistéir Taistil, ní bheidh aon athrú ar an gcaoi a mbíonn saoránaigh na hÉireann agus na RA ag taisteal idir Éirinn agus an RA faoi seach. Nuair a bheidh an RA mar thrú tír, d'fhéadfadh sé go mbeadh Scéim Saor ó Dhleacht agus Scéim CBL Onnmhairithe Miondíola ar obair idir Éirinn agus an RA (seachas Tuaisceart Éireann). Tá san áireamh sa Brexit Omnibus Bill 2020 roinnt beartas a bhaineann le díolacháin saor ó dhleacht agus feidhmiú aon scéim CBL Onnmhairithe Miondíola dóibh siúd a chónaíonn sa RA. Tá eolas breise faoin mBille sin ar fáil i Roinn 1.5.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Críoch a chur leis an tógáil ar áiseanna nua ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir.
- Leanúint den teagmháil le páirtithe leasmhara chun eolas a chur ar fáil faoi áiseanna nua, socruithe agus próisis nua a bheidh i bhfeidhm ag ár gcalafoirt agus ag ár n-aerfoirt, agus i ndáil le bainistiú tráchtá.
- Cabhrú le trádálaithe ullmhú i gcomhair na socruithe nua a bheidh i bhfeidhm (féach Caibidil 2).
- A chinntiú go mbeidh dóthain foirne ag na Poist Rialaithe Teorainn chun teacht le dúshláin Breatimeachta.
- Bailchríoch a chur le huasghrádú na gcóras TFC chun oibríochtaí agus sruthanna tráchtá a fheabhsú.
- Leanúint den tástáil ar dhéine na gcóras agus na bpróiseas, agus sin a fheabhsú.
- Nuashonrú a dhéanamh ar phleananna reatha bainistíochta tráchtá agus cumarsáide maidir leis na socruithe nua ag Calafort Bhaile Átha Cliath.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Leas a bhaint as deiseanna teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí stáit chun tuiscint a chur ar na hathruithe a bheidh ann ag ár gcalafoirt agus ár n-aerfoirt.
- An chomhairle a leanúint i gCaibidil 2 faoi thrádáil earraí.
- Aon ghnó a bhogann ainmhithe beo, plandaí nó táirgí ó ainmhithe nó ó phlandaí (lena n-áirítear adhmaid agus táirgí adhmaid) idir Éirinn agus an RA, nó chuig Ballstáit eile an AE ar dhroichead talún na RA, ba chóir dó na nithe a leanas a dhéanamh chomh luath agus is féidir:
 - Clárú le haghaidh uimhir Aitheantas Clárúcháin mar Oibritheoir Eacnamúil (EORI) le [hloncam](#);
 - Clárú le DAFM ag Breatimeachtregistration@agriculture.gov.ie is féidir go mbeidh DAFM/HSE ag iarraidh tú a chlárú leis an gcóras EU TRACES;
 - A chinntiú go bhfuil tú ar an eolas faoi na ceanglais shainiúla atá ar fáil ar na suíomhanna gréasáin ag na gníomhaireachtaí stáit ábhartha, agus faoi rialuithe allmhairithe go ginearálta, agus maidir le [hallmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe](#), [allmhairiú agus onnmhairiú plandaí agus táirgí plandaí](#), [allmhairiú bia nach den ainmhí a tháinig](#), agus [rialuithe allmhairithe](#);
 - Teagmháil a dhéanamh le [Seirbhís Sláinte Comhshaoil an HSE sa chás go mbeidh ceist](#) agat faoi bhia nach den ainmhí a tháinig a thabhairt isteach nó amach as an RA;
 - A chinntiú go n-úsáideann tú féin agus do sholáthróirí pácáistiú adhmaid a chomhlíonann ISPM-15 e.g. pailléid admhaid; tá eolas faoi sin ar fáil ar [shuíomh gréasáin DAFM](#);
 - A chinntiú go bhfuil tú ar an eolas faoi riachtanais teastais na RA le haghaidh na dtáirgí a dhéanann tú a onnmhairiú. D'fhéadfadh siad seo athrú ach tá eolas ar fáil ó Rialtas na RA ag www.gov.uk; agus
 - Teagmháil a dhéanamh le do sholáthróirí, le do ghníomhairí lóistíochta agus le do chustaiméirí agus cinntigh go bhfuil gach duine sa slabhra soláthair ar an eolas faoina ról agus faoina chuid dualgas.

Ba chóir do shaoránaigh na nithe seo a dhéanamh anois:

- A gcuid turas a phleanáil mar a rinne riamh óir ní bheidh aon cháipéisíocht bhreise ag teastáil le haghaidh taisteal mar phaisinéir laistigh den Chomhlíonáir Taistil.

1.5. Reachtaíocht

Ritheadh an tAcht um an Ríocht Aontaithe Tarraingt Siar as an Aontas Eorpach (Forálacha Teagmhasacha (Acht Omnibus Breatimeachta) ar an 17 Márta 2019 mar chuid de na hullmhúcháin againn maidir le Breatimeacht gan Mhargadh in 2019. Níor tosaíodh ar chuid

mhór de na forálacha in Acht 2019 óir socraíodh an Comhaontú um Tharraingt Siar sa deireadh agus tháinig sé i bhfeidhm.

Mar bhonn do na beartais riachtanacha ullmhachta faoi dheireadh na hidirthréimhse beidh gá le tuilleadh reachtaíochta. Rinne an Rialtas, ar an 29 Bealtaine 2020, faomhadh ar scéim a ullmhú i gcomhair Bille nua Omnibus Breatimeachta. Tá Scéim Ghinearálta an Bhille foilsithe anois agus é ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha. Tá an obair ar siúl ar fud na Ranna ar mhiondréachtú an Bhille a thabharfar faoi bhráid an Oireachtais níos déanaí san Fhómhar.

Is é barrchuspóir na bhforálacha ná tabhairt faoin réimse leathan saincheisteanna casta a d'fhéadfadh teacht tar éis an aistriú agus díriú ar shaoránaigh agus tomhaltóirí a chosaint, feidhmiú na n-earnálacha tábhachtacha a éascú, agus a chinntiú nach mbeidh ár gcuid gnólachtaí faoi mhíbhuntáiste. Beidh an Bille ann mar thacaíocht do ghnéithe den Chomhlímitéar Taistil agus comhoibriú Thuaidh-Theas.

Tábla 1. Codanna den Bhille um an Ríocht Aontaithe Tarraingt Siar ón Aontas Eorpach (Forálacha Teagmhasacha) 2020

| Cuid | Imlíne |
|------|--|
| 1 | Réamhráiteach agus Ginearálta (An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) |
| 2 | Socruithe Cúram Sláinte (An tAire Sláinte) |
| 3 | Aisíoc costas leighis (An tAire Sláinte) |
| 4 | Leasuithe ar Acht na gCuideachtaí 2014 (Tánaiste agus Aire Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta) |
| 5 | Leasú ar Alt 10(2) den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (Tánaiste agus Aire Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta) |
| 6 | Socruithe i ndáil le Gáis Cheaptha Teasa Fhlúairínithe (An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil) |
| 7 | Leasú ar an Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (An tAire Oideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta) |
| 8 | Cáin (An tAire Airgeadais) |
| 9 | Seirbhísí Airgeadais: Críochnaitheacht Socraíochta (An tAire Airgeadais) |
| 10 | Seirbhísí Airgeadais: Leasú ar Rialacháin (Árachas agus Ath-árachas) An Aontais Eorpaigh 2015 agus Rialacháin (Dáileadh Árachais) an Aontais Eorpaigh 2018 (An tAire Airgeadais) |

| | |
|----|--|
| 11 | Leasú ar an Acht Custam 2015 (An tAire Airgeadais) |
| 12 | Leasú ar an Acht Cuanta 1996 (An tAire Iompair, Turasoireachta agus Spóirt) |
| 13 | Seirbhísí Bus sa Tríú Tír (An tAire Iompair, Turasoireachta agus Spóirt) |
| 14 | Leasú ar an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 (An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí) |
| 15 | Leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 (An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí) |
| 16 | Leasú ar an Acht um Eiseachadadh 1965 (An tAire Dlí agus Cirt) |
| 17 | Leasú ar an Acht Inimirce 2004 (An tAire Dlí agus Cirt) |
| 18 | Leasú ar an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 (An tAire Dlí agus Cirt) |
| 19 | Leasú ar an Acht um Thacaíocht do Chúram Leanaí 2018 (An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige) |

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Féachaint leis an reachtaíocht a rith san Oireachtas go tráthúil.
- Leanúint den lorg ar aon saincheistanna éiritheacha a d'éileodh freagairt reachtaíochta, lena n-áirítear iad siúd a thiocfadh le Comhaontú Páirtnéireachta AE-RA sa Toghcháin.
- Reachtaíocht thánaisteach ábhartha a ullmhú, a bheidh de dhíth roimh dheireadh na hidirthréimhse ar an 1 Eanáir 2021.

1.6. Ullmhacht Breatimeachta an AE agus Pleanáil Theagmhasach

Bhí obair ag leibhéal an AE don ullmhacht i gcomhair Breatimeachta agus comhairle a thabhairt do ghnólachtaí agus do shaoránaigh maidir le Breatimeacht mar chomhlánú ar an obair ullmhaithe a bhí ar siúl ar fud an Rialtais, sa chás gur ag leibhéal an AE atá an cumas nó sa chás go bhfuil leas le baint as freagairtí náisiúnta na mBallstát aonair a chomhordú.

D'fhoilsigh An Coimisiún Eorpach 7 phreaseisiúint ar an ullmhacht i gcomhair na Breatimeachta agus ar an bpleanáil theagmhasach. Foilsíodh an [Eisiúint](#) is déanaí ar 'Getting Ready for Changes' ar an 9 Iúil. Tugann sé seo forléargas ar na réimsí athraithe is mó a tharlóidh ag deireadh na hidirthréimhse beag beann ar an toradh a bheidh ar chomhphlé reatha an AE leis an RA. Is comhlánú úsaideach é leis an bPlean Gnímh seo.

I mí Iúil, ag an gCruinniú Mullaigh faoin gCreat Ilbhliantúil Airgeadais agus an Ionstraim Athshlánaithe COVID-19, chomhaontaigh ceannairí an AE go gcuirí ar fáil €5 billiún do

Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta chun cur in aghaidh na ndrochiarmhairtí le Breatimeacht ar na Ballstáit agus na hearnálacha is mó a bheidh buailte. Mar cheann de na Ballstáit is mó a bheidh buailte, tá Éire ag obair leis an gCoimisiún lena chinntiú go mbainfidh gnólachtaí agus earnálacha Éireannacha leas as an gCúlchiste, oiread agus is féidir. Déanfaidh an Coimisiún moladh reachtúil faoin gcúlchiste nua i mí na Samhna 2020.

1.6.1. Fógraí Ullmhachta an AE

Tá an Coimisiún Eorpach ag déanamh nuashonrú ar an 102 [Fógraí Ullmhachta](#) atá aige dírithe ar eanáil faoi leith chun cabhrú le páirtithe leasmhara ullmhú do dheireadh na hidirthrémhse. Is rún don Choimisiún na fógraí ullmhachta seo a bheith ina bhfoinse thábhachtach faisnéise ag páirtithe leasmhara agus ag riaracháin phoiblí faoi athruithe is gá a dhéanamh roimh dheireadh na hidirthrémhse. Clúdaíonn siad réimse leathan nithe, lena n-áirítear aeriompair, gluaiseacht ainmhithe, custaim, cosaint sonraí, dramaí, gáis fhlúairínithe cheaptha teasa, iompar bóthair, agus CBL ar earraí agus ar sheirbhísí. Tugann na fógraí athleasaithe comhairle go háirithe faoi thionchar an Phrótacail ar Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Tugtar naisc chuig fógraí an Choimisiúin nuair is ábhartha iad tríd an bPlean Gnímh seo.

1.6.2. Beartais Theagmhasacha an AE

Mar chuid den obair ullmhachta i gcomhair Breatimeachta gan mhargadh, d'fhoilsigh an Coimisiún roinnt Eisiúintí faoina gcur chuige maidir le hullmhú don RA tarraingt siar. Thug na hEisiúintí seo mionsonraí faoin staid ag a raibh ullmhúcháin an AE, agus glacadh freisin le roinnt beartais theagmhasacha reachtaíochta. Ba bheartais sealadacha iad sin, agus ba rún leo maolú a dhéanamh ar an gcuid is measa de thionchar na Breatimeachta. B'ionann tosach feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus nach mbeidh gá le cuid de na beartais teagmhasacha níos luaithe, ach bhí an Coimisiún soiléir gur chóir do pháirtithe leasmhara leas a bhaint as an am breise san idirthrémhse lena chinntiú go bhfuil gach ullmhúchán déanta acu. Ní dócha go mbeidh cainteanna substaintiúla ann faoi bheartais teagmhasacha leis an gCoimisiún agus le Ballstáit eile go dtí níos déanaí in 2020. Is dócha go mbeidh teorainn leis na teagmhais do dheireadh na hidirthrémhse agus nach gcoinneofar an status quo.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Obair lenár bpáirtnéirí san AE, chun a chinntiú go leanúnach go dtugann pleanáil ullmhachta agus theagmhasach an AE faoi na riachtanais atá ag gnólachtaí agus ag saoránaigh.
- Bheith gníomhach go leanúnach maidir le leas na hÉireann a chur chun tosaigh maidir leis an gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta.

Ba chóir do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara na nithe seo a dhéanamh anois:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon fhógraí ullmhachta ábhartha ón gCoimisiún Eorpach, agus sin a dhéanamh roimh dheireadh na hidirthréimhse. Sa chás go mbeidh tuilleadh treorach de dhíth ar pháirtithe leasmhara, is féidir leo breathnú ar [shuíomh gréasáin an Rialtais](#).

2. Trádáil Earraí

2.1. Trádáil Earraí

Ón 1 Eanáir, 2021, beag beann ar thoradh an chomhphlé reatha, ní bheidh an RA mar chuid de Mhargadh Aonair ná d'Aontas Custam an AE. Ciallaíonn sé seo go mbeidh gach gnólacht a bhogann earraí ón RA, chuici nó tríthi faoi réir réimse nua socruithe foirmiúla custam, dearbhuithe SPS agus ceanglais eile rialacháin, nach bhfuil i bhfeidhm ar chor ar bith ar an trádáil sin inniu.

Tá príomh-mhíreanna na n-athruithe leagtha amach thíos ach is barr-riachtanach anois go ngníomhaíonn gnólachtaí, dá laghad iad, chun tuiscint a chur ar na tionchair a bheidh ag aon rialacha nó próisis nua ar a gcuid oibríochtaí. Mura dtéitear i ngleic leo seo agus iad a chur i bhfeidhm cuirfidh na rialacháin nua seo cosc ort trádáil a dhéanamh leis an RA nó d'fhéadfadh siad moill shuntasach a chruthú duit maidir le hearraí a bhogadh trasna na RA, nó isteach agus amach aisti ón 1 Eanáir seo chugainn.

Is tábhachtach a thabhairt do d'aire nach mbeidh feidhm ag na hathruithe seo maidir le trádáil earraí idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann sa chás go mbeidh feidhm leis an bPrótacal ar Éirinn agus Tuaisceart Éireann ó dheireadh na hidirthréimhse ar aghaidh, beag beann ar an toradh a bheidh ar an gcomhphlé reatha idir an AE agus an RA. Faoin bPrótacal, leanfaidh feidhm Chód Custam an Aontais i dTuaisceart Éireann agus i ndáil leis. Mura ndeirtear a mhalairt, is cóir tagairtí don allmhairiú nó onnmhairiú leis an RA a léamh sa chiall nach bhfuil trádáil le Tuaisceart Éireann san áireamh.

Tá pleananna foilsithe ag Rialtas na RA maidir le réimse nua dearbhuithe agus rialuithe. Is féidir teacht ar fhoinsí eolais maidir leis na riachtanais seo i Roinn 2.1.8 thíos.

2.1.1. Próisis Custam maidir le hallmhairithe ón mBreatain Mhór agus onnmhairithe chuici¹

Ón 1 Eanáir 2021, beidh gach earra a allmhairítear go hÉirinn ón mBreatain Mhór nó a onnmhairítear ó Éirinn chun na Breataine Móire faoi réir próisis custaim. An chéad chéim maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht is ea clárú le haghaidh uimhir EORI (Aitheantas Clárúcháin mar Oibreoir Eacnamaíoch). Tá loncam tar éis scríobh chuig breis agus 100,000 comhlacht ó 2019 lena n-áirítear breis agus 57,000 i mí Iúil 2020 a bhí ag trádáil leis an RA ach nach raibh cláraithe fós le haghaidh uimhir EORI. Tá breis agus 67,000 gnólacht a bhfuil

¹ Earraí a dhéanann idirthuras ar dhroichead talún na RA, beidh siad faoi réir próisis nua a phléitear i Roinn 2.2

uimhir EORI anois acu (is ionann na gnólachtaí seo agus 96.4% den luach onnmhairithe chun na RA in 2019 agus 93.3% den luach allmhairithe).

Chomh luath agus a bhíonn uimhir EORI ag gnólacht ní mór cinneadh a dhéanamh an é féin a dhéanfaidh an obair chustaim nó an bhfostófar gníomhaire custaim. Sa chás go bhfuiltear chun a dhéanamh sa teach féin, beidh na bogearraí riachtanacha ag teastáil ón ngnólacht agus caithfear a bheith ábalta nasc a dhéanamh le córais custam loncaim. Tá tuilleadh sonraí faoi chórais leictreonach custam agus eolas faoi na riachtanais teicniula le haghaidh custam ar fáil ar [shuíomh gréasáin loncaim](#).

Aon ghnólacht atá ag beartú an obair seo a dhéanamh sa teach is féidir go mbeidh siad incháilithe ar thacaíocht ón Rialtas. Sa Spreagthach Fostaíochta i mí Iúil cuireadh pacáiste €20 milliún le haghaidh Breatimeachta ar fáil agus san áireamh ansin bhí deontais 'Ready for Brexit' do ghnólachtaí a bhíonn ag onnmhairiú agus ag allmhairiú leis an RA chun socrúithe a dhéanamh faoi na fearais riachtanacha inmheánacha, an fhoireann, bogearraí, agus córais TFC. Tá scéim Clear Customs Online ag an Rialtas, arna cur ar fáil i bpáirt leis an tionsclaíocht agus í lánmhaoinithe, a chlúdaíonn réimse riachtanas custam agus SPS. Beidh an clár ag glacadh le hiarratais ó Mheán Fómhair ar shuíomh gréasáin [Skillnet Ireland](#) agus tá sé á chur ar fáil ar ardán ar líne, rud a laghdóidh an cur isteach ar an ngnó. Tabharfaidh Oifigí Áitiúla Fiontraíochta faoi bhabhta eile clár oiliúna 'Prepare for Customs' agus beidh eolas ar fáil ar shuíomh gréasáin [Oifig Fiontraíochta Áitiúil](#), agus tá cúrsa Customs Insights ag Fiontraíocht Éireann, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin 'Prepare for Brexit'. Tá clár ullmhachta custam ag Bord Bia agus Clár Meantóireachta Saindeartha ar fáil chun breis oiliúna a chur ar fáil do lucht déanta bia agus dí, agus tá treoir chomhairleach bhreise ar fáil sa [Phlean Gnímh do Breatimeacht](#) atá ag Bord Bia.

B'fhéidir go mbeadh spéis ag gnólachtaí áirithe a bheith mar Oibreoir Údaraithe Eacnamaíoch (AEO). Aithníonn an t-údarú seo oibreoirí iontaofa mar 'thrádálaithe iontaofa' agus bíonn leas le baint as ar bhealaí difriúla. Chomh maith leis sin, tá roinnt [próiseas éascaithe custam](#) ann a ligeann do ghnólachtaí earraí a allmhairiú agus próisis custam a chur díobh níos éasca. San áireamh tá an deis táillí allmhairithe a chur siar nó faoiseamh iomlán nó páirteach a lorg ar tháillí allmhairithe. Is féidir teacht ar eolas breise maidir le cur isteach ar an údarú seo ó [shuíomh gréasáin loncaim](#).

2.1.2. An Slabhra Soláthair agus Foinse Earraí

Ó dheireadh na hidirthréimhse amach, agus gan dochar d'aon socrú a d'fhéadfadh teacht le comhaontú AE-RA faoi pháirtnéireacht sa todhchaí, ní áireofar táirgí nó ábhair ón RA (Tuaisceart Éireann san áireamh) mar fhoinse AE chun críche na trádála idirnáisiúnta.

Roimh an 1 Eanáir, 2020, is tábhachtach go dtuigfidh gnólacht cá has a dtagann a chuid earraí, luach na n-earraí, an cód rangúcháin custam agus airgeadra an tsonraisic.

Tá tír thionscnaimh earraí mar fhachtóir nuair a bhítear ag ríomh cén dleacht atá iníochtha agus is gá a chruthú i leith earraí má táthar chun cóir fhabhrach a iarraidh. Aon earraí a allmhairítear ón RA nach gcomhlíonann na riachtanais maidir le tír thionscnaimh beidh dleacht custam iníochtha orthu fiú sa chás go mbeidh comhaontú trádála idir an AE agus an RA a bheidh saor ó tharaifí agus ó chuótaí.

An t-athrú seo i stádas na RA mar thír thionscnaimh rachaidh sé i bhfeidhm freisin ar ghnólachtaí Éireannacha a úsáideann inchur RA agus iad ag teacht ar leas FTAanna AE le tíortha eile lena bhfuil FTA ann. Ba chóir do lucht onnmhairithe in Éirinn athbhreithniú agus coigeartú, más gá, a dhéanamh ar a slabhraí soláthair sa chaoi go mbeidh táirgí ag comhlíonadh na dtairseach a éilítear chun teacht ar an gcóir fhabhrach faoi Chomhaontuithe Saor-Thrádála an AE le tíortha nach bhfuil san AE. D'fhéadfadh tíortha a bheith i gceist a bhfuil FTA acu leis an RA, ag brath ar théarmaí an chomhaontaithe sin. Anuas air sin, chun an stádas a chaomhnú mar thír thionscnaimh fhabhrach, caithfidh earraí forálacha a chomhlíonadh maidir le hiompar díreach/gan athrú (i.e. ní mór do na hearraí taisteal díreach idir na tíortha atá laistigh den FTA nó bheith faoi smacht custam sa chás go rachaidh siad tríd an tríú tír). Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin [loncam](#).

2.1.3. Dleacht Allmhairithe (Dleacht Custam, CBL agus Máil)

Caithfear breithniú a dhéanamh freisin faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag dleacht allmhairithe ar do shreabhadh airgid. Is féidir clárú le ROS (Seirbhís ar líne loncaim) chun airgead a chur i do chuntas custam agus chun cur isteach ar íocaíochtaí a chur siar go dtí an mhí tar éis an allmhairithe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar [shuíomh gréasáin loncaim](#).

Beidh CBL iníochtha ar earraí a allmhairítear go hÉirinn ón RA agus beidh ar lucht onnmhairithe a bheith in ann a chruthú gur fhág earraí an tAontas le go mbeidh cead acu ráta nialasach CBL a chur i bhfeidhm a bhaineann le honnmhairithe. Sa chás nach n-úsáideann gnólacht aon simpliú CBL AE ar nós triantánú nó an féinbhiliú, ní bheidh siad ar fáil a thuilleadh sa chás go mbeidh cuid den idirbheartaíocht ar siúl sa RA. Ar aon dul leis sin, ní bheidh feidhm a thuilleadh leis an gcóras Aisíocaíocht CBL Eorpa (EVR) chun éileamh a dhéanamh ar aisíoc CBL a caitheadh nó CBL a gearradh sa RA.

Chun tabhairt faoin tionchar suntasach a bheidh ag na hathruithe CBL seo ar ghnólachtaí tá foráil i gCuid 8 den Bhillé Omnibus Brexit 2020 maidir le cuntasáíocht ar athlá maidir le CBL le haghaidh an chuid is mó de chuideachtaí atá cláraithe le haghaidh CBL. Faoin gcóras atá molta, ní bheidh ar lucht allmhairithe CBL allmhairithe a íoc ag an bpointe iontrála ach seachas sin déanfaidh siad cuntasáíocht ina leith ina dtuaisceán démhíosúil CBL. Beidh de cumhacht ag loncam an áis seo a bhaint ó thrádálaithe atá mar riosca ag loncam. Ní bheidh athrú ar na dálaí CBL maidir le soláthar earraí i dTuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

Chomh luath agus a bheidh an RA mar thríú tír ag deireadh na hidirthréimhse, gearrfar dleacht máil nuair a allmhaireofar earraí inmháil isteach san AE ón RA. Mar thríú tír, is féidir go mbeidh Scéim Miondíol Saor ó Dhleacht agus CBL onnmhairithe ar obair idir Éirinn agus an RA (seachas Tuaisceart Éireann). Tá roinnt beartas i mBille Omnibus Brexit 2020 a bhaineann le díolacháin saor ó dhleacht agus feidhmiú scéim CBL Miondíola onnmhairithe maidir le Cónaitheoirí RA. Tá tuilleadh eolas ar fáil faoin mBille Omnibus Brexitt 2020 i Roinn 1.5.

2.1.4. Lóistíocht

Is féidir go mbeidh tionchar ag an mBreatimeacht ar an tsamhail lóistíochtaí a úsáideann gnólacht. Ba chóir do ghnólachtaí, lena n-áirítear comhlachtaí móra iompair agus lóistíochta, eolas a chur ar an gcáipéisíocht ar fad a bheidh de dhíth nuair a bheifear ag bogadh earraí idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór ó dheireadh na hidirthréimhse amach, agus ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh láithreach lena soláthróir lóistíochtaí chun na críche sin. Ní bheidh cead ag tarlóirí dul ar bord bád farantóireachta chun na Breataine Móire agus uaithi tar éis an 1 Eanáir 2021 ach amháin sa chás go mbeidh an cháipéisíocht ar fad comhlánaithe roimh ré agus curtha i láthair mar is cóir.

2.1.5. Creidiúnú Margaidh Aonair AE, Deimhniúcháin agus Forbhreathnú Margaidh le haghaidh Earraí/Táirgí

Ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, ní bheidh comhlachtaí RA a dtugtar fógra dóibh údaraithe a thuilleadh maidir le teastas a thabhairt faoi earraí rialacha agus caighdeáin an AE a chomhlíonadh maidir le sainriailithe rialacháin, sábháilteacht agus sláinte phoiblí. Maidir le gnólachtaí a bhíonn ag brath faoi láthair ar Chomhlacht faofa a dtugtar fógra dó san RA le haghaidh measúnú maidir le teastas comhlíonta, is riachtanach teacht ar rogha eile de chomhlacht a dtugtar fógra dó san AE. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis seo teastais reatha a aistriú chuig Comhlacht eile i mBallstát eile nó cinn nua ar fad a fháil. Aithníonn an Rialtas go bhfuil na céimeanna glactha ag cuid mhór gnólachtaí chun tabhairt faoin tsaincheist seo. Comhlachtaí a fhaigheann táirgí, a bhfuil teastas AE de dhíth ina leith, ón RA, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh lena gcomhlachtaí AE a dtugtar fógra dóibh. Tá liosta díobh seo ar [shuíomh gréasáin NANDO An Choimisiúin Eorpaigh](#) chomh maith le liosta [Comhlachtaí Éireannacha a dtugtar fógra dóibh](#).

Is cóir d'allmhairitheoirí táirgí/comhábhair a bhfuil teastas orgánach de dhíth orthu a chinntiú go bhfuil an comhlacht a thugann aitheantas don táirge ón RA aitheanta ag An gCoimisiún Eorpach. Ba chóir do chomhlachtaí a bhíonn ag onnmhairiú chuig an RA [suíomh gréasáin Rialtas na RA](#) agus an t-eolas atá sa ["UK Product Safety and Metrology Guidance in a 'no deal' Brexit"](#) a cheadú.

Tá tionchair eile sa réimse seo ar chóir do ghnólachtaí breithiniú a dhéanamh orthu, mar atá ceanglais maidir le hearraí a chlárú ar bhunachair sonraí an AE; ceanglais a bheidh bunaithe

san AE (nach n-áiríonn an RA feasta) agus ceanglais maidir le hearraí a mharcáil agus a lipéadú.

Maidir le táirgí tionsclaíocha (lena n-áirítear táirgí foirgníochta), ní mór dó dhéantúsóirí, dáilitheoirí, allmhairitheoirí agus ionadaithe údaraithe a gcuid oibleagáidí agus dualgaisí a chomhlíonadh maidir le reachtaíocht AE nuair a bheifear ag cur táirge ar mhargadh an AE. Mar shampla, aon oibreoir eacnamaíoch a bhí bunaithe san AE a bhí measta, roimh dheireadh na hidirthréimhse, mar dháilitheoir earraí de chuid na RA san AE, beidh sé ina allmhairitheoir chun críche reachtaíocht AE i ndáil le táirgí den sórt sin ó dheireadh na hidirthréimhse amach. Beidh ar an oibreoir seo na hoibleagáidí diana a chomhlíonadh a bhaineann le lucht allmhairithe.

Tá roinnt gníomhaireachtaí stáit ann a thugann faoi ról forbhreathnaithe margaidh lena chinntiú go mbeidh táirgí deartha, déanta agus faoi mhonatóireacht de réir dhlí an AE agus is féidir leo comhairle a thabhairt in earnálacha ábhartha. Áirítear leis seo gníomhaireachtaí ar nós: [Údarás Sláinte agus Sábháilteachta](#) (HSA), [Coimisiún Iomaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí](#) (CCPC), [Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann](#) (NSAI), [Gníomhaireacht Cosanta Comhshaoil](#) (EPA), [Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann](#) (SEAI), agus na hÚdaráis Rialaithe Tógála agus [Oifig Náisiúnta Rialaithe Tógála](#). Tá eolas breise faoi fhorbhreathnú margaidh ar fáil i [bPlean na hÉireann um Fhorbhreathnú Margaidh](#).

2.1.6. Seirbhís Rolladh ann/Rolladh as Custam

Tá loncam tar éis Seirbhís Rolladh ann/Rolladh as Custam a fhorbairt, a bhfuil teacht air ar shuíomh gréasáin loncaim, a bhfuil trí fheidhm ann a éascaíonn gluaiseacht feithiclí trádála isteach agus amach as calafoirt na hÉireann agus tacaíonn sé leis an tsamhail ghnó 'díreach in am' is righa le cuid mhór gnólachtaí. Seo a leanas na feidhmeanna:

- **Fógra réamh-bhordála** – sa chaoi go mbeifear in ann earraí a bhogadh go tapa trí chustaim ag calafoirt na hÉireann ba chóir ráitis a dhéanamh roimhré sula dtagann siad a fhad le pointe imeachta ón RA. Is gá taifead a dhéanamh ar mhionsonraí na ráiteas custam ar an bhFógra Réamh-Bhordála (PBN) i dtaca le gach earra a bheidh le hiompar ar fheithicil/leoraí. Is ionann an PBN agus clúdach fíorúil a nascann le chéile na mionsonraí i leith gach earra atá á n-iompar ag feithicil/leoraí. Dá bharr sin is féidir le custaim aon treoir amháin a thabhairt a bheidh le leanúint ag an tiománaí ar theacht i dtír i gcalafort Éireannach, beag beann ar an líon coinsíneachtaí atá ar bord na feithicle, rud a chinnteoidh go rachaidh an fheithicil/leoraí tríd an gcalafort go héasca agus go cruinn.
- **Cainéal a cheadú** – tugann seo eolas faoi cé acu is féidir le feithicil imeacht díreach amach as an gcalafort nó an gá na hearraí a thabhairt isteach sna custaim le haghaidh a ndearbhaithe. Cuirfeadh an t-eolas seo ar fáil trí Sheirbhís RóRó Custam 30 nóiméad sula dtiocfaidh an bad farantóireachta isteach go hÉirinn agus is féidir le haon duine sa slabhra

soláthair teacht air. Éascóidh sé seo gluaiseacht éifeachtúil na tráchtá trínár gcalfoirt. Cabhróidh sé le gnólachtaí chomh maith maidir leis an bpleanáil óir beidh a fhios acu cé na feithicilí agus na coinsíneachtaí atá ar a mbealach amach as an gcalafort.

- **Féinseiceáil Isteach Páirceála** – beidh tiománaithe na bhfeithicilí a rachaidh faoi iniúchadh fisiciúil ábalta fanacht ina bhfeithicil agus a chur in iúl d'loncam go bhfuil na hearraí réidh le haghaidh iniúchta tríd an bhfeidhm seo. Nuair a bheidh seachbhá iniúchta ar fáil gheobhaidh an tiománaí teachtaireacht téacs le treoir dó/di cén áit ar gá dul le haghaidh an iniúchta. Laghdóidh seo an gá le teagmháil idir an tiománaí agus foireann loncaim agus cuirfidh sé luas faoi na próisis ar an iomlán.

Ní mór do ghnólachtaí breithniú a dhéanamh faoi cén duine a chomhlánóidh an Fógra Réamhbhordála; is féidir gurb é seo an duine céanna a chuirfidh isteach na ráitis custam. Ní mór do ghnólacht dul i gcomhairle lena sholáthróir lóistíochtaí chun a dhéanamh amach cad é is fearr a oibreoidh, i bhfianaise an mhúnla gnó atá ar obair.

2.1.7. Allmhairiú nó Onnmhairiú a dhéanamh ar Ainmhithe, Plandaí, agus Táirgí ar de bhunadh Ainmhíoch iad nó nach de bhunadh Ainmhíoch iad

Más mian leat onnmhairiú nó allmhairiú a dhéanamh ar ainmhithe, plandaí, nó táirgí de bhunadh ainmhí (iasc san áireamh) nó planda chuig an RA nó uaithi (seachas TÉ) ón 1 Eanáir 2021 ní mór duit a bheith cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Lena chois sin, ní mór d'allmhairitheoirí bheith cláraithe ar TRACES (córas de chuid Choimisiún an AE le haghaidh cáipéisíocht a chomhlánú go leictreonach mar is riachtanach le haghaidh coinsíneachtaí áirithe a allmhairiú ón tríú tír).

Tá tuilleadh eolais faoi na próisis chlárúcháin, agus go ginearálta maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ainmhithe, plandaí agus táirgí de bhunadh ainmhí (iasc san áireamh) nó planda chuig an RA nó uaithi ón 1 Eanáir 2021 ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara](#). Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Brexitregistration@agriculture.gov.ie maidir le ceistanna i ndáil le clárúchán le DAFM agus TRACES.

Tá an trádáil ar chineálacha áirithe táirgí bia faoi réir ceanglais bhreise chomh maith – tá tuilleadh eolais ar fáil faoi seo ar [shuíomh gréasáin an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara](#).

B'fhéidir chomh maith go mbeadh ort clárú/fógairt leis [an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil \(EHS\) de chuid an HSE](#) maidir le honnmhairiú agus allmhairiú táirgí bia nach ó ainmhí iad. Sa chás go mbeidh gá le teastas onnmhairithe le haghaidh bianna nach ó ainmhí iad, nó gur mhaith le gnólacht fógairt a dhéanamh leis an HSE, is féidir sin a dhéanamh le [seirbhísí ar líne an EHS](#).

Má bhíonn aon cheist ann faoi theastas onnmhairithe do bhianna nach ó ainmhí iad, téigh i dteagmháil le exportcertificates@hse.ie. Má bhíonn ceist faoi rialuithe allmhairithe, téigh i dteagmháil le importcontroldublin@hse.ie, nó importcontrolrosslare@hse.ie de réir mar is cuí.

I gcás gach bia nach ó ainmhí é ach a bhfuil ardriosca leis, is gá d'allmhairitheoirí clárú le TRACES.

2.1.8. Dearbhuithe agus Rialuithe nua na RA

Ar an 13 Iúil 2020, d'fhoilsigh Rialtas na RA [Múnla Oibre don Teorainn](#), a leag amach pleananna le haghaidh rialuithe teorann a thabhairt isteach ar onnmhairithe chun na Breataine Móire ón AE. Tugann na Pleananna seo le fios go mbeidh trí chéim i bhfeidhmiú na rialuithe, ón 1 Eanáir 2021 agus beidh lánrialú ar siúl faoi mhí Iúil 2021. Chomh maith le is na míreanna éagsúla a leagan amach a tharlóidh le gach céim, tugann an páipéar mionsonraí chomh maith maidir leis na múnlaí a bheidh in úsáid ag ionaid trasnaithe teorann, ardáin éagsúla TFC d'earnáil lastais RóRó ar nós na Seirbhísí nua Gluaisteachta Feithicle agus an Córas Lastais Cliste, chomh maith le mionsonraí faoi earraí inmháil a bhogadh agus CBL.

Is tábhachtach d'aon ghnólacht a bhíonn ag trádáil leis an mBreatain Mhór, nó a úsáideann an droichead talún thar an mBreatain Mhór, eolas a chur ar a gcuid dualgas maidir le custaim agus dearbhuithe agus rialuithe rialacháin na RA. Is gá go háirithe bheith ar an eolas faoi na rialuithe a bheidh á dtabhairt isteach ar bhonn céimnithe in Eanáir, in Aibreán agus i mí Iúil.

I ngeall ar an bPrótacal ar Éirinn agus Tuaisceart Éireann beidh socruithe difriúla i bhfeidhm ar oileán na hÉireann agus ní bheidh aon dearbhú nó rialú nua i bhfeidhm ar earraí a bhogadh treo ar bith idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann.

2.1.9. Trádáil Earraí - Gníomhartha

Ba chóir an chuid seo a léamh in éineacht leis an gcomhairle faoi thacaíochtaí gnó i Roinn 1.3 agus in éineacht leis an eolas i Roinn 1.2 faoi chumarsáid an Rialtais agus for-rochtain le páirtithe leasmhara.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go mbeidh dóthain foirne, TFC agus bonneagar fisiciúil ann chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar na dearbhuithe agus na rialuithe nua a bheidh riachtanach ar an trádáil Thoir-Thiar i ngeall ar Bhreatimeacht.
- Dlús a chur lenár bhfor-rochtain ar lucht trádála agus páirtithe leasmhara earnálacha chun feasacht a ardú faoin réimse saincheisteanna custam agus rialacháin a bheidh ann i ngeall ar an RA tarraingt siar ó Mhargadh Aonair agus ó Aontas Custam an AE. Díreoidh feachtais cumarsáide ó Mheán Fómhair ar aghaidh aird ar riachtanais nua custam agus rialacháin, agus tacaíochtaí bainteacha.
- [Clárú le haghaidh uimhir EORI](#) a chur chun cinn mar chéad chéim chun tabhairt faoi na riachtanais nua custam agus rialacháin.
- Oiliúint Clear Customs Online 2020 a scaipeadh amach trí Skillnet Ireland.

- Leanúint den teagmháil dhearfach leis an gCoimisiún Eorpach chun fiosrú a dhéanamh faoin réimse iomlán solúbthachtaí agus tacaíochtaí Stáitchabhrach d'earnálacha a bheidh buailte ag an mBreatimeacht.
- Obair leis an gCoimisiún lena chinntiú go mbeidh gnólachtaí Éireannacha agus earnálacha buailte ábalta leas a bhaint as an luach €5 billiún de Chúlchiste Coigeartaíthe Breatimeachta, oiread agus is féidir.
- Leanúint den tacaíocht atáthar a thabhairt do lucht trádála maidir le riachtanais mhéadaithe custam a chomhlíonadh, lena n-áirítear tríd an bpacáiste €20 milliún 'Ready for Customs' a fógraíodh mar chuid de Spreagthach Fostaíochta mhí lúil.

Chomh maith leis sin:

- Cuirfear tús arís i Meán Fómhair 2020 le ceardlanna aon lae 'Prepare for Customs' na hOifige Fiontraíochta Áitiúla agus tabharfaidh sé sin an t-eolas agus an tuiscint do ghnólachtaí faoi na tionchair fhéideartha, na próisis agus na gnásanna nua is gá a ghlacadh nuair a bheifear i mbun trádála leis an tríú tír.
- Seolfaidh Fiontraíocht Éireann an scéim 'Ready for Customs' go luath i Meán Fómhair, in éineacht le gléas do ghnólachtaí a mheasann a ullmhaithe atá siad i gcomhair na Breatimeachta.
- Leanfaidh Bord Bia dá Chlár Ullmhachta Breatimeachta agus a cheardlanna Slabhra Soláthair a leathadh amach.

Próisis Custam

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- [Clárú le haghaidh EORI \(uimhir Aitheantais mar Oibreor Eacnamaíoch\) trí shuíomh gréasáin loncaim](#), mura bhfuil sé sin déanta cheana.
- Más oiriúnach, smaoinigh faoi chur isteach ar údarás mar Oibreoir Eacnamaíoch lontaofa.
- Déan iniúchadh go práinneach ar do shlabhra soláthair agus déan cinneadh cé acu a dhéanfaidh tú féin an obair chustam nó an úsáidfidh tú gníomhaire custam.
- Sa chás gur tú féin a dhéanfaidh an obair (i) socraigh na bogearraí is gá a ligfidh duit nasc a dhéanamh le córais TFC loncaim; (ii) cuir eolas ar an bpróiseas maidir le ráitis custam a dhéanamh trí chóras allmhairithe uathoibríoch loncaim (AIS) (a bheidh ar fáil ó mhí na Samhna) agus/nó ráitis onnmhairithe a chuirfear isteach sa Chóras Próiseála Iontrála Uathoibríoch (AEP) atá ar fáil anois.
- Teach ar thacaíochtaí airgeadais agus oiliúna an Rialtais lena n-áirítear [Clear Customs Online](#) agus an deontas 'Réidh don Chustam' suas le €9,000 lena n-áirítear rannchuid le haghaidh earcaíochta agus costais bhainteacha bogearraí agus TFC.
- Má bhíonn tú ag bogadh earraí ar bhád ullmhaigh i gcomhair na riachtanais a chomhlíonadh a bhaineann le Fógra Réamh-Bhordála a thabhairt.

- Cuir tuiscint ar na dearbhuithe agus na rialuithe nua a bheidh Rialtas na RA a thabhairt isteach (féach roinn 2.1.8).
- Déan comhairle le do sholáthróirí nó do chustaiméirí sa RA lena dhearbhu go bhfuil siad ar an eolas chomh maith faoi na hathruithe, agus ullamh chun déileáil leo, a thiocfaidh le deireadh na hidirthréimhse.
- Chomh maith leis sin, má bhíonn tú ag onnmhairiú nó ag allmhairiú ainmhithe beo, plandaí nó táirgí a tháinig ó ainmhí (iasc san áireamh) nó planda, cláraigh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Slabhra Soláthair agus Tionscnamh Earraí

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Iniúchadh a dhéanamh go práinneach ar do chuid slabhraí soláthair agus eolas cruinn a chur ar fhoinse, ar luach custam agus ar chód tráchtearra na n-earraí a bhíonn tú a thrádáil.
- Más déantúsóir thú a úsáideann comhábhair sna próisis atá idir dhúchasach agus neamhdhúchasach, bain leas as cuntasáocht dheighilte nuair is ceadmhach.

Rialuithe SPS

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- [Tuiscint a chur ar na hoibleagáidí](#) a bhaineann le trádáil ainmhithe, táirgí ainmhithe nó plandaí atá faoi réir rialuithe SPS
- [Tuiscint a chur ar na hoibleagáidí](#) a bhaineann le trádáil táirgí éisc agus iascaigh atá faoi réir rialuithe iascaigh neamhdhleathaigh, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (IUU)

Comhréireacht le Margadh Aonair an AE

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Comhlacht a dtugtar fógra dó bunaithe san AE a aimsiú atá sannta go dleathach chun measúnuithe comhréireachta a dhéanamh. Tá liosta comhlachtaí ar fáil ar [shuíomh gréasáin 'NANDO' An Choimisiúin Eorpaigh](#).
- Teagmháil a dhéanamh leis an NSAI le haghaidh tacaíochta agus treorach faoi chaighdeán agus faoi dheimhniúchán.
- Measúnú riosca a dhéanamh ar shlabhra soláthair do tháirge chun aon chomhábhar a aibhsiú a d'fhéadfadh a bheith buailte agus sainaitheint a dhéanamh ar fhoinsé eile laistigh de Bhallstát.
- Teagmháil a dhéanamh le soláthróirí RA chun go mbeidh gach duine ar an eolas go bhfuil an leanúnachas soláthair láidir agus go gcoinneofar é.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais chomhréireachta agus teagmháil a dhéanamh le húdarais chuí agus le comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh,
- Ba chóir do lucht allmhairithe agus soláthróirí measúnú riosca a dhéanamh ar a slabhra soláthair chun aon chomhábhair a aimsiú nach mbeadh údaraithe feasta lena dhíol ar an Margadh Aonair tar éis dheireadh na hidirthréimhse, agus roghanna eile a aimsiú mar is oiriúnach.
- Ba chóir d'allmhairitheoirí, onnmhairitheoirí, dáilitheoirí, déantúsóirí agus ionadaithe údaraithe a dhíolann táirgí faoi leith, lena n-áirítear táirgí tógála, san AE a chinntiú go bhfuil teastais acu ó Chomhlacht a dtugtar fógra dó de chuid an AE.
- Ba chóir do dhreamanna atá ag iarraidh stádais mar Chomhlacht a dtugtar fógra dó in Éirinn chun críche an Rialacháin maidir le Táirgí Tógála iarratas a chur isteach ar dtús chuig Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann.

Réimsí Eile

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Breithniú a dhéanamh ar impleachtaí don sreabhadh airgid a bhaineann le dleacht allmhairithe a dhíol (dleacht custam, CBL agus máil).

Déan teagmháil le do sholáthróir lóistíochta chun tuiscint a chur ar an eolas riachtanach a bheidh ag teastáil ón duine a bheidh ag bogadh do chuid earraí agus cén uair a bheidh sé uathu

Tá [Fógraí Ullmhachta](#) maidir le [Custam](#) agus [CBL ar Earraí](#) ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá réimse leathan Fógraí Ullmhachta foilsithe ag An gCoimisiún Eorpach maidir le hainmhithe, plandaí agus SPS, chun cabhrú le páirtithe leasmhara ullmhú do na hathruithe a thioctaidh le Breatimeacht, lena n-áirítear Fógraí faoi [phóru ainmhithe](#), [ainmhithe beo a](#)

[iompar](#) agus [leas agus sláinte ainmhithe](#). Tá [treoir bhreise](#) mar fhorlíonadh air sin ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. .

Tugann [Eisiúint Ullmhachta](#) an Choimisiúin Eorpaigh treoir maidir leis na riachtanais deimhniúcháin a bhaineann le díolachán earraí ar Mhargadh Aonair an AE. Tá Fógra Ullmhachta faoi leith ann a thugann treoir ghinearálta faoi ullmhacht i ndáil le [Táirgí Tionsclaíocha](#).

2.2. Droichead Talún na RA

Is é atá i gceist le droichead talún na RA ná an gréasán bóithre agus calafort san RA a thugann nasc d'Éirinn le Margadh Aonair an AE agus le margaí idirnáisiúnta níos leithne. Bhí an droichead talún seo a choinneáil ar cheann de na tosaíochtaí is tábhachtaí sa phleanáil Breatimeachta atá ar siúl ag an Rialtas. Tá measta ag [Oifige Forbartha Muiríne](#) go bhfuil timpeall 150,000 gluaiseacht thar an droichead talún gach bliain, agus luach measta €18.2 milliún ag an trádáil seo. Is díol suntasach de na hearraí a úsáideann an droichead talún iad earraí agraibhia, ar nós iasc úr, a bhfuil seilfré ghairid acu, agus dá bharr sin is é droichead talún na RA an bealach is fearr chun margaidh.

Tar éis an aistriú, beidh oibreoirí fós in ann na hearraí a bhogadh ar an droichead talún agus beidh athrú ar an gcaoi a n-úsáideann siad an droichead talún. Is maith go bhfuil an RA mar chuid den [Chomh-Choinbhinsiún Idirthurais \(CTC\)](#). Ligeann sé seo d'earraí an AE dul trasna na RA gan na próisis iomlána custam don allmhairiú agus don onnmhairiú a bheith i bhfeidhm ag an dá thaobh. Mar sin féin, chun leas a bhaint as an CTC, beidh riachtanais nua ann lena n-áirítear cáipéisíocht nua chomh maith le barántas airgeadais a bheith socraithe i leith gach coinsíneachta a chlúdódh aon dleacht custam nó cáin eile a d'fhéadfadh teacht i gceist le linn an aistir. Anuas air sin, ní mór d'oibreoirí a bheith ar an eolas go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeidh moill bhreise agus am breise don aistear i ngeall ar rialuithe custam agus teorann a bheith i bhfeidhm ar thrácht earraí go ginearálta ag na calafoirt.

Ní mór d'oibreoirí a úsáideann droichead talún na RA bheith ar an eolas faoi na forálacha atá leagtha amach i [Múnla Oibríthe Teorann](#) na RA agus iad a chur i bhfeidhm. Cé go mbeidh roinnt rialuithe faoin Múnla á dtabhairt isteach ar bhonn céimnithe, is gá do lucht trádála a bheith ag bogadh earraí faoin gComh-Choinbhinsiún Idirthurais na próisis idirthurais ar fad a chomhlíonadh ón 1 Eanáir 2021 óir ní ar bhonn céimnithe a bheidh siad sin á gcur i bhfeidhm. Tabharfar isteach seirbhís gluaiseachta feithicilí earraí (GVMS) na RA i mí Eanáir maidir le gluaiseachtaí idirthurais.

Bhí teagmháil shuntasach ag Éirinn ag leibhéal polaitiúil agus oifigiúil ar fud an AE lena chinntiú nach mbeidh earraí AE a bheith ag déanamh idirthurais ar an droichead talún faoi réir rialuithe breise neamhriachtanacha. D'oibrigh muid go háirithe lenár gcomhghleacaithe sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa Bheilg chun tuiscint a chur ar oibríochtaí agus ar

phleananna a chéile tar éis an aistrithe. Is é an aidhm ná a chinntiú, chomh luath agus a bheidh an cháipéisíocht cheart socraithe, go mbeidh na rialuithe riachtanacha déanta, agus go mbeidh 'solas glas' ag earraí idirthurais na calafoirt a fhágáil. Chun é sin a éascú, ní mór do thrádálaithe ráitis idirthurais a chur isteach go leictreonach roimh ré agus ní mór chomh maith na ráthaíochtaí airgeadais cuí bheith socraithe chomh maith. Leanfar d'aon dearbhú a dhéantar inniu (ar nós dearbhuithe ar ainmhithe beo). Tacaíonn Éire le dearbhuithe cuí chun iontaofacht an Mhargaidh Aonair agus shláinte an phobail a chosaint. Leanfaimid chomh maith den obair leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit chun tabhairt faoi na dúshlán SPS a thiocfaidh i ngeall ar an Rialachán Rialuithe Oifigiúil nua (OCR). Cabhraíonn an tsamhail atá molta ag an gCoimisiún faoi láthair tabhairt faoi na húdair imní ag Éirinn agus ag Ballstáit eile. Ó thaobh na hÉireann de, is mór againn an cur chuige dearfach, dírithe ar réiteach a aimsiú, atá ag an gCoimisiún.

De réir mar a dhéanfar ailíniú idir córais agus próisis ag calafoirt san AE agus sa RA, is ard an baol go mbeidh scuainí agus moill mhór ann ag calafoirt ghnóthacha. Táthar tar éis an t-aistrú Dover-Calais a aithint mar áit a bhféadfadh tranglam a bheith. Is féidir chomh maith go mbeidh plódú in Holyhead ag tús na tréimhse tar éis an aistrithe. Sa chaoi go mbeifear in ann leas a bhaint as an obair ar fad atá déanta chun moill a mhaolú i gcalafoirt an AE, beidh sé tábhachtach an obair chuí riaracháin a bheith déanta, lena n-áirítear an riachtanas le ráthaíocht airgeadais a bheith socraithe. Dá mhéad trádálaithe agus tarlóirí a mbeidh an páipéarachas ceart acu is ea is lú a bheidh an mhoill sna calafoirt. Ba chóir do thrádálaithe chomh maith eolas a chur ar aon athrú atá ar siúl i gcalafoirt idirthurais sa RA agus ag ceann scribe ar nós Calafort Átha Cliath agus Calafort Ros Láir.

B'fhéidir gur mhaith le lucht trádála rogha níos díri a lorg. Ní bheidh athrú ar an bpróiseas maidir le hearraí a bhogadh go díreach idir Éirinn agus Ballstáit eile AE, agus ní bheidh sé sin faoi réir na bpróiseas nua atá aibhsithe sa Roinn seo.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Feabhsú a dhéanamh ar a chlár for-rochtana lena chinntiú go mbeidh gnólachtaí, comhlachtaí tarlaithe agus oibreoirí farantóireachta ar an eolas faoi na riachtanais a bhainfidh le hearraí a bhogadh san idirthuras thar an droichead talún tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
- Leanúint den obair leis an gCoimisiún Eorpach agus Ballstáit eile an AE chun a chinntiú nach mbeidh gluaiseacht earraí Aontais faoin bpróiseas idirthurais faoi réir dearbhuithe neamhriachtanacha.
- Monatóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht na mbealaí loingis go hÉirinn agus uaithi tar éis dheireadh na hidirthréimhse chun a chinntiú go bhfuiltear ag riar ar riachtanais an gheilleagair.
- Leanúint den teagmháil lenár gcómhaith sa RA chun soiléiriú a fháil faoi phróisis na RA maidir le coinsíneachtaí ag dul thar an droichead talún.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a leanas a dhéanamh chun droichead talún na RA a úsáid go héifeachtúil tar éis na hidirthréimhse:

- Dul chuig [loncam](#) le haghaidh sonraí breise faoin bPróiseas Custam Idirthuais, an NCTS agus conas cur isteach ar shimpliúcháin idirthuais a úsáid, lena n-áirítear conas éirí i do choinsíneoir/choinsíní.
- Teagmháil a dhéanamh le do bhanc nó do ghníomhaire custam/sholáthróir lóistíochta chun a chinntiú go bhfuil an [ráthaíocht airgeadais](#) chuimsitheach socraithe mar is riachtanach.

- Clárú leis an [Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara \(DAFM\)](#) ar chóras TRACES an AE sa chás go mbeidh tú ag bogadh ainmhithe, féir nó tuí. Tá eolas breise ar fáil ar líne ó DAFM. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar [shuíomh gréasáin](#) na Roinne Talmhaíochta dóibh siúd a bheidh ag bogadh ainmhithe nó táirgí de bhunadh ainmhithe.
- Sa chás nach mbeidh tú ag iarraidh leas a bhaint as an bpróiseas simplithe custam don idirthuras, cuir eolas ar na hoifigí cuí imeachta agus teachta chun an ghluaiseacht in-AE a oscailt nó a dhúnadh – b'fhéidir nach mbeadh gach oifig oscailte 24/7.
- Bí ar an eolas maidir le haon athrú ar bhealaí nó a phróisis laistigh de na calafoirt.
- Cuir eolas ar [riachtanais nua custam agus idirthuais na RA](#).
- Déan comparáid idir na hamanna agus na costais idirthuais ionchasacha tar éis na hidirthréimhse agus **bealaí díreacha loingis** chuig calafoirt an AE.
- Déan breithniú, roimh dheireadh na hidirthréimhse, faoi rogha a dhéanamh ar bhealaí díreacha chun earraí a bhogadh ó Éirinn chun na Mór-Roinne chun moill agus próisis nua dhroichead talún na RA a sheachaint.

B'fhéidir go mbeadh na hacmhainní seachtracha seo a leanas úsáideach ag oibreoirí: tá liosta ar líne ag An gCoimisiún Eorpach de gach [oifig idirthuais](#); tá acmhainní úsáideacha faoi chustam agus idirthuras tar éis Breatimeachta ag údaráis na [Fraince](#), na [hÍsiltíre](#) agus na [Beilge](#); tá acmhainní ar líne faoi Bhreatimeacht ag calafoirt [Calais](#), [Rotterdam](#) agus [Zeebrugge](#).

2.3. Agraibhia agus lascaigh

Tá an earnáil agraibhia agus iascaigh ar na cinn is mó a bheidh buailte ag tionchar na Breatimeachta. Tá roinnt cúiseanna leis seo, ach ar an gcúis is mó tá an dlúthbhaint atá aige le margadh na RA agus an riachtanas le rialuithe sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS) a dhéanamh ar ghluaiseachtaí ainmhithe, plandaí agus táirgí de bhunadh ainmhithe agus plandaí idir an RA agus Éirinn ó mhí Eanáir 2021. Is earnáil í atá barrthábhachtach maidir leis an ngeilleagar tuaithe agus cósta, agus léiríonn sonraí go mbeadh réigiúin na tuaithe, lena n-áirítear réigiún na teorann, níos buailte ag cúlú in earnáil an agraibhia.

D'onnmhairigh Éire luach €5.47 billiún de tháirgí agraibhia chun na RA in 2019, rud is geall le 38% den onnmhairiú iomlán agraibhia in 2019. Tá ár n-earnálacha agraibhia an-neamhchosanta, agus earnáil na feola go háirithe: chun na RA a chuaigh 43% dár n-onnmhairithe feola in 2019. Is iad seo na hearnálacha freisin a bheidh buailte ag na taraifí is airde a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa timpeallacht trádála tar éis na Breatimeachta sa chás nach n-éireodh leis an gcomhlé. Ina leithéid sin de chás, anuas ar fheidhmiú Chomhréimeas Taraifí Seachtracha an AE ar allmhairithe na RA, a raibh luach €4.6 billiún leo in 2019, bheadh feidhm in Éirinn le Sceideal Taraifí Domhanda na RA (a foilsíodh Bealtaine 2020) maidir le honnmhairithe chun na Breataine Móire. Bunaithe ar anailís ar shonraí faoi onnmhairithe agraibhia in 2019, bheadh costas taraife idir €1.35 billiún agus €1.5 billiún i gceist. Cé go mbeadh gach earnáil buailte, is ionann méid an tionchair a bheidh le Sceideal Taraifí Domhanda na RA agus gur ar fheoil, mhuceoil, circeoil agus árbhar is airde a bheidh an costas ar an iomlán. Ní hionann an oiread atá gach earnáil ag brath ar mhargadh onnmhairithe na RA agus is ar an bhfeoil is lú atá cosaint. Dá réir sin, tacaíonn an Rialtas go láidir le cuspóir an AE socrú trádála saor ó tharaifí agus ó chuótaí.

Bhí réimse beartais airgeadais agus buiséid do na hearnálacha agraibhia agus iascaigh le ceithre bliana anuas, a díriodh ar an iomaíochas a fheabhsú agus éagsúlú margaidh agus táirge a chur chun cinn. San áireamh bhí scéimeanna iasachta ar chostas íseal, maoiniú caipitiúil do thionscal an bhia, tacaíochtaí do Bord Bia agus Teagasc, cabhair dhíreach d'fheirmeoirí, agus géarú le sraith misean trádála ag Airí chun margaí nua a fhorbairt agus a fhás i bhfianaise na Breatimeachta. Déanfar breithniú i mBuiséad 2021 ar bheartais bhreise shaindirithe chun tacú le gnólachtaí agus leis na hearnálacha is mó a bheidh buailte. Cuireann Bord Bia réimse tacaíochtaí saindirithe agus anailís ar fáil don earnáil bia agus dí, lena n-áirítear clár Ullmhachta Breatimeachta, ceardlanna slabhra soláthair agus Clár Meantóireachta saindeartha. Tugtar comhairle agus cúnaimh fiúntach i bPlean Gnímh Breatimeachta Bord Bia, agus tá treoir bhreise faoi thacaíochtaí gnó ar fáil i Roinn 1.3 den Phlean Gnímh seo.

Beag beann ar thoradh an chomhlé faoi thrádáil, tá athrú i ndán do thionscal agraibhia na hÉireann ón 1 Eanáir amach. Mar is riachtanach faoi reachtaíocht an AE, cuirfear ceanglais nua SPS (dearbhuithe cáipéisíochta, aitheantais agus fisiciúla) i bhfeidhm ar thrádáil leis an mBreatain Mhór maidir le hallmhairithe ainmhithe, plandaí agus táirgí de bhunadh ainmhí (iasc san áireamh) agus planda. Cé go bhfuil dearbhuithe SPS tábhachtach chun sábháilteacht bia a chinntiú agus chun tomhaltóirí a chosaint, méadaíonn siad costas na trádála agus bíonn siad ina gcúis le moill ar ghluaiseacht earraí, cé go ndéanfar gach iarracht a chinntiú nach mór an cur isteach ar shreabhadh na trádála.

Beidh ceanglais eile ann ar nós deimhiúcháin onnmhairithe maidir le hearraí a bhogadh chun na Breataine Móire, agus déanfaidh Rialtas na hÉireann monatóireacht ghéar ar sheasamh

na RA de réir mar a shocraítear é, agus déanfar a chinntiú go bhfuil beartais theagmhasacha riachtanacha socraithe.

Aon soitheach Éireannach a thagann i dtír i gcalafort sa Bhreatain Mhór beidh sé faoi réir ceanglais bhreise IUU ón 1 Eanáir 2021. Ní bheidh cead ag soithí teacht i dtír ach i gcalafóirt shannta sa RA le haghaidh teacht i dtír ón tríú tír, agus beidh orthu réamhfhógra a thabhairt do na húdaráis sa RA ceithre huair ar a laghad don iasc úr agus ar a laghad 72 uair don iasc reoite. Beidh mionsonraí faoi na calafóirt seo ar fáil ar www.gov.uk.

Chomh maith leis sin, ag brath ar an toradh a bheidh ar chomhphlé idir an AE agus an RA faoi chomhaontú maidir le hiascaigh, d'fhéadfadh earnáil an bhia mara a bheith buailte go suntasach ag an mBreatimeacht. Tacaíonn Éire go láidir le seasamh an AE maidir le hiascaigh a leagadh síos sa mhandáid comhphlé a iarrann go gcoinneofaí na dálaí reatha comhrochtana, comhroinnt cuótaí agus gníomhaíocht thraidisiúnta chabhlach an AE maidir le hiascaigh. De réir an Ráitis Pholaitiúil, a chomhaontaigh an tAE agus an RA, agus le mandáid an AE, ní chríochnófar FTA ach sa chás go mbeidh comhaontú ann faoi iascaigh.

Aithníonn an Rialtas an tábhacht atá le talmhaíocht agus le hiascaigh, ag tacú le forbairt agus fostaíocht chothrom réigiúnach agus cósta. Leanfaimid de bheith ag obair go dlúth leis an AE agus le Ballstáit eile chun roghanna a aithint do thionscal na hiascaireachta, lena n-áirítear creat comónta chun bainistiú a dhéanamh ar fheistiú bád sa chás nach mbeidh comhaontú leis an RA.

De réir an Phrótacail ar Éirinn agus Tuaisceart Éireann, beidh Tuaisceart Éireann ailínithe le tacar teoranta rialacha Aontais, a bhaineann go sonrath le hearraí, agus le Cód Custam an Aontais. Is gá do Thuaisceart Éireann rialacha agus caighdeáin an AE a chomhlíonadh go hiomlán, mar shampla i dtaca le táirgí bia agus ainmhithe beo lena chinntiú go mbeifear ag cloí le riachtanais SPS agus IUU.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Obair a dhéanamh chun an toradh is fearr is féidir a fháil don earnáil agraibhia ón gcomhphlé AE-RA, go háirithe rochtain leanúnach saor ó tharaifí agus ó chuótaí ar mhargadh na RA, leis an líon is lú is féidir de dhearbhuithe custaim agus riaracháin, agus an riosca is lú ó chomhaontuithe na RA le tríú tíortha.
- Obair go dlúth le Tascfhórsa an AE agus le Ballstáit eile ar iascaigh chun dálaí reatha comhrochtana a choinneáil, agus comhroinnt cuótaí agus gníomhaíocht thraidisiúnta chabhlach an AE, agus a chinntiú go socrófar aon saincheist iascaigh mar chuid de mhargadh iomlán trádála.
- Breithniú a dhéanamh faoi thacaíochtaí agus faoi chláir bhreise is riachtanach chun tacú leis an earnáil agraibhia agus iascaireachta i bhfianaise na Breatimeachta, agus ullmhúchán Cháinainéis 2021 san áireamh.

- Acmhainní a shocrú chun tabhairt faoi riachtanais bhreise rialacháin agus deimhniúcháin don trádáil Éire-RA.
- Teagmháil shonrach a dhéanamh le hearnálacha agus le páirtithe leasmhara sna míonna romhainn, mar chuid den fheachtas iomlán Cumarsáide faoin mBreatimeacht, lena chinntiú go bhfuil an tionscal ar fad ar an eolas faoi na hathruithe agus na hullmhúcháin a chaithfear a dhéanamh le go mbeifear réidh don 1 Eanáir 2021.
- Leanúint den teagmháil dhearfach leis an gCoimisiún Eorpach chun fiosrú a dhéanamh faoin réimse iomlán solúbthachtaí agus tacaíochtaí Státchabhrach d'earnálacha a bheidh buailte ag an mBreatimeacht.
- Obair leis an gCoimisiún chun a chinntiú gur féidir le gnólachtaí Éireannacha agus earnálacha buailte leas a bhaint as an €5 billiún de Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta, oiread agus is féidir.
- Obair go dlúth leis an AE agus le comh-Bhallstáit chun roghanna a aithint don tionscal iascaireachta, lena n-áirítear creat comónta maidir le bainistiú a dhéanamh ar fheistiú bád, an riosca a d'fhéadfadh teacht le soithí AE teacht isteach in EEZ na hÉireann, agus maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach na hearnála, lena n-áirítear tríd an gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta, oiread agus is féidir.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Athbhreithniú ar shlabhraí soláthair;
- A chinntiú go bhfuil gach rud ullamh acu i gcomhair na riachtanas nua don allmhairiú agus don onnmhairiú leis an mBreatain Mhór, lena n-áirítear gnóthaí custam, rialacha tionscnaimh, clárú don uimhir EORI, agus clárú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun ainmhithe a bhogadh, agus plandaí, nó táirgí de bhunadh ainmhí (iasc san áireamh) nó planda agus bia nach den ainmhí a tháinig.
- A chinntiú go bhfuil tú ullamh i gcomhair gach ceanglas rialacháin, ceadúnaithe agus deimhniúcháin;
- Maidir le trádáil táirgí bia mara, cuir eolas ar an méid atá ar www.sfpa.ie;
- Déan athbhreithniú ar do chonarthaí agus ar do bhainistiú sonraí;
- Déan bainistiú ar do shreabhadh airgid, airgeadra agus baincÉireacht;
- Bain leas as cláir agus as tacaíochtaí an Rialtais.

Tá An Coimisiún Eorpach tar éis réimse leathan [Fógraí Ullmhachta](#) i leith gach earnála a fhoilsiú chun cabhrú le páirtithe leasmhara ullmhú i gcomhair na n-athruithe a thiocfaidh le deireadh na hidirthréimhse.

2.3.1. Capaill/Eachaithe a Bhogadh

Tá creat comónta san AE a ligeann d'Éirinn, an Fhrainc agus an RA sainsocrú a chomhaontú maidir le hainmhithe eachaí cláraithe ar ardsláinte a bhogadh; tugtar an Comhaontú Tríthaobhach (TPA) air. Beidh an comhaontú seo ídithe ag deireadh na hidirthréimhse rud a

chuirfidh deireadh le saorghluaiseacht na gcapall ar ardsláinte idir Éirinn, an RA agus an Fhrainc. Tiocfaidh athrú suntasach don tionscal leis seo, óir beidh feidhm le deimhniúchán agus rialú breise ar ghluaiseacht capall idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór.

Is féidir go mbeidh comhaontú mar chomharba ar an TPA i ndáil le gluaiseacht Thuaidh-Theas capall sa chás go leanfaidh Tuaisceart Éireann leis na ráthaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil faoi stádas ardsláinte a choinneáil, agus sa chás gur féidir leis an RA a ráthú go ndéanfar gach rialú eile – lena n-áirítear ar chapail ag teacht ón mBreatain Mhór isteach go Tuaisceart Éireann.

Sa chaoi go mbeifear in ann leanúint d'ainmhithe eachaí a bhogadh idir an RA agus an tAE tar éis na hidirthréimhse, ní mór don RA a bheith liostaithe mar thríú tír atá incháilithe capaill a onnmhairiú chuig an AE. Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ní féidir le hainmhí eachaí teacht isteach go hÉirinn ón mBreatain Mhór ach trí mheán Phost Rialaithe Teorann AE (BCP) atá faofa don speiceas sin. Is iad aerfoirt Átha Cliath agus na Sionainne, Calafort Bhaile Átha Cliath agus Calafort Ros Láir na BCPanna atá faofa le haghaidh capall cláraithe agus neamhchláraithe.

Beidh feidhm freisin le rialuithe ar ghluaiseachtaí ón mBreatain Mhór go hÉirinn, lena n-áirítear tástáil fola agus riachtanais chónaithe, ag brath ar an ngrúpa sláintíochta (catagóir stádas sláinte) a thugann an Coimisiún don RA agus críoch agus fad ghluaiseacht na n-each. Dearbhófar an catagóiriú seo níos gaire do dháta deiridh na hidirthréimhse.

Beidh gluaiseachtaí ainmhithe eachaí chuig an RA agus tríthi, faoi réir riachtanais Rialtas na RA. Beidh feidhm ag rialuithe custam maidir le gluaiseachtaí eachaí idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Leanúint den treoir a thabhairt chun cabhrú le hoibreoír a ghluaiseann capaill idir Éirinn agus an RA roimh dheireadh na hidirthréimhse.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Ullmhú i gcomhair gluaiseacht capall idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór, nó idir Éirinn agus Ballstát eile AE ar idirthuras ar dhroichead talún na RA, tarlú de réir phróisis custam an AE.
- Ullmhú i gcomhair capaill a sheoladh ón mBreatain Mhór go hÉirinn trí cheann de na Poist Rialaithe Teorann atá sannta le haghaidh capaill a thabhairt isteach, mar atá Calafort Bhaile Átha Cliath, Calafort Ros Láir, Aerfort Átha Cliath nó Aerfort na Sionainne.

- Ullmhú i gcomhair capaill atá ag gluaiseacht ón mBreatain Mhór go hÉirinn dul faoi dhearbhuíthe nua cáipéisíochta, aitheantais agus sláinte fisiciúla.
- Ullmhú i gcomhair capaill ag gluaiseacht ó Éirinn chun na RA sin a dhéanamh de réir [riachtanais Rialtas na RA](#)
- Póráirí a bhfuil capaill cláraithe i leabhair phóraithe na RA amháin, ba chóir dóibh breithniú a dhéanamh faoi na capaill sin a chlárú sa leabhar nó sa chlár oiriúnach in Éirinn.

Ba chóir do dhaoine aonair seo a dhéanamh anois:

- Déan teagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara lena chinntiú go mbeidh iompróirí capall ag comhlíonadh gach údarú agus deimhniúchán cuí.

Tá An Coimisiún Eorpach tar éis roinnt Fógraí Ullmhachta saindirithe ar eárnálacha a fhoilsiú faoi [phóru ainmhithe](#), [iompar ainmhithe beo](#) agus [sláinte agus leas ainmhithe](#). Mar fhorlíonadh ar an treoir sin tá [treoir bhreise](#) ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

2.3.2. Gluaiseacht neamhthráchtála peataí

Is ionann gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus madraí, cait agus firéid ag taisteal lena n-úinéir. Nuair a bheidh deireadh leis an idirthréimhse beidh athrú ar na rialacha maidir le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí. Níl cinnteacht go fóill faoi na rialacha seo agus is féidir nach mbeidh cinnteacht ann go dtí gar do dheireadh na hidirthréimhse. Ag brath ar an gcruith deiridh a bheidh ar na hathruithe sin, is féidir go mbeidh corraíl shuntasach maidir leis na peataí sin a thabhairt ón mBreatain Mhór go hÉirinn, lena n-áirítear moill fhéideartha nó coraintín ceithre mhí. Chomh luath agus a bheidh na socruithe soiléir, rachaidh an Rialtas i dteagmháil arís le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoi na hathruithe.

Cinntíonn an Prótocal ar Éirinn agus Tuaisceart Éireann go leanfar de pheataí a thabhairt idir Éirinn agus Tuaisceart Éirinn ar an mbunús céanna leis an lá inniu.

Is féidir teacht ar eolas maidir leis na ceanglais ar mhadra, chat nó firéad a thabhairt ón RA go hÉirinn ar [shuíomh gréasáin](#) na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Aon duine a bheadh ag iarraidh peata madra, cat nó firéad a thabhairt ó Éirinn chun na RA ba chóir [comhairle Rialtas na RA faoi ghluaiseacht peataí](#) idir an RA agus an AE a cheadú.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Leanúint de threoir a thabhairt agus a nuashonrú d'úinéirí peataí a bheadh ag beartú peataí a bhogadh idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór.

- Leanúint de threoir a thabhairt agus a nuashonrú do thréidlianna a chabhraíonn le húinéirí peataí agus iad ag ullmhú i gcomhair taistil.

Ba chóir do dhaoine aonair na nithe seo a dhéanamh anois:

- Ullmhú i gcomhair peataí a sheoladh isteach in Éirinn ón mBreatain Mhór tar éis dheireadh na hidirthréimhse trí Phointe Iontrála Taistealaí sannta (TPOE) sa chaoi gur féidir dearbhuithe a dhéanamh ar chomhlíonadh. Beidh Calafort Bhaile Átha Cliath, Calafort Ros Láir, Calafort Rinn an Scidígh, Aerfort Átha Cliath, Aerfort Chorcaí agus Aerfort na Sionainne uile liostaithe mar TPOE faoin 1 Eanáir 2021.
- Ullmhú i gcomhair an cheanglais maidir le peataí gluaiseacht ón mBreatain Mhór go hÉirinn, ar a laghad pas peata a bheith acu, vacsaín confaidh, micrishlis agus cóir i gcoinne péist ríbíneach le haghaidh taisteal ar bith tar éis an 1 Eanáir 2021. Ba chóir d'úinéirí teagmháil a dhéanamh le tréidliá tráth nach giorra ná ceithre mhí roimh thaisteal ón mBreatain Mhór go hÉirinn lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais an taistil
- Ullmhúchán le haghaidh peataí gluaiseacht chun na Breataine agus pilleadh tar éis na hidirthréimhse trí shocrú a dhéanamh lena dtréidliá sampla agus tástáil fola do vacsaín an chonfaidh roimh thaisteal chun na Breataine, chun an mhoill trí mhí a sheachaint atá ann sa chás go dtógtar an sampla fola sa Bhreatain Mhór.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais nuashonraithe Rialtas na RA roimh aon pheataí a bhogadh ó Éirinn chun na Breataine Móire.

Tá An Coimisiún Eorpach tar éis Fógra faoi [Thaisteal](#) a fhoilsiú ina bhfuil treoir mhionsonraithe faoi thaisteal peataí.

2.3.3. Soláthar Táirgí Cógais don Tréidliacht (VMP)

Ar nós mar atá leis an gcógas daonna tá rialachán cúramach ar dhíol agus ar sholáthar cógas tréidliachta chun sábháilteacht agus leas ainmhithe a chinntiú.

Tar éis na hidirthréimhse, ní bheidh an RA páirteach a thuilleadh i gcóras an AE maidir le cógais tréidliachta a rialú, mar sin is féidir go mbeidh líon teoranta cógas áirithe a dhéantar, nó a rialaítear a gcáilíocht, nó a eisítear ina mbaisceanna sa RA nach mbeidh ar díol a thuilleadh in Éirinn ar chúinsí tráchtála.

Tá an Rialtas agus an tÚdarás Rialaithe Táirgí Sláinte (HPRA) tar éis bheith i dteagmháil go leanúnach le déantúsóirí tionsclaíochta, sealbhóirí údaruithe margaidh, dáilitheoirí mórdhíolacháin, páirtithe leasmhara feirmeoireachta agus tréidliachta le dhá bhliain anuas chun soláthar seasta cógas tréidliachta a chinntiú tar éis na Breatimeachta.

Deanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Gníomhartha nuashonraithe a dhéanamh in R3/R4 2020 chun dearbhú breise a fháil faoi chógais tréidliachta a úsáidtear in Éirinn agus aon leochaileachtaí a shainaitheint.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag COVID-19, agus a bheidh aige ar an gcumas stoc maolánach cógas a chothabháil.
- Leanúint den teagmháil tríd an bPrótacal Ganntanas VMP a bunaíodh le deireanas chun sainaitheint a dhéanamh ar aon ghanntanas féideartha ar chógais tréidliachta.
- Teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le tionscal, leis an HPRA agus le Comhairle Tréidliachta na hÉireann maidir le beartais maolaithe ar nós foinsí eile, bealaí eile iompair, agus cógais nó cóir mhalartach.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a leanas a dhéanamh anois:

- A chinntiú go n-aistrefar an t-údarú rialacháin nó deimhniúcháin táirge is riachtanach do chógais tréidliachta faoi leith chuig údaráis rialacháin AE nó comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh.
- Ullmhú i gcomhair próisis nua custam agus rialacháin, lena n-áirítear tástáil scaoileadh baisceanna cógas a dhéantar sa RA, a bheith infheidme maidir le hallmhairiú cógas tréidliachta ón RA.
- A chinntiú go mbeidh an lipéadú ar tháirgí de dhéantús na RA ag comhlíonadh dhlí an AE.

Ba chóir d'úinéirí aonair ainmhithe, tréidlianna, agus cógaslanna na nithe seo a leanas a dhéanamh anois:

- Leanúint de na hoidis a chomhlánú mar is gnách sa chaoi nach gcuirfear isteach ar leibhéil stoic atá ann faoi láthair agus nach gcuirfear bac le soláthar na gcógas tréidliachta agus na n-uirlisí leighis.

Tá An Coimisiún Eorpach tar éis Fógra Ullmhachta a fhoilsiú faoi [Tháirgí Cógais](#) (tréidliacht san áireamh) chun cabhrú le páirtithe leasmhara ullmhú i gcomhair na n-athruithe a bheidh i bhfeidhm ó dheireadh na hidirthréimhse.

2.4. Trádáil Mhiondíola (lena n-áirítear Miondíol ar Líne)

Is féidir go mbeidh próisis nua allmhairithe agus onnmhairithe, chomh maith le dearbhuithe agus rialuithe leasaithe ar an trádáil idir an AE agus an RA ina chúis le corraíl ar shlabhraí soláthair gnólachtaí miondíola atá lonnaithe in Éirinn. Thug na gnólachtaí faoi ullmhúcháin shuntasacha i gcomhair na Breatimeachta in 2019. Rinneadh obair bhreise ar shlabhraí soláthair a thuiscint agus a neartú mar fhreagairt do ghéarchéim COVID-19. Toisc go mbeidh athruithe suntasacha i ndán don earnáil seo beag beann ar an toradh a bheidh ar an gcomhphlé faoin bpáirtnéireacht sa todhchaí idir an AE agus an RA, is tábhachtach go gcuirfear dlús leis na hullmhúcháin sin anois chun an corraíl a mhaolú ar shlabhraí soláthair d'earraí riachtanacha i ngeall ar ullmhacht gnólachtaí, agus/nó trácht ardbhrú ag na calafoirt.

Leanfaidh an Rialtas de bheith ag obair go dlúth leis an bhFóram Miondíola agus le páirtithe leasmhara san earnáil miondíola grósaeireachta agus dáiliúcháin, lena chinntiú go bhfuil ullmhúchán ar siúl ag gnólachtaí chun bainistiú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha ar shlabhraí soláthair ó dheireadh na hidirthréimhse, le baol na corraíola a laghdú.

Miondíol ar Líne

Cé gur féidir go leanfaidh an ríomhthráchtáil léi tar éis dheireadh na hidirthréimhse, tiocfaidh athrú ar an timpeallacht oibriúcháin don mhiondíol ar líne, lena n-áirítear tomhaltóirí ag ceannach ó thrádálaithe RA ag oibriú trí mheán suíomhanna gréasáin sa RA nó uathu.

Ba chóir do thomhaltóirí a bheith ar an eolas ón 1 Eanáir 2021 go mbeidh earraí a ceannaíodh trí shuíomhanna gréasáin sa RA nó uathu, go mbeidh táille breise allmhairithe, dleacht agus CBL dlite orthu mar is amhlaidh le gach tríú tír eile. Beidh costais riaracháin ann i ngeall ar ráitis onnmhairithe agus ath-allmhairithe maidir le hearraí a chuirfear ar ais chuig miondíoltóirí. Beidh gá le táirgí ainmhithe nó plandaí dul faoi dhearbhuithe SPS agus is féidir go mbeidh táillí iníoctha. I gcásanna áirithe, ní bheidh feidhm a thuilleadh le reachtaíocht na hEorpa um chosaint tomhaltóirí, a chuireann deireadh leis na ráthaíochtaí a bhfuil feidhm an dlí leo atá ar fáil i ndlí an AE do mhiondíoltóirí agus do thomhaltóirí ar aon. Tá cuid mhór eolais do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosanta Tomhaltóirí (CCPC). Leagann sé amach [na hathruithe ar chearta tomhaltóirí](#) dóibh siúd a bheidh ag ceannach ón RA, lena n-áirítear an tsiopadóireacht ar líne. Tá eolas ann freisin faoi cháin bhreise agus táillí breise is féidir a a ghearradh ar thomhaltóirí agus iad ag ordú ó thír lasmuigh den AE.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Leanúint den teagmháil le grúpaí earnála agus ionadaíochta faoi shaincheisteanna ullmhachta agus cumarsáid a dhéanamh leo faoi na tacaíochtaí atá ar fáil. Leanfaidh sé freisin den fhaisnéis is déanaí a chur ar fáil do thomhaltóirí faoi conas a bheadh tionchar ar a gcearta ag deireadh na hidirthréimhse.
- Leanúint de na Ranna Rialtais ábhartha, gníomhaireachtaí Stáit agus ionadaithe tionsclaíochta a thabhairt le chéile tríd an bhFóram Miondíola, a phléifidh saincheisteanna ullmhachta agus pleanáil theagmhasach, lena n-áirítear i ndáil leis an earnáil miondíola grósaeireachta agus dáileacháin.
- Trí mheán Bord Bia, Fiontraíocht Éireann, Údarás na Gaeltachta agus na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla leanfar den obair le gnólachtaí na hÉireann a dhéanann soláthar don mhargadh miondíola sa RA lena chinntiú go bhfuil siad ag tabhairt faoi na hullmhúcháin oiriúnacha.
- Mar chuid dá ollstráitéis cumarsáide faoi Bhreatimeacht, déanfaidh an CCPC feachtas eile feasachta poiblí faoi na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar chearta tomhaltóirí i ngeall

ar Bhreatimeacht. Oibreoidh an CCPC agus páirtithe leasmhara eile chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi riachtanais custam a d'fhéadfadh baint le ceannach ar líne ón RA.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a dhéanamh anois:

- Dlús a chur le hullmhúcháin i gcomhair na n-athruithe a thiocfaidh ar an 1 Eanáir 2021.
- Ullmhú i gcomhair socrúithe nua custam agus a chinntiú go mbeidh tú cláraithe leis na húdaráis chúí.
- A chinntiú go bhfuil do pháirtneírí sa slabhra soláthair ullamh i gcomhair na socrúithe nua custam.
- Smaoineamh faoi chur isteach ar an Scéim Mhiondíola ar Líne COVID-19 Glaoch 2, a thacaíonn le míondíoltóirí dúchasacha Éireannacha a ngnólacht a chothú tríd an ngéarchéim agus amach sa todhchaí, faoi spriocdháta 28 Meán Fómhair 2020.
- Leanúint den teagmháil tríd an bhfor-rochtain le páirtithe leasmhara arna sheachadh ag na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit oiriúnacha.
- Eolas a chur ar na tacaíochtaí ábhartha is oiriúnach.

Ba chóir do dhaoine aonair na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tuiscint a chur ar na himpleachtaí (lena n-áirítear costais bhreise, deacrachtaí seachadta, gearáin tar éis díolacháin, cearta tarraingt siar agus cearta ar aisíoc) a bhainfidh le ceannach ar líne a dhéanamh tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ó lucht trádála a bhfuil a gcuid oibríochtaí bunaithe sa RA.
- Eolas a chur ar an gcaoi a mbeidh tionchar ar do chearta mar thomhaltóir faoi dheireadh na hidirthréimhse, lena n-áirítear an t-eolas atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an [CCPC](#).

Tá An Coimisiún Eorpach tar éis **Fógra Ullmhachta** a fhoilsiú maidir le [Cosaint Tomhaltóirí](#) a thugann treoir maidir leis an tionchar a bheidh ar chearta tomhaltóirí faoi dheireadh na hidirthréimhse.

2.5. Soláthar Cógas agus Uirlisí Leighis

Tá an Roinn Sláinte ag obair go dlúth le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an tÚdarás Rialaithe Táirgí Sláinte (HPRA), in éineacht le páirtithe leasmhara ar fud an tslabhra soláthair ag leibhéal náisiúnta agus an AE lena chinntiú go dtugtar faoi aon deacracht soláthair a thiocfaidh i ngeall ar Bhreatimeacht, oiread agus is féidir, chun an leanúnachas soláthar cógais agus uirlisí leighis a chosaint.

Leanfaidh an Rialtas den obair leis an gCoimisiún Eorpach agus páirtithe leasmhara cuí chun a chinntiú go mbeidh rochtain leanúnach ag othair in Éirinn ar chóir leighis ardcháilíochta, sábháilte agus éifeachtúil.

Cógais

I ngeall ar bheartais a rinneadh cheana ag leibhéal an tionscail féin, agus ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, níltear ag meas go mbeidh aon tionchar láithreach ag Breatimeacht ar sholáthar cógas. Aon deacracht soláthair a thiocfaidh chun cinn, mar shampla i ngeall ar chorrail ag na calafoirt, déanfar déileáil leis i dtosach trí tharraingt ar an stoc reatha laistigh den slabhra soláthair intíre. Tá an nós ann cheana stoc breise cógas a chruthú laistigh de shlabhra soláthair cógais na hÉireann, rud nach ionann agus an tsamhail mórdhíola sa RA. Tríd an teagmháil chomhoibríoch le déantúsóirí cógais agus lucht mórdhíola, táthar tar éis a dhearbhu dúinn go bhfuiltear muiníneach go mbeidh dóthain stoic acu chun aon bhearna a líonadh a thiocthadh le deacrachtaí ag na calafoirt, más ann.

Tarlaíonn ganntanas cógas ó am go chéile agus tá Creat Ganntanais Cógais náisiúnta, ilpháirtí socraithe in Éirinn chun deacrachtaí a chosc agus beartú in aghaidh aon saincheistanna maidir le soláthar cógas in Éirinn. Úsáidfear an mheicníocht ilpháirtí leasmhar seo chun tabhairt faoi aon saincheist faoi sholáthar cógais a d'fhéadfadh teacht aníos.

Mar sin féin, i bhfianaise mhéid mhargadh na hÉireann, is féidir go mbeidh Breatimeacht ina chúis le hiad siúd a bhfuil cuid an bheagáin acu de mhargadh cógais áirithe, smaoiniamh athuir faoina inrite atá an soláthar leanúnach a dhéanamh in Éirinn. Mar sin féin, i ngeall ar na measúnuithe criticiúlachta cógas a rinneadh in 2019, níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeadh aon táirge a bhuailfí ina tháirge criticiúil maidir le leanúnachas an chúraim sláinte óir tá, agus beidh soláthróirí eile nó cóir eile leighis ar fáil.

Tosófar ar mheasúnú eile criticiúlachta i mí Dheireadh Fómhair chun ár meas a athleasú ar an soláthar cógas i gcomhthéacs na paindéime leanúnaí COVID-19. Déanfar gach beartas atá ar fáil lena chinntiú go mbeidh leanúnachas le cóir na n-othar in Éirinn.

Uirlisí Leighis

Déantúsóirí le huirlisí leighis atá deimhnithe faoi láthair ag comhlachtaí RA ach atá curtha ar mhargadh an AE, beidh acu le teastais a aistriú chuig Comhlacht a dtugtar fógra dó de chuid an AE27 roimh dheireadh na hidirthréimhse. Cé gurbh é ceann de na príomhshaincheistanna a bhain le hullmhacht i gcomhair na Breatimeachta i leith uirlisí leighis cheana ná athlonnú comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh de chuid na RA chuig an AE tar éis na Breatimeachta, tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis seo le roinnt míonna anuas, agus is sa Bheilig atá an comhlacht creidiúnaithe a dtugtar fógra deireanach dó de chuid na RA, agus tuigtear go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le haistriú na ndeimhniúchán.

Déanfar athnuachan ar na measúnuithe criticiúlachta a rinne an Roinn Sláinte, an FSS agus an HPRA in 2019 chun sainathint agus measúnú a dhéanamh ar aon saincheist a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar sholáthar uirlisí leighis in Éirinn tar éis dheireadh na hidirthréimhse, lena n-áirítear saincheistanna rialacháin, roimh dheireadh na hidirthréimhse. Mar aon leis an obair

ar na cógais, áireoidh an athnuachan seo measúnú ar thionchar COVID-19 ar sholáthar uirlisí leighis.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Measúnuithe criticiúlachta a athnuachan roimh dheireadh na hidirthréimhse, chun dearbhú breise a lorg faoi chógais agus uirlisí leighis a úsáidtear in Éirinn agus leochaileachtaí féideartha a aithint.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar a bhí, agus a bheidh ag COVID-19 ar chúlstoc cógas agus uirlisí leighis agus beartais theagmhasacha a fhorbairt nuair is gá chun an leanúnachas a chinntiú sa chóir d'othair in Éirinn.
- Dul i ngleic le deacrachtaí soláthair, más ann, tríd an gCreat Ganntanais Cógais náisúnta ilphairtí.
- Teagmháil le tionsclaíocht (lena n-áirítear sealbhóirí údaraithe margaidh, mórdhíoltóirí agus cógaiseoirí) agus ceannairí ábhartha cliniúla maidir le beartais maolaithe ar nós foinsí eile, bealaí eile iompair, agus cógais nó cóir leighis mhalartacha chun an leanúnachas a chinntiú sa chóir a chuirfear ar othair in Éirinn.
- Leanúint den obair leis an gCoimisiún Eorpach faoi cheist an tsoláthair cógas tar éis na Breatimeachta.

Ba chóir do ghnólachtaí na nithe seo a leanas a dhéanamh anois:

- Beartais riachtanacha maolaithe a shocrú le leanúnachas soláthair cógas agus uirlisí leighis a chinntiú. San áireamh ansin beidh athbhreithniú ar leibhéal stoic agus mapáil a dhéanamh ar bhealaí soláthair chun aon achar neamhchosanta ar Bhreatimeacht a aithint agus a fhuascailt.
- Bailchríoch a chur ar athruithe riachtanacha rialacháin atá fós gan déanamh, chun a chinntiú go mbeidh gach cógas agus gach uirlis leighis ar mhargadh na hÉireann ag comhlíonadh riachtanais rialacháin an AE roimh dheireadh na hidirthréimhse lena n-áirítear suíomhanna scaoilte baisceanna agus tástáil dearbhú cáilíochta cógas ón AE go dtí an AE/LEE agus aistriú deimhniúchán uirlisí leighis chuig comhlachtaí san AE a dtugtar fógra dóibh.

Ba chóir d'othair aonair, otharlanna agus cógaslanna na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Gan díol breise de chógais a ordú agus dochtúirí gan oidis bhreise a thabhairt. Sa chás go ndéanfaí sin d'fhéadfaí cur isteach ar leibhéil reatha stoic agus cur isteach ar sholáthar cógas d'othaireile. Ba chóir d'othair a gcuid oideas a chomhlánú mar is gnách. Sa chás go ndéanfaí a mhalairt bheadh corraíl níos measa sa slabhra soláthair.

Tá An Coimisiún Eorpach tar éis Fógra Ullmhachta a fhoilsiú a chabhróidh le páirtithe leasmhara i réimse [an chógais agus uirlisí leighis](#) ullmhú i gcomhair dheireadh na hidirthréimhse.

3. Nascacht, Iompar & Taisteal

3.1. Nascacht

I bhfianaise staid gheografach uathúil na hÉireann, tá sé ina príomhthosaíocht i bpleanáil Breatimeachta an Rialtais go gcinnteofaí go mbíonn nascacht éifeachtach idir Éirinn, an RA agus an chuid eile den AE. Tá príomhghnéithe a bhaineann le nascacht, lena n-áirítear i réimsí amhail eitlíocht agus tarlú bóthair go fóill faoi réir na hidirbheartaíochta leanúnaí idir an tAontas agus an RA. Mar sin féin, cibé cén toradh a bheidh ar an gcaibidlíocht reatha, beidh athruithe ann nach mór do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair ullmhú ina gcomhair.

Leagtar amach sa rannán seo a leanas na himpleachtaí a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach maidir le cúrsaí iompair agus taistil.

3.1.1. Eitlíocht

Nascacht Aeir

Mar mhír den chaibidlíocht idir an tAontas agus an RA maidir leis an gcaidreamh a bheidh ann amach anseo tá réimse saincheistanna san eamáil eitlíochta, lena n-áirítear rochtain aeir idir an tAontas agus an RA agus sábháilteacht eitlíochta. Mar sin féin, tá príomh-shaincheistanna a bhaineann leis an eitlíocht go fóill le comhaontú idir an tAontas agus an RA. Is é toradh na caibidlíochta sin a chinnteoidh cén leibhéal rochtana a cheadófar ón 1 Eanáir 2021. Mar sin féin, fiú má thagtar ar chomhaontú, ní dhéanfaidh sé foráil don leibhéal céanna rochtana atá ar fáil faoi láthair.

Má theipeann ar na páirtithe an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích go rathúil, nó má theipeann ar an AE a chuid uailmhianta i réimse na heitlíochta a bhaint amach, tá cúltaíochtaí teoranta idirnáisiúnta comhaontaithe ann maidir le nascacht eitlíochta. Sa chás sin, rachaidh Éire i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh Rialachán Teagmhais de chuid an AE ann chun leibhéal iomchuí nascacht eitlíochta leis an RA a éascú ó dheireadh na hidirthréimhse.

Úinéireacht agus Rialú Aerlíne

Faoi dhlí an AE, ní mór d'oibreoirí aeir critéir áirithe úinéireachta agus rialaithe (O&C) a chomhlíonadh chun go n-aicmítear iad mar aeriompróir de chuid an Aontais, i.e. ní mór d'aerlínte an AE a bheith breis is 50% faoi úinéireacht agus faoi rialú náisiúnaigh an AE.

Sábháilteacht Eitlíochta

Ní bheidh deimhnithe áirithe a d'eisigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) do dhaoine agus d'eagraíochtaí atá lonnaithe san RA, ní bheidh siad bailí a thuilleadh san AE ó dheireadh na hidirthréimhse amach. Ní mór d'aeriompróirí agus do

shealbhóirí deimhnithe sábháilteacht eitlíochta a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir le ceanglais an Aontais mar a leagtar amach san *acquis* sábháilteachta eitlíochta.

Seirbhísí Aerloingseoireachta

Sa chás nach dtiocfar ar chomhaontú sa chaibidlíocht idir an AE agus an RA, fanfaidh socruithe EASA in áit chun cur i bhfeidhm agus deimhniú sheirbhís aerloingseoireachta na Ríochta Aontaithe, Seirbhísí Náisiúnta Aerthráchta (NATS) a éascú, rud a chuirfidh a r chumas seirbhísí aerloingseoireachta leanúint orthu ag feidhmiú i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse.

Slándáil Paisinéirí

Ar an 14 Márta 2019, ghlac an tAontas na bearta rialála is gá chun an Ríocht Aontaithe a chur le liosta na dtíortha a bhfuil comhaontú 'One Stop Security' acu leo. Mar thoradh air sin, beidh paisinéirí (agus a mbagáiste) a bheidh ag eitilt ón Ríocht Aontaithe in ann leanúint orthu ag aistriú ag aerfort de chuid an Aontais le haghaidh eitilt ar aghaidh gan dul trí nósanna imeachta breise athscagadh slándála. Dheimhnigh Rialtas na Ríochta Aontaithe freisin go bhfanfaidh na ceanglais maidir le scagadh slándála do gach eitilt dhíreach paisinéirí chuig agus ón Ríocht Aontaithe mar atá siad inniu.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Leanúint orthu ag plé le gníomhaireachtaí náisiúnta agus leis an gCoimisiún Eorpach maidir le príomh-shaincheistanna in earnáil na heitlíochta a eascraíonn as Breatimeacht.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- Smaoineamh ar na pleananna teagmhasacha a bheidh i bhfeidhm i gcás nach mbeidh na leibhéil reatha rochtana ar an margadh ar fáil a thuilleadh.
- Sa chás nach bhfuil sé déanta agat cheana féin, bearta cuí a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann tú ceanglais úinéireachta agus rialaithe i ndiaidh na hidirthréimhse.
- Ba cheart d'aerlínte agus d'oibreoirí eile sa tionscal eitlíochta a áirithiú go mbeidh an deimhniú iomchuí ag soláthróirí táirgí agus seirbhísí ina slabhra soláthair i gcomhréir le rialacha an Aontais.
- A áirithiú go gcomhlíonfaidh pearsanra eitlíochta le ceanglais deimhniúcháin an Aontais ó dheireadh na hidirthréimhse ar aghaidh, trí dheimhnithe a d'eisigh an Ríocht Aontaithe a aistriú chuig údarás de chuid an Aontais.
- Gníomhaíochtaí ullmhúcháin a dhéanamh i gcomhréir le treoir an Choimisiúin Eorpaigh.

I measc na bhFógraí Ullmhachta ón gCoimisiún Eorpach d'earnáil na hEitlíochta tá:

- Fógra maidir le [hAeriompar](#).
- Fógraí maidir le [Slándáil Eitlíochta](#) agus [Sábháilteacht Eitlíochta](#)
- Fógra maidir le [Cosaint Tomhaltóirí agus Cearta Paisinéirí](#)

3.1.2. Iarnród

Tá na socruithe riachtanacha go léir curtha i bhfeidhm ag Iarnród Éireann agus ag Iarnród Thuaisceart Éireann chun leanúnachas seirbhísí paisinéirí iarnróid a áirithiú, i gcomhar leis na húdaráis rialála ábhartha agus i gcomhréir iomlán leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe araon. Bhain na hullmhúcháin sin le meascán de shocruithe conarthacha idir an dá chuideachta, mar aon le socruithe cuí ceadúnaithe. Ba cheart go leanfaí le hoibríochtaí Sheirbhís *Enterprise* Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse.

Tá Fógra Ullmhachta foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir le [hiompar ar iarnród](#).

3.1.3. Bóthar

Tarlú Bóthair Idirnáisiúnta

Tá ról ríthábhachtach ag tarlú bóthair idirnáisiúnta maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann a éascú. Tá na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le tarlú bóthair, lena n-áirítear rochtain pointe go pointe, idirthuras agus cabatáiste, le comhaontú go fóill idir an tAE agus an RA. Cinnfear le toradh na caibidlíochta an leibhéal rochtana a cheadófar ón 1 Eanáir 2021. Mar sin féin, fiú má thagtar ar chomhaontú, ní dhéanfaidh sé foráil don leibhéal céanna rochtana atá ar fáil faoi láthair.

Má theipeann ar na páirtithe an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích go rathúil, tá cúltacaíochtaí teoranta comhaontaithe idirnáisiúnta ann don earnáil tarlaithe idirnáisiúnta. I gcás den sórt sin, rachaidh Éire i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach féachaint an bhféadfadh Rialachán Theagmhasachta an AE leibhéal iomchuí nascachta i dtarlú idirnáisiúnta leis an Ríocht Aontaithe a éascú ó dheireadh na hidirthréimhse.

Chomh maith leis na cearta rochtana, bheadh impleachtaí ann freisin do ghnéithe eile de bheartas iompar ar bóthar a bhaineann le tarlú bóthair amhail sábháilteacht ar bhóithre, rialacháin shóisialta, chomhshaoil agus theicniúla (uaireanta tiománaithe, tréimhsí scíthe, deimhnithe inniúlacht ghairmiúil, srl.). Is féidir sonraí díobh seo a fháil ar www.dttas.gov.ie/Breatimeacht.

Ón 1 Eanáir 2021, beag beann ar thoradh na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair, ní chuirfidh an RA rialacha Mhargadh Aonair agus Aontas Custam an Aontais i bhfeidhm a thuilleadh. Ciallaíonn sé sin go mbeidh aon ghnó a ghluaiseann earraí ón Ríocht Aontaithe agus tríd (gan Tuaisceart Éireann san áireamh) faoi réir réimse nósmaireachtaí nua custaim agus riachtanais rialála eile. Ba cheart do ghnólachtaí, lena n-áirítear cuideachtaí tarlaithe agus lóistíochta, a bheith eolach ar na doiciméid go léir a bheidh ag teastáil chun earraí a aistriú idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe ón dáta sin. Ní bheidh tarlóirí in ann dul ar bord báid

farantóireachta go dtí an Ríocht Aontaithe ná uaithi ón 1 Eanáir 2021 mura mbeidh an doiciméadúchán go léir comhlánaithe roimh ré agus curtha i láthair i gceart. Tá tuilleadh eolais faoi na saincheisteanna seo leagtha amach i gCaibidil 2 den Phlean Gníomhaíochta seo.

Seirbhísí Bus Trasteorann

Tá an Rialtas tiomanta do leanúnachas seirbhísí bus trasteorann a chinntiú i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse.

Tá roinnt ábhar ina n-ábhair chaibidlíochta leanúnacha idir an tAE agus an RA. Táthar ag súil freisin go mbeidh ar chumas na Ríochta Aontaithe foráil a dhéanamh maidir le daingniú an Chomhaontaithe Idirbhus agus a Phrótacal (comhaontú idirnáisiúnta (agus prótacal leathnaithe) lena rialaítear seirbhísí bus idir tríú tír agus an tAontas Eorpach) roimh dheireadh na hidirthréimhse, chun a áirithiú go dtiocfaidh sí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021. I gcás den sórt sin, leanfaí le nascacht iomlán do sheirbhísí bus agus cóiste amach anseo, cé is moite de chabataíste paisinéirí.

I gcás nach dtiocfar ar aon chomhaontú idir an tAE agus an RA, agus nach n-aontaíonn an Ríocht Aontaithe leis an bPrótacal Idirbhus roimh an 31 Nollaig 2020, rachaidh Éire i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach féachaint an bhféadfaí Rialachán Teagmhais AE a thabhairt isteach chun leibhéil iomchuí seirbhísí bus trasteorann a éascú i ndiaidh na hidirthréimhse. Mar bheart teagmhais náisiúnta eile, tugann Cuid 13 de Bhille Breatimeachta 2020 cead don Aire Iompair leanúint air ag éascú seirbhísí bus trasteorann i gcúinsí den sórt sin.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Leanúint air ag plé leis an gCoimisiún Eorpach agus le geallsealbhóirí maidir le nascacht bóithre chun a chinntiú go gcuirtear isteach a laghad agus is féidir ar tharlú idirnáisiúnta bóthair go dtí an Ríocht Aontaithe, uaithi agus tríthi, agus ar sheirbhísí bus trasteorann.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- Smaoineamh ar na pleananna teagmhasacha a chaithfear a chur i bhfeidhm i gcás nach mbeidh aon socruithe á n-aontú nó i gcás nach mbeidh na leibhéil rochtana atá ann cheana (e.g. cabatáiste) ar fáil. Ba cheart go n-áireofaí sna pleananna sin samhlacha malartacha gnó chun earraí a aistriú chuig an RA nó tríd an RA, chomh maith le bealaí malartacha, chuig an gcuid eile den Eoraip i gcomhair trádála san AE.
- Ba cheart do sholáthraithe tarlaithe agus lóistíochta, agus dá gcustaiméirí, a bheith go hiomlán ar an eolas faoin bhfaisnéis riachtanach (custaim, seiceálacha Sláintíochta agus Fíteashláintíochta srl.) is gá chun gluaiseacht earraí idir an tAE agus an RA a éascú ón 1 Eanáir 2021.
- Tá roinnt gníomhartha eile ann ar féidir le tarlóirí ceadúnaithe Éireannacha agus tiománaithe tráchtála a chónaíonn nó a oibríonn in Éirinn a dhéanamh chun cabhrú le

hullmhú, amhail Deimhniú Inniúlachta Tiománaithe na Ríochta Aontaithe a mhalartú do chomhionann na hÉireann. Leanfaidh an Roinn Iompair agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre orthu ag plé leis an tionscal maidir le ceisteanna den sórt sin de réir mar a leanfar le hullmhúcháin.

- Le haghaidh faisnéise sna míonna amach romhainn, ba cheart d'oibreoirí fanacht ar an airdeall maidir le cumarsáid ón Údarás Náisiúnta Iompair, a fhoilseoidh aon athruithe rialála maidir le taisteal cóiste agus bus go dtí an RA (Tuaisceart Éireann san áireamh) ar a láithreán gréasáin.

Tá Fógra Ullmhachta foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir le hiompar bóthair.

3.1.4. Nascacht Mhuirí

I ndiaidh comhairliúchán leanúnach leis an earnáil loingseoireachta, agus ós rud é go bhfuil roinnt seirbhísí díreacha nua bunaithe idir calafoirt Éireannacha agus ilchríochacha, lena n-áirítear le linn phaindeim COVID-19, is é meastóireacht an Rialtais gur cheart go mbeadh dóthain acmhainne ar fáil ar bhealaí díreacha chuig calafoirt ilchríochacha i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse.

Má tharlaíonn cur isteach ar feadh tréimhse, i.e. i gcás ina sáraíonn an t-éileamh ar bhealaí díreacha chuig calafoirt ilchríochacha an soláthar mar gheall ar chur isteach ar bhealach dhroichead talún na Ríochta Aontaithe, is dócha gur sa tréimhse láithreach i ndiaidh an 1 Eanáir 2021 is measa a bheidh cúrsaí mar gheall ar an ngearraga moille idir éileamh méadaithe ar nascacht dhíreach leis an Mór-Roinn agus freagairt sa mhargadh, de réir mar a dhéanann cuideachtaí loingseoireachta measúnú ar an staid agus mar a chuireann siad na bearta freagartha i bhfeidhm.

Tá buille gan fasach tugtha ag COVID-19 don earnáil loingseoireachta le titim i líon na bpaisinéirí atá ag taisteal ar muir. Tá an Rialtas ag obair trí chainéil éagsúla chun cabhrú le calafoirt agus le cuideachtaí loingseoireachta, nuair is féidir, na slabhraí soláthair a choinneáil ag feidhmiú le linn na géarchéime seo agus ba cheart go gcinnteodh sé sin go mbeidh an tionscal in ann acmhainn leordhóthanach lastais agus paisinéirí a sholáthar i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Leanúint den athbhreithniú ar an staid athraitheach maidir le nascacht mhuirí le calafoirt ilchríochacha, agus fanacht i gcomhairle leis an earnáil mhuirí maidir leis an tsaincheist seo.
- Dul i dteagmháil le cuideachtaí loingseoireachta agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis na háiseanna agus leis na próisis atá á mbunú laistigh de Bhaile Átha Cliath agus Europort Ros Láir (féach Alt 1.4 thuas).

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- Leanúint orthu ag measúnú riachtanais éilimh ionchasacha don am atá le teacht agus a bheith réidh chun freagairt d'éilimh mhéadaithe ar acmhainn.
- Smaoineamh ar bhogadh, roimh dheireadh na hidirthréimhse, chun roghanna bealaí díreacha chun earraí a aistriú ó Éirinn go dtí an Mhór-Roinn chun moilleanna féideartha agus na nósanna imeachta nua a sheachaint a bhaineann le droichead talún na Ríochta Aontaithe a úsáid.

Tá roinnt Fógraí Ullmhachta maidir leis an Earnáil Mhuirí tugtha cothrom le dáta ag an gCoimisiún Eorpach, agus Márta 2020 go dtí Iúil 2020 san áireamh, agus áirítear orthu sin:

- Maidir [leis an tSlándáil Mhuirí](#)
- Maidir [le hIompar Muirí](#)
- Maidir le [hIompar Muirí - Tuairisciú ar Astaíochtaí CO2](#)

Féach freisin [Fógra Mara na hÉireann Uimh. 35 in 2020](#) ar Iompar Muirí.

3.2. Ceanglais maidir le ceadúnas tiomána agus árachas

I ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse, ní bheidh ceadúnais tiomána na Ríochta Aontaithe bailí a thuilleadh do dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn. Beidh ar shealbhóirí ceadúnais na Ríochta Aontaithe a gceadúnas sa Ríocht Aontaithe a mhalartú le haghaidh ceadúnas Éireannach. Is í an tSeirbhís Náisiúnta Ceadúnas Tiomána (NDLS) a sholáthraíonn an tseirbhís ceadúnas tiomána agus ceadúnas foghlaimeora thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), agus le linn 2019, próiseáladh 49,685 iarratas ar mhalartú ceadúnais sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann, mar aon le 3,496 sa bhreis go 27 Lúnasa 2020. Is féidir sonraí faoin gcaoi le do cheadúnas a mhalartú a fháil ar www.ndls.ie. Ba chóir duit iarracht a dhéanamh do cheadúnas a mhalartú láithreach agus tamall maith roimh an 31 Nollaig 2020 chun dóthain ama a thabhairt chun do cheadúnas nua a fháil. Ní bhaineann an ceanglas chun do cheadúnas a mhalartú ach amháin le daoine a chónaíonn in Éirinn agus ní bhaineann sé ná ní thagann sé i gceist le cuairteoirí ná le lucht saoire in Éirinn.

I measc fhormhór mór pholasaithe mótararachais na hÉireann tá clúdach le haghaidh taistil san RA cheana féin. I gcásanna den sórt sin, beidh tiománaithe go fóill faoi árachas chun tiomáint i ndiaidh na hidirthréimhse. Sula dtéann siad go dtí an RA, ba cheart do shealbhóirí polasaí athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaí árachais chun a dheimhniú go bhfuil taisteal den chineál sin clúdaithe go sonrach.

Cártaí Glasa

Is doiciméad é cárta glas is féidir a chur faoi bhráid oifigigh forfheidhmithe dlí ama iarraidh sin, mar chruthúnas ar mhótarárachas agus le linn taisteal idirnáisiúnta. Faoi Threoir Mótarárachais an Aontais, ceadaítear do gach mótarfheithicil ó bhallstáit ar bith de chuid an Aontais taisteal laistigh den Aontas gan an ceanglas cárta glas a iompar. Ní bheidh feidhm ag an Treoir sin a thuilleadh maidir le feithiclí atá cláraithe san RA agus i dTuaisceart Éireann atá cláraithe in Éirinn, ná in aon Bhallstát de chuid an AE, ón 1 Eanáir 2021, beidh cárta glas ag teastáil mar chruthúnas ar mhótarárachas.

I gcás feithiclí atá cláraithe san Aontas Eorpach agus atá ag dul isteach san RA, dheimhnigh an RA sa tréimhse roimh Bhreatimeacht fhéideartha, gan socrú, i mí Dheireadh Fómhair 2019 go nglacfaidh sí le Cárta Glas nó le cruthúnas árachais eile. I gcás feithiclí atá cláraithe in Éirinn, dheimhnigh an RA go nglacfaidh sí leis an diosca mótarárachais mar chruthúnas árachais. Ciallaíonn sé sin, bunaithe ar sheasamh na Ríochta Aontaithe, nach mbeidh cártaí glasa ag teastáil d'fheithiclí atá cláraithe in Éirinn atá ag teacht isteach i dTuaisceart Éireann nó sa Bhreatain Mhór.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Leanúint air ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí maidir le Riachtanais Chárta Glas agus árachais, ag glacadh tuilleadh céimeanna de réir mar is gá.
- Gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana a threisiú tríd an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) chun sealbhóirí ceadúnas tiomána na Ríochta Aontaithe a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a chur ar an eolas gur gá dóibh a gceadúnas san RA a mhalartú ar cheann Éireannach roimh an 31 Nollaig 2020.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- A chinntiú go bhfuil ceadúnas tiomána a aithnítear in Éirinn ag fostaithe má tá gá acu leis chun críocha gnó.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar do pholasaí árachais chun a dheimhniú go bhfuil clúdach na Ríochta Aontaithe agat ar fheithiclí oibre roimh aon taisteal chuig an RA.

Ba cheart do dhaoine aonair anois:

- Do pholasaí árachais a sheiceáil chun a dheimhniú go bhfuil clúdach na Ríochta Aontaithe agat roimh aon taisteal chuig an RA.
- A dheimhniú, roimh aon taisteal go dtí an RA, cad iad riachtanais na Ríochta Aontaithe maidir le cruthúnas árachais.
- Má tá tú i do chónaí in Éirinn agus má tá Ceadúnas Tiomána san RA agat, ba chóir duit do cheadúnas a mhalartú ar cheadúnas Éireannach, a luaithe is féidir roimh an 31 Nollaig 2020, trí na céimeanna atá leagtha amach ar [shuíomh gréasáin NDLS](#) a leanúint.

- A bheith ar an eolas faoi riachtanais an chárta ghlais. Tá eolas cothrom le dáta ar fáil ar www.mibi.ie/Breatimeacht

Tá Fógra Ullmhachta foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach ar [Iompar Bóthair](#), lena n-áirítear ceadúnais tiomána.

3.3. Fánaíocht

Ag deireadh na hidirthréimhse, ní bheidh feidhm a thuilleadh leis an rochtain ag tomhaltóirí Éireannacha ar Fhánaíocht-Mar-Atá-Sa-Bhaile san Aontas Eorpach maidir le taisteal chuig an RA. Mar thoradh air sin, beidh oibreoirí móibíleacha in ann formhuirear a chur i bhfeidhm ar chustaiméirí fánaíochta. Beidh sé sin amhlaidh chomh maith maidir le taisteal a dhéanann tomhaltóirí Éireannacha go Tuaisceart Éireann. Tá sé curtha in iúl ag formhór na n-oibreoirí teileachumarsáide go bhfuil sé ar intinn acu leanúint ar aghaidh leis an gcóras reatha i ndiaidh mhí na Nollag 2020, d'fhéadfadh athrú a bheith air sin áfach, le himeacht ama.

Ba cheart do dhaoine aonair anois:

- Fanacht ar an eolas faoin gcur chuige a bheidh ag a n-oibreoir fón póca i leith na fánaíochta ag deireadh na hidirthréimhse agus san am atá le teacht.

4. Trádáil i Seirbhísí

4.1. Trádáil i Seirbhísí

Ón 1 Eanáir 2021, beag beann ar thoradh na caibidlíochta leanúnaí, ní chuirfidh an RA rialacha Mhargadh Aonair an Aontais um Sheirbhísí i bhfeidhm a thuilleadh. Ciallóidh sé sin deireadh a bheith leis an tsaoráid uathoibríoch i ndlí an Aontais a cheadaigh i dtéarmaí ginearálta do ghnólachtaí na Ríochta Aontaithe, mar ghnólachtaí a bunaíodh i mBallstát de chuid an Aontais, seirbhísí a sholáthar i mBallstát eile de chuid an Aontais. Ní bheidh buntáistí mar shaoirse bhunaíochta, timpeallacht chomónta rialála agus mhaoirseachta, ná córas aitheantais cáilíochtaí gairmiúla an AE ag gnólachtaí na Ríochta Aontaithe a thuilleadh. Ní leor a thuilleadh, maidir leis an RA, an coincheap 'pasáil', a thugann le tuiscint gur leor údaruithe a eisíonn Ballstát amháin, a bhíonn bunaithe ar rialacha an Aontais, chun rochtain a fháil ar Mhargadh Aonair iomlán an Aontais.

Más cuideachta Éireannach thú atá ag feidhmiú san RA, nó más gnó thú san RA, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann, atá ag feidhmiú san AE, ní mór duit ullmhú anois do na hathruithe seo ar chearta rochtana agus bearta a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar na tionchair ar d'oibríochtaí a imreoidh aon rialacha, nósanna imeachta, agus / nó údaruithe a rialaíonn soláthar seirbhísí i ngach dlínse.

Tá tionchar na n-athruithe sin i réimsí na Seirbhísí Airgeadais, Fuinnimh, aitheantas na gcáilíochtaí gairmiúla, agus an tSoláthair Phoiblí leagtha amach thíos.

4.2. Seirbhísí Airgeadais

Meastar go bhfuil na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais, d'earnáil na seirbhísí airgeadais, agus do thomhaltóirí seirbhísí airgeadais measartha íseal mar thoradh ar ullmhúcháin fhairsinge a rinneadh cheana féin. Ní féidir leibhéal áirithe cur isteach ar an margadh a sheachaint, ach táthar ag súil go mbeidh an córas airgeadais ina iomláine acmhainneach go leor lena sheasamh.

Cé nach mbeidh 'pasáil' na seirbhísí airgeadais idir an tAontas Eorpach agus an RA indéanta a thuilleadh i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse, i gcásanna áirithe, féadfaidh an AE a aithint go bhfuil córas rialála nó maoirseachta tíre neamh-AE coibhéiseach le córas comhfhreagrach an Aontais. Tá cinntí sealadacha coibhéise tugtha cheana féin ar chúiseanna cobhsaíocht airgeadais i roinnt réimsí agus leanann an Coimisiún Eorpach air ag meas an féidir cinntí coibhéise breise a dhéanamh. Óna taobh féin de, tá Córas Cead Sealadach tugtha isteach ag an RA, rud a ligeann do ghnólachtaí LEE feidhmiú ar feadh tréimhse theoranta trí bliana i ndiaidh don chóras pasála a bheith críochnaithe agus iad ag lorg údaraithe ó rialtóirí na Ríochta Aontaithe.

Áirítear i mBille Breatimeachta 2020 roinnt beart a íoslaghdóidh an cur isteach, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le críochnaitheacht socraíochta agus chun cur ar chumas gnóthais agus idirghabhálaithe árachais na Ríochta Aontaithe agus Ghiobráltar leanúint orthu ag comhlíonadh oibleagáidí conarthacha dá gcustaiméirí Éireannacha i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse. Is féidir tuilleadh eolais faoin mBille a fháil in alt 1.5 den Phlean Gníomhaíochta seo.

Mar tharchuradóir mór sonraí idir an RA agus an tAontas Eorpach, beidh tionchar nach beag ag toradh an phlé chomhthreomhair ar leordhóthanacht sonraí ar earnáil na seirbhísí airgeadais.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Leanúint air ag obair go dlúth le CBI agus le NTMA tríd an nGrúpa um Chobhsaíocht Airgeadais de réir mar is gá, agus tríd an nGrúpa Teagmhála Breatimeachta chun teorainn a chur le tionchar na bpríomhríoscaí aitheanta i gcóras airgeadais na hÉireann agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le pleanáil ullmhachta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu atá aon tionchar tulchnagtha ag COVID-19 ar ullmhacht an chórais airgeadais do dheireadh na hidirthréimhse, nó ar dhul chun cinn gnólachtaí nach bhfuil pleanáil ullmhachta curtha i gcrích acu go fóill.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar aon ríoscaí nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn de réir mar a thiocfaimid níos gaire do dheireadh na hidirthréimhse agus oibriú go dlúth le gnólachtaí seirbhísí airgeadais chun a chinntiú go bhfuil pleananna teagmhasacha i bhfeidhm acu chun an tionchar ar chustaiméirí, infheisteoirí agus margaí a íoslaghdú.
- Leanúint de mheasúnuithe tráthúla agus / nó de chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le ceisteanna amhail coibhéis a spreagadh, lena n-áirítear sna réimsí sin nach ndeonófar coibhéis, chun soiléireacht a thabhairt do ghnólachtaí atá ag pleanáil do dheireadh na hidirthréimhse.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- D'ullmhacht agus do phleanáil theagmhasach a thabhairt chun críche agus gníomhartha ullmhúcháin a dhéanamh de réir threoir an Choimisiúin Eorpaigh.
- Measúnú a dhéanamh ar shocruithe reatha agus pleananna a fhorbairt chun a áirithiú go gcomhlíonfar RGCS agus Treoracha agus Rialacháin ábhartha eile de chuid an AE maidir le haistrithe sonraí chuig tríú tíortha i gcás nach ndéanfar aon chinneadh leordhóthanacht sonraí san RA.

Tá Fógraí Ullmhachta foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach i réimse na Seirbhísí Airgeadais, lena n-áirítear:

- maidir le [Bainistíocht Sócmhainní](#)

- maidir le [Seirbhísí Baincúireachta agus Íocaíochta](#)
- maidir le [hÁrachas agus Ath-Árachas](#)
- maidir le [Seirbhísí Infheistíochta](#)
- maidir le [Seirbhísí Airgeadais Iar-Thrádála](#)

4.3. Fuinneamh

Ní mheastar go gcuirfear isteach ar sholáthar gás nádúrtha, leictreachais ná ola in Éirinn mar thoradh ar an mBreatimeacht.

Leictreachas agus Gás

D'oibrigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) le príomhchomhlachtaí Stáit lena n-áirítear an Coimisiún um Rialáil Fónais in Éirinn (CRU) agus oibreoirí córas tarchurtha an leictreachais (EirGrid) agus gás nádúrtha (Líonraí Gáis Éireann), faoi seach, chun a chinntiú go bhfuil pleananna nuashonraithe acu chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna éagsúla leictreachais agus gáis i réimsí amhail trádáil leictreachais agus gás nádúrtha.

I gcás leictreachais, déantar foráil sa Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le hoibriú leanúnach an Mhargaidh Leictreachais Aonair ar oileán na hÉireann. Mar sin féin, in éagmais comhaontaithe maidir le saincheisteanna fuinnimh, san idirbheartaíocht reatha idir an tAontas agus an RA, ní bheidh na socruithe trádála reatha don 'lá atá romhainn' le haghaidh trádála ar fud idirnascairí leictreachais idir Ballstáit an AE i bhfeidhm a thuilleadh idir an MLA agus an Bhreatain Mhór, ó tharla an RA a bheith ina tríú tír feasta agus gan a bheith ina ball de Mhargadh Inmheánach Fuinnimh an Aontais a thuilleadh. Mar thoradh air sin, caillfear éifeachtúlacht i dtrádáil MLA. Tá roinnt socruithe teagmhasacha curtha in áit chun feabhas a chur ar thrádáil 'ionlae' ar fud na n-idirnascairí agus chun leachtacht níos mó a éascú idir MLA agus an Bhreatain Mhór sa chreat ama sin, amhail il-Oibreoirí Margaidh Leictreachais Ainmnithe (NEMO) ar thaobh na Breataine Móire agus garaíocht d'orduithe casta sna trí cheant ionlae, sceidealta le teacht i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair.

Táthar ag súil go bhfanfaidh na rialacha reatha maidir le gás nádúrtha a thrádáil ar fud idirnascairí leis an RA mar an gcéanna. Mar sin féin, i gcás aon chur isteach ar éigeandáil soláthar gáis amach anseo, ní bheidh an RA faoi cheangal dlíthiúil a thuilleadh le hoibleagáidí reatha dhlí an AE cúnaimh a thabhairt d'Éirinn. Dá bhrí sin, tá Éire ag leanúint ar aghaidh ag obair lenár gcomhpháirtithe san AE sa chaibidlíocht leis an RA chun comhar leanúnach maidir le slándáil an tsoláthair gháis nádúrtha a áirithiú amach anseo.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Leanúint air ag plé leis an gCoimisiún Eorpach i dtaca le bearta agus réitigh theagmhasacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tionchair na Breatimeachta ar sholáthar fuinnimh in Éirinn, lena n-áirítear slándáil an tsoláthair gháis nádúrtha, agus

trádáil leictreachais níos éifeachtúla amach anseo trí na hidirnascairí tar éis na Breatimeachta.

- Leanúint dá chumarsáid agus dá rannpháirtíocht le lucht tionscail agus le páirtithe leasmhara chun ardleibhéil feasachta a áirithiú maidir le himpleachtaí Breatimeachta ar chúrsaí fuinnimh, agus aon ullmhúcháin riachtanacha le cumarsáid nuashonraithe ón rialtóir agus ó oibreoirí an chórais leictreachais agus gáis.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- Dlús a chur leis na hullmhúcháin do na hathruithe a bhaineann le hallmhairiú agus le soláthar fuinnimh a tharlóidh ar an 1 Eanáir 2021.
- Leanúint ar aghaidh ag plé le for-rochtain geallsealbhóirí a sheachadtar trí na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit cuí mar bhealach chun taca a chur faoi chinntí eolasacha ábhartha.

4.4. Aitheantas do Cháilíochtaí Gairmiúla

Leanfar de cháilíochtaí gairmiúla an Aontais atá ann cheana a aithint sa RA agus mar an gcéanna, leanfar de cháilíochtaí reatha na Ríochta Aontaithe a aithint san Aontas Eorpach. Tacaíonn roinnt beart leis an aitheantas seo, lena n-áirítear foráil sa Chomhaontú um Tharraingt Siar chun cáilíochtaí a aithnítear faoi láthair a cheadú faoi aon socruithe nua.

Aon duine a dhéanann iarratas a gcáilíocht a aithint den chéad uair ón 1 Eanáir 2021 ní bheidh siad cumhdaithe a thuilleadh ag Treoir an Aontais maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla. Leanfar de cháilíochtaí nua AE san RA agus a mhalairt a aithint i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse, cé go mbeidh sé sin bunaithe ar rialacha náisiúnta agus go mbeidh na próisis níos casta.

Tá obair fhairsing déanta ag rialtóirí Éireannacha agus ag údaráis inniúla, thar iliomad réimsí, chun ullmhú don athrú seo. Lasmuigh den chreat a sholáthraíonn an tAontas, beidh socruithe nua níos casta, áfach, agus beidh siad faoi réir an chur chuige a ghlacfaidh rialálaithe aonair agus údaráis inniúla.

Aitheantas do Cháilíochtaí Gairmiúla – Gás Fluairínithe (F-Gás)

Faoi Rialachán AE 517/2014 (agus rialacháin cur chun feidhme gaolmhara) ní mór do chomhlacht deimhniúcháin an AE iad siúd atá ag obair le trealamh F-Gáis (go príomha sna hearnálacha cuisniúcháin, aerchóirithe agus caidél teasa ach freisin sochta dóiteáin, aerchóiriú soghluaiste, tuaslagóirí, agus lascthealamh leictreach) a dheimhniú, agus éilíonn an reachtaíocht freisin aitheantas frithphárteach deimhnithe a fhaightear i mBallstáit an AE. Nuair a bheidh an RA ina tríú tír, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag socruithe maidir le haitheantas frithphárteach cáilíochtaí agus deimhnithe san RA. Beidh ar dhaoine aonair atá ag brath faoi láthair ar dheimhniú sa RA athdheimhniú a dhéanamh chun leanúint orthu ag feidhmiú san earnáil agus chun an gá féideartha atá le hathoiliúint a fháil a sheachaint.

Faoi [scéim athdheimhniúcháin](#), a fhaigheann tacaíocht ó chumarsáid fairsing agus ó rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, tá teastas Éireannach (EU-27) faighte ag 2,833 duine go dtí seo a bhfuil teastais F-Gás na Ríochta Aontaithe acu, trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá ndeimhniú san RA. Leis an mBille Omnibus Breatimeachta 2020, beifear in ann daoine aonair a bhfuil teastais/cáilíochtaí F-gáis na Ríochta Aontaithe acu a athdheimhniú chun leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse sé mhí i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse (is féidir le daoine aonair iarratas a dhéanamh ar athdheimhniú le linn na gcéad cheithre mhí den tréimhse sin).

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Tacú le gealltanais rialtóirí Éireannacha maidir le próisis aitheantais lena gcomhghleacaithe san RA.
- Reachtaíocht a thabhairt chun cinn nuair is gá, mar atá i gcás na scéime athdheimhniú F-Gás. Feasacht a mhéadú trí chumarsáid agus for-rochtain do pháirtithe leasmhara agus do lucht tionscail.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- A chinntiú go bhfuil tú ar an eolas faoi na hullmhúcháin is gá maidir le haitheantas leanúnach a fháil ar cháilíochtaí gairmiúla na Ríochta Aontaithe i ndiaidh Breatimeachta, agus go bhfuil tú ar an eolas faoi aon impleachtaí gaolmhara lena n-áirítear an ceart chun cleachtadh. Is iad na comhlachtaí gairmiúla agus na rialtóirí an chéad phointe teagmhála ríthábhachtach.
- Ba cheart do chomhlachtaí gairmiúla agus rialála leanúint de na baill a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse seo i ndáil le baill atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Ba cheart do dhaoine aonair anois:

- Dul i dteagmháil lena gcomhlacht gairmiúil nó lena rialtóir ábhartha le haghaidh tuilleadh eolais maidir lena ngairm agus a gcáilíochtaí agus, más gá, aon ghníomhaíocht feabhais a dhéanamh roimh dheireadh na hidirthréimhse. Beidh tábhacht ar leith ag daoine aonair a bhfuil súil acu cáiliú i ndiaidh na hidirthréimhse a dtagann a gcáilíochtaí faoi raon feidhme threoracha an AE.

Tá Fógra Ullmhachta foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir le [Gáis Cheaptha Teasa Fhluarínithe](#).

4.5. Soláthar Poiblí

Déileálann an Comhaontú um Tharraingt Siar le soláthar poiblí leanúnach le linn na hidirthréimhse. Leis an gComhaontú, cuirtear deimhneacht dhlíthiúil ar fáil dáiríre maidir le nósanna imeachta soláthar poiblí atá ar feitheamh roimh dheireadh na hidirthréimhse. Ba

cheart iad sin a chur i gcrích de réir dhlí an Aontais, agus dá bhrí sin faoi na rialacha nós imeachta agus substainteacha céanna leo siúd faoinar seoladh iad.

D'fhoilsigh an Oifig um Sholáthar Rialtais [Nóta Eolais maidir le Breatimeacht agus Soláthar Poiblí](#) a athbhreithnítear de réir mar a thagann faisnéis ábhartha chun solais.

San am atá fágtha laistigh den idirthréimhse, oibreoidh an Rialtas chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí Breatimeachta maidir le ráthaíochtaí atá ann cheana a bhaineann le dlí soláthair an AE, agus chun cuidiú le gnólachtaí ardleibhéal feasachta a fhorbairt maidir le himpleachtaí dheireadh na hidirthréimhse ar cheannaitheoirí agus ar sholáthróirí a bhfuil baint acu leis an soláthar.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- An tábhacht a bhaineann le pleanáil theagmhasach a athdhearbhú trí struchtúir rialachais agus trí rannpháirtíochtaí páirtithe leasmhara.
- Treoir iomchuí a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir le tionchar taraifí EDT agus éagsúlacht rialála ó thaobh an tsoláthair de.
- Dul i ngleic go rialta le soláthróirí ar chreataí OGP maidir lena bpleanáil theagmhasach i gcomhair na Breatimeachta.
- A chinntiú go mbainisteadh Ranna rioscaí agus go gcuirfidh siad teagmhais i bhfeidhm.
- Leanúint den chabhair d'acmhainn mhéadaithe i measc comhlachtaí rialála ábhartha.

Tá fógra foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach do gheallsealbhóirí maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe agus [rialacha an Aontais i réimse an tSoláthair Phoiblí](#).

5. Saincheisteanna Earnála Eile

5.1. Comhoibriú Breithiúnach agus Forfheidhmithe Dlí

Tá an Comhoibriú Breithiúnach agus Forfheidhmiú Dlí idir Éirinn agus an RA go fóill ríthábhachtach, agus comhthéacs Thuaisceart Éireann san áireamh. Cé gur lú de bharrmhaitheas iad ná creatreatha an Aontais, cuirfear i bhfeidhm iad chun córas inmharthana eiseachadta a áirithiú leis an RA, agus chun an córas malartaithe sonraí forfheidhmiú dlí a choinneáil ar bhealach atá comhoiriúnach le hionstraimí an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Tabharfaidh forálacha maidir le heiseachadadh, atá san áireamh i mBille Omnibus Breatimeachta 2020, bonn reachtach do shocruithe malartacha eiseachadta faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le hEiseachadadh 1957.

Sainithníodh réitigh agus cuirfear i bhfeidhm iad chun a chinntiú go ndéanfar an fhaisnéis phóilíneachta a mhalartú is gá idir gníomhaireachtaí forfheidhmiú dlí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe faoi chreat réisim an AE um Chosaint Sonraí, i gcás nach ndéanfaí an AE cinneadh leordhóthanachta don RA maidir le RGCS agus an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí maidir le Cosaint Sonraí. Tá socruithe den sórt sin tábhachtach i gcomhthéacs comhoibriú póilíneachta Trasteorann agus an Comhlíonadh Taistil a chaomhnú.

In éagmais comhaontaithe ar a mhalairt, ní bheidh feidhm ag dlí an AE a thuilleadh maidir le himeachtaí dlíthiúla a bhaineann leis an RA a luaite a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse reatha. I measc na réimsí lena mbaineann tá díospóidí tráchtála agus cúrsaí dlí teaghlaigh. Cé nach féidir le haon réiteach cúltaca an méid beacht clúdaigh atá ar fáil faoi láthair faoi ionstraimí reatha an AE a thairiscint, sainithníodh réitigh chúltaca i réimsí áirithe, lena n-áirítear rialacha dlí náisiúnta mar atá siad in Éirinn agus san RA agus i gCoinbhinsiún idirnáisiúnta a bhfuil Éire agus an RA araon páirteach ann. Ní mór a aithint, áfach, nach bhfuil siad sin chomh héifeachtach nó chomh cuimsitheach céanna le hionstraimí inchomparáide an Aontais.

Tá [Fógra do Gheallsealbhóirí](#) foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach le déanaí chun iarratas a dhéanamh i réimse an cheartais sibhialta agus an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse. Molann an Coimisiún, go háirithe *"Geallsealbhóirí a bhfuil sé i gceist acu conarthaí a thabhairt i gcrích le duine nó le cuideachta san RA nó imeachtaí a thionscnamh i gcúrsaí sibhialta nó tráchtála a bhaineann leis an RA nó breithiúnais a fhorfheidhmiú i gcúrsaí den sórt sin, ba chóir dóibh comhairle dhlí a lorg"*.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Oibriú chun socruithe cuí a chur i bhfeidhm idir Éirinn agus an RA, nuair is féidir.
- Oibriú chun a áirithiú go maolaíonn coinbhinsiúin idirnáisiúnta tionchair ar an gcomhoibriú i réimse an cheartais sibhialta, le béim ar leith ar dhlí an teaghlaigh agus ar aitheantas agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair sibhialta agus thráchtála.
- Reachtaíocht fhéideartha a shaothrú a bhaineann le haitheantas colscarthaí na Ríochta Aontaithe i ndiaidh na hidirthréimhse.
- Dlús a chur le cumarsáid agus le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara chun feasacht a chinntiú maidir le tionchair dhlíthiúla fhéideartha do ghnólachtaí.
- Reachtaíocht le haghaidh socruithe nua eiseachadta i mBille Omnibus Breatimeachta 2020.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- Measúnú a dhéanamh ar shocruithe conarthacha le gnólachtaí na Ríochta Aontaithe agus clásail a fhorbairt lena gcur san áireamh i gconarthaí chun comhlíonadh an dlí a áirithiú.

- Coinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí maidir le coibhéis rialála leanúnach na Ríochta Aontaithe faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus vice versa.

Tá fógra do gheallsealbhóirí foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe agus rialacha an Aontais i réimse an Cheartais Shibhialta agus an Dlí Idirnáisiúnta Phróbháidigh.

5.2. Sonraí Pearsanta a Aistriú

Ag deireadh na hidirthréimhse, ní bheidh an RA faoi cheangal a thuilleadh ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí. Is féidir leanúint le haistrithe sonraí pearsanta chuig an RA ach ní mór dóibh cloí leis na rialacha agus leis na coimircí chun sonraí den sórt sin a aistriú chuig tíortha nach ballstáit den Aontas iad mar a leagtar amach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) nó sa Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí. Is féidir leis an Aontas cinneadh aontaobhach 'leordhóthanacht' a ghlacadh, ar bhonn Airteagal 45 den RGCS, má mheasann sé go dtairgeann an tríú tír leibhéal leordhóthanach cosaint sonraí. Tá measúnú den sórt sin á dhéanamh ag Coimisiún na Ríochta Aontaithe faoi láthair. Ní fios cén uair a bheas an measúnú sin curtha i gcrích. In éagmais cinnidh maidir le leordhóthanacht sonraí, athrófa na rialacha lena rialaítear aistriú sonraí pearsanta chuig an RA, amach ó na rialacha a rialaítear le hAirteagal 71(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Má roinneann d'eagraíocht sonraí pearsanta le heagraíochtaí atá lonnaithe san RA (lena n-áirítear Tuisceart Éireann mar nach gclúdaíonn raon feidhme an Phrótacail ar Éirinn agus Tuisceart Éireann Rialachán RGCS an AE), ní mór duit a chinntiú go gcomhlíonann tú rialacha ábhartha an Aontais is infheidhme maidir le haistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha. Ina theannta sin, má úsáideann d'eagraíocht Clásail Chaighdeánacha Chonartha (SCCna) nó coimircí eile le haghaidh aistrithe sonraí chuig tríú tíortha, ba cheart duit measúnú a dhéanamh freisin ar impleachtaí bhreithiúnas Schrems II le déanaí maidir le haistrithe sonraí, rud a chuireann dualgas ar eagraíochtaí a chinntiú go dtairgeann na meicníochtaí sin leibhéal leordhóthanach cosanta.

D'eisigh an Coimisiún Eorpach agus Coimisinéir Cosaint Sonraí na hÉireann (DPC) araon comhairle maidir le saincheistanna cosaint sonraí a eascraíonn as Breatimeacht agus thug siad treoir maidir leis na coimircí agus leis na maoluithe cuí is féidir a chur i bhfeidhm faoin RGCS nuair a bheas an RA ina tríú tír.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas::

- Leanúint ar aghaidh le hobair ullmhachta thras-Rannach chun saincheistanna a aithníodh roimhe seo maidir le haistrithe sonraí pearsanta chuig an RA a aithint agus a nuashonrú.

- Leanúint orthu ag cur bearta maolaithe cuí i bhfeidhm chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú i ndiaidh an 31 Nollaig 2020.
- Anailís a dhéanamh agus dul i mbun oibre ag leibhéal an AE maidir le breithiúnas chás Schrems II.
- Dlús a chur le gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana do ghrúpaí earnála agus don earnáil phríobháideach maidir le 'cosaint sonraí a fháil réidh' mar chuid den chéad chéim eile de chumarsáid ullmhachta an Rialtais maidir le Breatimeacht.

Ba cheart do ghnólachtaí anois:

- Gníomhartha ullmhúcháin a dhéanamh i gcomhréir le treoir an Choimisiúin Eorpaigh: socruithe reatha a mheas agus pleananna a fhorbairt chun a áirithiú go gcloítear le RGCS agus le Treoracha agus Rialacháin ábhartha eile de chuid an Aontais maidir le haistriú sonraí chuig tríú tíortha i gcás nach ndéanfar aon chinneadh leordhóthanachta sonraí san RA.

Tá Fógra Ullmhachta foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir [le Cosaint Sonraí](#).

6. Caidreamh Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar

6.1. Tuaisceart Éireann agus cur i bhfeidhm an Phrótacail

Is cuid dhílis den Chomhaontú um Tharraingt Siar é an Prótacal ar Éirinn agus Tuaisceart Éireann ("an Prótacal"). Is réiteach cuimsitheach agus comhoibríoch ó thaobh an dlí é a thugann aghaidh ar dhúshláin na Breatimeachta ar oileán na hÉireann. Beag beann ar thoradh na caibidlíochta comhpháirtíochta a bheas ann amach anseo idir an tAontas Eorpach agus an RA, beidh feidhm ag an bPrótacal ó dheireadh na hidirthréimhse. Is príomhthosaíocht d'Éirinn agus don AE é a chur chun feidhme.

Cosnaíonn an Prótacal Comhaontú Aoine an Chéasta, an comhoibriú Thuaidh-Theas agus geilleagar uile na n-oileán. Seachnaíonn sé teorainn chrua ar oileán na hÉireann, agus sláine Mhargadh Aonair an AE agus áit na hÉireann ann. Áirítear leis freisin gealltanais chun a áirithiú nach ndéanfar cearta, coimircí ná comhionannas deiseanna a laghdú, mar atá leagtha amach i gComhaontú Aoine an Chéasta, agus deimhníonn sé go leanfaidh daoine i dTuaisceart Éireann dá gcearta mar shaoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh.

Foráiltear sa Phrótacal go bhfuil Tuaisceart Éireann ina chuid de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe de réir dhlí an Aontais ach faoi réir forálacha áirithe de dhlí an AE. Is iad na forálacha sin dáiríre na forálacha is gá chun teorainn chrua ar an oileán a sheachaint agus áirítear orthu Cód Custaim an Aontais agus reachtaíocht an Aontais thar réimsí éagsúla is gá chun sláine agus oibriú an Mhargadh Aonair in earraí a chosaint. Faoin bPrótacal, beidh rochtain shaor agus oscailte ag earraí ó Thuaisceart Éireann ar Mhargadh Aonair an AE. Déanfar seiceálacha agus rialuithe riachtanacha (lena n-áirítear earraí SPS) ar earraí a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ón gcuid eile den RA agus ó thríú tíortha eile.

Leis an bPrótacal, cuirtear creat dlíthiúil ar fáil chun leanúint leis an Margadh Leictreachais Aonair ar oileán na hÉireann, agus athdhearbhaítear tiomantas an AE agus na Ríochta Aontaithe don chlár PEACE PLUS. Tá an comhoibriú eacnamaíoch agus sóisialta i ndiaidh tairbhe a dhéanamh do dhaoine ar fud an oileáin, agus thacaigh sé le forbairt geilleagair uile-oileáin a chuir feabhas ar rathúnas gach duine. Tá an geilleagar uile-oileáin tábhachtach do ghnó ar fud oileán na hÉireann agus éascaíonn sé saol agus slíte beatha go leor daoine. Foráiltear sa Phrótacal coimircí tábhachtacha ionas go gcosnófar é.

Aithnítear freisin caomhnú an Chomhlimistéar Taistil (CTA) ag Éirinn agus ag an RA. Is socrú seanbhunaithe é an CTA idir Éirinn agus an RA, a chuireann ar chumas shaoránaigh na hÉireann agus na Breataine taisteal agus cónaí i gceachtar dlínse gan srian agus foráiltear do chearta agus teidlíochtaí gaolmhara sa dá dhlínse, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht,

cúram sláinte, oideachas, sochair shóisialta agus an ceart chun vótáil i dtoghcháin áirithe. Cuirtear tuilleadh eolais ar fáil faoin gComhlímitéar Taistil i Roinn 6.2.

Tugtar aitheantas freisin go sonrath do chearta AE na nÉireannach, agus dá réir sin saoránach an AE, ó Thuaisceart Éireann sa Phrótacal. Deimhníonn sé go leanfaidh saoránaigh Éireannacha i dThuaisceart Éireann de bheith ag baint taitneamh as, ag cleachtadh agus ag rochtain na gcearta, na ndeiseanna agus na sochar" a thagann le saoránacht AE. Leanfaidh saoránaigh Éireannacha de shaoránacht AE a bheith acu cibé áit a bhfuil cónaí orthu. Leanfaidh a gcearta a bheith ag taisteal agus ag maireachtáil agus ag obair in áit ar bith san AE agus an ceart gan idirdhealú a bheith déanta ina gcoinne ar bhunús náisiúntachta. Ní gá do shaoránaigh Éireannacha aon ghníomh a dhéanamh chun a saoránacht AE a chosaint.

Áirítear sa Phrótacal forálacha chun go mbeidh comhoibriú Thuaidh-Theas in ann leanúint ar aghaidh agus forbairt a dhéanamh. Tá comhoibriú Thuaidh-Theas mar chuid lárnach de Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus tá sé riachtanach athmhuintearas a bhaint amach ar oileán na hÉireann. Leanfaimid orainn ag comhoibriú go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil sna réimsí atá tábhachtach dár muintir, dár ngnólachtaí agus dár gcomhshaol, agus déanfar é sin freisin trí struchtúir na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT).

I ndiaidh chruinniú iomlánach an CNSM an 31 Iúil 2020, a bhí ar siúl i ndiaidh bearna de níos mó ná trí bliana, beidh atosú iomlán ar chruinnithe Earnála CATT ar leibhéal na nAirí ar siúl anois. Cuirfidh na cruinnithe seo an bealach ar fáil chun rannpháirtíocht Thuaidh-Theas maidir le Breatimeacht agus ábhair eile a thabhairt chun cinn, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na ngealltanais a thug Rialtas na hÉireann sna Deich mBliana Nua, comhaontú Cur Chuige Nua, a chuideoidh le bonneagar a sheachadadh chun nascacht níos fearr thuaidh-theas a bhaint amach, agus a chinntiú go gcoinnítear an móiminteam ar chomhoibriú Thuaidh-Theas i ngach earnáil.

Is ríthábhachtach go gcuirfeadh an Prótacal chun feidhme go hiomlán ionas go mbainfeadh amach a chuspóirí. Tugann an Rialtas dá aire go dtí seo agus tá sí ag tnúth leis an RA dlús a chur leis an dul chun cinn maidir leis an bPrótacal a chur chun feidhme, agus le dian-rannpháirtíocht theicniúil leanúnach idir an RA agus an Coimisiún Eorpach maidir leis na príomh-shaincheistanna.

Ón tús, tá cur chuige na hÉireann treoraithe ag an bprionsabal maidir le socrú a fháil a oibríonn do Thuaisceart Éireann, agus don oileán ina iomláine. Baineann an Prótacal é sin amach.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Dul i dteagmháil go gníomhach leis an Aontas agus leis an RA maidir le cur chun feidhme Phrótacal 1 ó Eanáir 2021.

- Leanúint dá rannpháirtíocht, mar chuid de thoscaireacht an Aontais, i gcruinnithe den Chomhchoiste a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.
- Leanúint dá rannpháirtíocht, mar chuid de thoscaireacht an AE, i gcruinnithe an Choiste Speisialaithe, a bunaíodh chun maoirseacht mhionsonraithe a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phrótacail agus dréacht-chinntí agus moltaí a tharraingt suas le haghaidh a bhfaofa ag an gComhchoiste.
- Dul i dteagmháil leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus leis na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh-Theas maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Phrótacail (dá bhforáiltear in Airteagal 14 den Phrótacal).

6.2. Comhlimistéar Taistil

Is socrú seanbhunaithe é an Comhlimistéar Taistil (CTA) idir an RA agus Éire, rud a chiallaíonn gur féidir le saoránaigh na hÉireann bogadh faoi shaoirse chun cónaí, obair agus staidéar a dhéanamh sa RA ar an mbonn céanna le saoránaigh na Breataine, agus vice versa. Tá cearta agus teidlíochtaí gaolmhara ag saoránaigh na hÉireann agus na Breataine freisin, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht, cúram sláinte, oideachas, sochair shóisialta, agus an ceart chun vótáil i dtoghcháin áirithe.

Coinneofar an CTA i ngach cás. Aithníodh é ar fud na hidirbheartaíochta AE-RA agus déantar tagairt dó sa Phrótacal ar Éirinn / Tuaisceart Éireann, ina n-nótáiltear go bhféadfadh Éire agus an RA "leanúint de shocruithe a dhéanamh eatarthu féin a bhaineann le gluaiseacht daoine idir a gcríocha".

Tá obair fhairsing déanta cheana féin ag an Rialtas, in éineacht le Rialtas na Ríochta Aontaithe, chun socruithe CTA a choinneáil chomh fada agus is féidir do shaoránaigh uile na hÉireann nó na Ríochta Aontaithe. Leanfar leis an obair sin, lena n-áirítear trí fhoráil reachtach nuair is gá. Tá struchtúir i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an CTA agus chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a thagann chun cinn.

Ní gá do shaoránaigh Éireannacha sa RA ná do shaoránaigh na Breataine in Éirinn aon ghníomh a dhéanamh chun a stádas a chosaint, ná na cearta a bhaineann leis an CTA. Ní gá do shaoránaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu san RA clárú ná aon ghníomh a dhéanamh faoi [scéim Stádais Shocraithe](#) Rialtas na Ríochta Aontaithe. Leanfaidh a seilbh ar aghaidh ar a gcearta CTA, nach bhfuil ag brath ar bhallraíocht san Aontas Eorpach. Mar shaoránaigh de chuid an Aontais, áfach, féadfaidh saoránaigh Éireannacha iarratas a dhéanamh ar an scéim, más mian leo. A dhála sin, ní bheidh ar shaoránaigh na Breataine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn iarratas a dhéanamh ar dhoiciméad buanchónaithe ó Rialtas na hÉireann, cé go bhféadfaidh siad rogha a dhéanamh é sin a dhéanamh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar leathanach CCnna láithreán gréasáin an Rialtais [Éire a Ullmhú do Breatimeacht](#).

I mí na Bealtaine 2019, shínigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe Meabhrán Tuisceana (MT) ina ndeimhnítear tiomantas an dá Rialtas do chaomhnú an CTA i ngach cás. Tá sé seo tábhachtach do na bealaí ina maireann daoine ar oileán na hÉireann, agus ar fud na hÉireann agus na Breataine Móire araon. In 2019, shínigh an dá Rialtas Coinbhinsiún um Shláindáil Shóisialta chun na socruithe reatha a choinneáil. Meastar go gcuirfead MTnna i gcrích i réimsí na sláinte agus an oideachais roimh dheireadh na hidirthréimhse.

Tá aghaidh á tabhairt ar bhonn leanúnach ar rochtain shaoránaigh na hÉireann agus an Aontais sa Tuaisceart ar chlár áirithe de chuid an AE i gcomhthéacs an phlé idir an tAontas Eorpach agus an RA ar an gcomhpháirtíocht amach anseo. Ar an gcaoi chéanna, leantar den phlé ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla agus tá tuilleadh sonraí faoin tsaincheist sin leagtha amach in Alt 4.4 den doiciméad seo.

Aithníonn an Rialtas go hiomlán an tábhacht a bhaineann le clár amhail na Cártaí Eorpacha um Árachas Sláinte (EHIC) agus Erasmus+ do shaoránaigh Éireannacha, agus dá bhrí sin do shaoránaigh an AE, i dTuaisceart Éireann.

Tá ullmhúcháin ag leanúint ar aghaidh le scéim a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar aon chaillteanas rochtana ar Chártaí EHIC ag cónaitheoirí Thuaisceart Éireann. Ligfidh an scéim seo do chónaitheoirí incháilithe Thuaisceart Éireann aisíocaíocht a lorg ar chostas an chúram sláinte riachtanaigh agus iad ar shaoire shealadach i mBallstát eile de chuid an AE / LEE nó san Eilvéis, dá mbeadh gá leis ón 1 Eanáir 2021.

Tabharfaidh an Rialtas scéim isteach freisin chun rannpháirtíocht leanúnach in Erasmus+ a cheadú do mhic léinn incháilithe institiúidí ardoideachais i dTuaisceart Éireann, ar bhonn clárúchán sealadach in institiúidí ardoideachais na hÉireann.

Tacóidh Bille Omnibus Breatimeacht 2020 le comhar feabhsaithe idir Éirinn agus an RA ar bhonn Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar, lena n-áirítear i réimsí amhail rochtain ar chúram sláinte, tacaíochtaí ardoideachais, árachas sóisialta agus scéimeanna cúram leanaí. Cuirfidh forálacha an Bhille freisin ar bhealach dearfach le dlúthchomhar leanúnach idir Éirinn agus an RA a chur ar aghaidh i réimsí an eiseachadta agus na hinimirce.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh ag obair lena gcomhghleacaithe sa RA chun a chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun cearta agus pribhléidí a bhaineann leis an CTA a éascú.
- Scéim a thabhairt isteach chun socruithe coibhéiseacha EHIC a sholáthar do chónaitheoirí incháilithe Thuaisceart Éireann.
- Rannpháirtíocht leanúnach in Erasmus+ a chinntiú do mhic léinn incháilithe institiúidí ardoideachais i dTuaisceart Éireann.

6.3. Caidreamh Thoir-Thiar

Is oth le hÉirinn cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas a fhágáil, cé go bhfuil meas againn air. Cé nach mbuailfidimid le chéile a thuilleadh sa Bhruiséil, beidh an gaol idir Éirinn agus an RA ríthábhachtach i gcónaí idir dlúthchomharsana, comhpháirtithe trádála, agus comhráthóirí Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Cinntíonn ár dtrádáil dhéthaobhach leis an mBreatain, ar fiú breis agus €1 bhilliún in aghaidh na seachtaine í, chomh maith lenár naisc shuntasacha duine le duine, go bhfanfaidh dlúthchomhar ar mhaithe lenár saoránaigh faoi seach i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse.

Táimid tiomanta do bhealaí nua a aimsiú chun dul i bpairt lenár gcomhghleacaithe sa RA ag leibhéal pholaitiúla, chomh maith le leibhéal oifigiúla. D'aontaigh an Taoiseach agus an Príomh-Aire Johnson ag an gcruinniú a bhí acu i mBéal Feirste an 13 Lúnasa, ar an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh déthaobhach a chothú agus a fhorbairt ar bhealach struchtúrtha, mar thasc práinneach.

Tá creat nua á phlé againn do chruinnithe rialta ag Cinn Rialtais, Aireachta, chomh maith le leibhéal oifigiúla shinsearacha. Ba chuid thábhachtach d'aon chreat nua é go gcuirfí le ról na n-institiúidí luachmhara a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta a éascaíonn comhoibriú struchtúrtha Thoir-Thiar cheana féin: mar atá Comhairle na Breataine-na hÉireann agus Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann. Cabhróidh obair trí na hinstitiúidí seo, chomh maith le rannpháirtíochtaí déthaobhacha rialta idir Rialtais na hÉireann agus na Breataine ar fud na n-earnálacha go léir, lena chinntiú go gcosnaítear ár leasanna agus go gcuirtear iad chun cinn.

Déanfaimid athbhreithniú straitéiseach ar chaidreamh na Breataine-na hÉireann in 2020 / 21. Is é seo an chéad athbhreithniú den sórt sin ar an gcaidreamh ríthábhachtach seo. Féachfaidh sé lena fháil amach conas is fearr is féidir linn dul in oiriúint don chomhthéacs nua seo ina bhfuil an RA lasmuigh den Aontas agus muid ag croílár an Aontais. Is deis mhaith é tosaíochtaí nua a leagan síos, agus uailmhian nua a léiriú don chaidreamh.

Tá feidhmiú leanúnach an Chomhlimistéir Taistil, agus cosaint na gceart cómhalmartach i gcosaint shóisialta, oideachas agus cúram sláinte, ríthábhachtach, ar ndóigh, chun tacú leis an sainchaidreamh dlúth seo.

Ar ndóigh, tá cúrsaí caidrimh Thoir-Thiar níos leithne ná iad siúd idir Baile Átha Cliath agus Londain amháin. Tá an Rialtas tiomanta dár gcaidreamh leis na riaracháin chineachta in Albain agus sa Bhreatain Bheag a neartú. Aithnímid freisin an gá atá lenár rannpháirtíocht a dhóimhniú ar leibhéal réigiúnach. Chuige sin, tá gealltanús tugtha ag an Rialtas Consalacht nua a oscailt i dTuaisceart Shasana a chlúdóidh mórionaid daonra amhail Leeds, Learpholl,

Manchain, Newcastle agus Sheffield. Bheadh sé seo ag teacht go forleathan leis an gceantar ar a dtugtar 'Foinse Fuinnimh an Tuaiscirt', ceantar ina bhfuil daonra de thart ar 15 mhilliún duine agus dlúthnaisc stairiúla agus reatha le hÉirinn agus lenár ndiaspóra.

Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Oibriú chun caidrimh nua, chomhoibríocha agus thairbheacha a thógáil le Rialtas na Breataine, trí chreataí rannpháirtíochta reatha agus nua.
- Athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar chaidreamh na Breataine-na hÉireann in 2020 / 21.
- Caidrimh níos doimhne le Rialtais na hAlban agus na Breataine Bige, agus Consalacht nua a oscailt i dTuaisceart Shasana.
- Páirt iomlán a ghlacadh i gcruinnithe chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine, agus cruinnithe mullaigh leathbhliantúla Chomhairle na Breataine-na hÉireann, chun leasanna na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn, agus chun comhoibriú a dhóimhniú ar fud na n-oileán seo.

Giorrúcháin

| | |
|--------|---|
| BCP | Post Rialaithe Teorann |
| CBI | Banc Ceannais na hÉireann |
| CCPC | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosanta Tomhaltóirí |
| CRU | An Coimisiún um Rialáil Fóntais |
| CTA | Comhlimistéar Taistil |
| CTC | Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach |
| DAFM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| DBEI | An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta |
| DCCAIE | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaol |
| DEASP | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| DES | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DFAT | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |
| DHPLG | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| DPC | An Coimisinéir um Chosaint Sonraí |

| | |
|-------|--|
| DTTAS | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| EASA | Gníomhaireacht Sábháilteacht Eitlíochta na hEorpa |
| LEE | Limistéar Eacnamaíochta na hEorpa |
| EEZ | Limistéar Eisiach Eacnamaíochta |
| EHIC | Cárta Árachais Sláinte Eorpach |
| EHS | Seirbhís Sláinte Comhshaoil |
| EI | Fiontar Éireann |
| EIF | Ciste Infheistíochta na hEorpa |
| EORI | Clárúchán agus Aitheantas mar Oibreoir Eacnamaíoch |
| EPA | Gníomhaireacht Costanta Comhshaoil |
| ESRI | An Institiúid Taighde Sóisialta agus Eacnamaíochta |
| EVR | Aisíoc CBL Eorpach |
| FGLS | Scéim Deontais le haghaidh Fáis sa Todhchaí |
| FSAI | Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann |
| FTA | Comhaontú Saor-Thrádála |
| GDP | Olltáirge Intíre |
| GDPR | Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí |
| GGB | Comhardadh Ginearálta Rialtais |
| GVMS | Seirbhís Ghluaiseachta Feithiclí Earraí |
| HGV | Feithicil Earraí Troma |
| HPRA | Údarás Rialacháin Táirgí Sláinte |
| HAS | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| HSE | Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte |
| IMDO | Oifig Forbartha Muiríne na hÉireann |
| ISPM | Caighdeán Idirnáisiúnta um Bheartais Fiteashláintíochta |
| IUU | Rialuithe ar lascaigh neamhdhlithiúla gan rialáil gan tuairisc |
| LEOs | Oifigí Fiontraíochta Áitiúla |
| MIBI | Biúró Árachóirí Mótair na hÉireann |
| MOU | Meamram Tuisceana |
| NANDO | Eagraíochtaí Sannta dá dtugtar Fógra faoin gCur Chuige Nua |
| NATS | Seirbhísí Aerthráchta Náisiúnta |
| NBCO | Oifig Náisiúnta Rialála Foirgníochta |
| NDLS | An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána |
| NEMO | Oibreoir Ainmnithe Margaidh Leictreachais |
| NSAI | Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann |
| NSMC | An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas |
| NTMA | Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta |
| OCR | Rialachán Rialuithe Oifigúil |
| O&C | Úinéireacht agus Rialú |
| PBN | Fógra Réamh-Bhordála |

| | |
|--------|---|
| QC | Rialú Cáilíochta |
| R&D | Taighde agus Forbairt |
| RóRó | Rolladh ann, Rolladh as |
| SBCI | Comhlacht Baincéireachta Straitéisí na hÉireann |
| SCC | Clásal Conarthach Caighdeánach |
| SEAI | Údarás Fuinnimh In-Athnuaite na hÉireann |
| SEM | Margadh Aonair Leictreachais |
| SPS | Sláintíocht agus Fiteashláintíocht |
| SME | Gnóthas Beag agus Meán-Mhéide |
| TPOE | Pointe Iontrála Teastalaí |
| TRACES | Córas Rialaithe Trádála agus Onnmhairithe |
| TPR | Córas Ceada Shealadaigh |
| CBL | Cáin Bhreisluacha |
| VMP | Táirgí Cógais Tréidliachta |
| WTO | An Eagraíocht Dhomhanda Trádála |



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

